## An tSaltair a léaṁ.

Léiṗear an tSaltair mar atá ceapṫa anseo. Na míosa a mbíonn aon lá déag agus fiċe ionntu, léiṗear, lá deiriḋ na míosa, na Sailm ċéanna atá ceapṫa don lá roiṁe. Agus i ndeireaḋ gaċ Sailm agus i ndeireaḋ gaċ míre de Ṡalm céad agus a naoi déag, abairtear an tiomann seo,

> Glóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;
> Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go
> bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

Tabair faoid aire go leanann an tSaltair de Roinnt na nEabraċ, agus sa ċuid is mó di d'aistriúċán an Bhíobla Ṁóir Ḃéarla a cuireaḋ amaċ agus a ḃí in úsáid in aimsir an Oċtú Anraí agus an Séú Éamainn.

Ar ócáidí a ṁolfar ag an Ordaiṫeoir, féadfar Sailm eile a úsáid in áit na Salm atá ceapṫa sa tSaltair, aċ cead a ḟáil uaiḋ.



# An tSaltair,

nó

# Sailm Ḋáiḃí,

Arna bpointeáil mar a ċanfar nó mar a léiṗear iad sna teampaill.

## Lá 1.

### Urnaí na Maidine

Salm 1. Beatus vir, qui non abiit.

1S Beannaiṫe an fear nár ṡiúil ar ċomairle
luċt an oilc, agus nár ṡeas i / slí na /
bpeacaċ: nár ṡuiġ i / gcaṫaoir ' na / dtarcais-/
neoirí.
2 Aċ is é dlí an / Tiar'na a / aoiḃneas:
agus beiḋ sé ag meaḃrú ar a / ḋlí / lá '
agus / oíċe.
3 Agus beiḋ sé mar ċrann atá curṫa ar /
ḃruaċ an / uisce: a / ṫabar'faiḋ a / toraḋ go /
traṫúil.
4 Ní / ċríonfaiḋ ' a / ḋuilleog: agus féaċ,
níl ní dá ndéanfaiḋ sé / naċ mbeiḋ / raṫ / air.
5 Aċ i dtaoḃ luċt an oilc, ní / hamlaiḋ /
dóiḃ: bíonn siadsan mar an gcáiṫ, a ḃíonn
á scaipeaḋ ag an / ngaoṫ de / ḋroim an /
talaiṁ.
6 Dá ḃrí sin ní ḟéadfaiḋ luċt an oilc /
seasaṁ ' sa ḃreiṫ/iúnas: ná na / peacaiġ '
i / gcoṁṫion'ól na / bfíréan.
7 Aċ is aiṫnid don Tiarna / slí na / bfíréan:
agus raċaiḋ a slí a/mú ar / luċt an / oilc.

Salm 2. Quare fremuerunt gentes?

Cad ċuige a ḃfuil an fraoċ nime seo ar na náisiúin i / gcuideaċ'ta a / ċéile: cad ċuige a ḃfuil na / cinío'ċa ag / beartú / baoise?

2 Éiríonn ríṫe an talaiṁ, agus cuireann na taoisiġ a / gcoṁairle ' le / ċéile: in aġaiḋ an Tiarna agus in aġaiḋ a ungṫaiġ, / agus / iad á / rá,

3 Brisimis a / ngeiṁle ' ó / ċéile: agus / caiṫi'mis a / gcuibrea'ċa / uainn.

4 Déanfaiḋ an té a ṡuíos ar neaṁ gáire / magúil / fúṫu: beiḋ an / Tiar'na ag / fonóiḋ / fúṫu.

5 Labróiḋ sé leo ansin agus / fíoċ / air: buairfiḋ sé iad agus / é faoi / ṁór/ḟearg.

6 Oirníoḋ / rí liom / féin: ar mo ṡliaḃ / nao'fa, ar / ṡliaḃ / Sióin.

7 Fógróiḋ / mé an / aiṫne: is é dúirt an Tiarna liom, is Tú mo ṁac, in/niu a / ġin mé / tú.

8 Iarr orm, agus tabarfaiḋ mé na náisiúin mar / oiḋreaċt / duit: agus crioċa ciana an / talaiṁ / duit mar / ṡeilḃ.

9 Brúfaiḋ tú iad le / slat / iarainn: brisfiḋ tú i mbloġanna / iad mar / ṡoiṫeaċ / cré.

10 Bíoḋ ciall agaiḃ mar / sin, a / ríṫe: bíoḋ coṁairle oraiḃ, a ḃfuil in ḃur / mbreiṫiúna / ar an / talaṁ.



11 Déanaiġí seirbís don / Tiarna ' le / heagla: bíoḋ lúċáir / oraiḃ ' le / hurraim / roiṁe.

12 Pógaiġí an mac, ar eagla go mbeaḋ fearg air, agus go raċaḋ sib ón slí ċeart agus ċun scriosa, má lastar a / ḟearg dá / laġaḋ: is beannaiṫe an dream a / ċuireas ' a / ndóċas / ann.

Salm 3. Domine, quid multiplicati?

A Ṫiarna, conas a méadaíoḋ / luċt mo / ḃuarṫa: is iomaí duine ag / éirí a/maċ im / éadan.

2 Is iomaí duine á rá i / dtaoḃ / m'anma: ní cabair ar / biṫ / dó a / Ḋia.

3 Aċ is tusa, a / Ṫiarna, mo / ċosantóir: is tú a ṫuilleas clú dom / agus ' a / tógas ' mo / ċeann.

4 Ġlaoiġ mé ar an / Tiar'na os / ard: agus ċuala sé mé amaċ / as a / ṡliaḃ / naofa.

5 Ċuaiġ mé a ċodlaḋ, agus / d'éiriġ ' mé a/rís: óir dob / é an / Tiar'na a / ċoṫaiġ mé.

6 Ní eagal liom deiċ míle / de na / daoine: agus iad dom / ionsaí / ó gaċ / taoḃ.

7 Éiriġ, a Ṫiarna, cuidíoḋ mo / Ḋia / liom: ó ḃuaileann tú mo naiṁde uile ar ċnáṁ an ġéill; tá fiacla luċt an / oilc / briste / agat.

8 Is leis an / Tiar'na an / slánú: agus bíonn do / ḃeannaċt / ar do / ṁuintir.

Salm 4. Cum invocarem.

ÉIST le mo ġlaoċ, a / Ḋia m'ḟír/éantaċta:
is tú a d'ḟuascail mé as mo ḃuaireaṁ; glac
trócaire dom, agus / taḃair / cluas dom /
urnaí.

2 A ċlann na ndaoine, cá fad a gcuirfiḋ
siḃ droċ-/ċlú ar / m'onóir: cá fad a ḃeiḋ an
dúil sin agaiḃ sa ḃaoṫántaċt, agus a /
raċaiḋ ' siḃ i / ndiaiḋ na / mbréag?
3 Agus bíoḋ a fios agaiḃ, gur ṫog an
Tiarna dó féin an / duine a'tá / diaganta:
nuair a ġlaoim ar an / Tiarna / taḃarfaiḋ '
sé / cluas dom.
4 Ná ligeaḋ an eagla daoiḃ / peaca ' a /
déanaṁ: labraiġi le ḃur gcroí, agus in
ḃur seomra, / agus ' bíoḋ / suaiṁneas / oraiḃ.
5 Toirḃriġi / íobairt ' na fír/éantaċta:
agus bíoḋ / muinín ' agaiḃ / as an / Tiarna.

6 Is iomaí / duine ' á / rá: cé a ṫais- /
peánfaiḋ / dúinn an / séan?
*7 Aċ tóg / tu'sa, a / Ṫiarna, / solas 'do /
ġnúise / orainn.
8 Is mó an lúċáir a ċuir tú / ar mo / ċroí:
ná an lúċáir a bíos ar daoine, in am méadaiṫe
an a/ráin / agus ' an / fíona.
9 Luifiḋ mé síos i síoċáin, agus cuirfead
mo / ṫuirse / díom: óir is tú aṁáin, a Ṫiarna,
a / ċumdaíos ' mo / ḃea'ta ó / ḃaol.

*Le canaḋ gan sos láir.



Salm 5. Verba mea auribus.

MEÁIĠ mo / ḃriaṫ'ra, a / Ṫiarna: taḃair /
aire / do mo / ṁaċnaṁ.
2 Éisteaḋ mo Rí agus mo Ḋia le / fuaim
mo / scairte: óir is / ċugat ' a / ḃeaḋ ag /
guí.
3 Ḃeiḋ mo ġlór á ċluinstin agat go /
luaṫ, a / Ṫiarna: ar moċ maidine cuirfiḋ
mé m'urnaí / ċugat, ' ag / aṁarc / suas.
4 Óir ní Ḋia tú a mbíonn / dúil ag'at in /
urċóid: ní ċó/nóiḋ ' aon / olc i do / ṫeaċ.
5 Ní ṡeasfaiḋ an drong aṁaideaċ os /
coinne ' do / ṡúl: óir is fuaṫ leat luċt /
cleaċtai'te an / dío/ṁaointis.
6 Scriosfaiḋ tú luċt / labar'ta na / mbréag:
beiḋ gráin ag an Tiarna ar an duine fuilteaċ
agus ar an / duine / feallṫaċ ' a/raon.
7 Aċ tiocfaiḋ mise isteaċ i do ṫeaċ, ag
dul i muinín / méid do / ṫrócaire: is faoi
d'eagla a ḃeiḋ mé ag adraḋ i / dtreo do /
ṫeampaill / naofa.

8 Treoraiġ mé, a Ṫiarna, id ḟíréantaċt,
de / ḃrí mo / naiṁde: réi/tiġ do / ḃealaċ'sa /
romaṁ.
9 Óir níl a / mbéal ion/taofa: is í an
éagóir / féin a / gcroí is/tiġ.
10 Is uaiġ oscailte a / gcraos / siúd:
bíonn a / dteang'a ag / cur / cluana.
11 Taḃair breiṫ ortu, a Ṫiarna; tugaḋ a
mbearta / féin a / mbás: caiṫ aṁaċ iad in
ionad a gcoireanna; óir is / ort ' a d'éir- /
íodar ' i / dtréas.

12 Agus bíoḋ lúċáir ar an dream uile a
ċuireas a / muinín / ionat: beiḋ siad ag
tabairt buíoċais de ṡíor, de ḃrí go mbíonn
tú á gcosaint; beiḋ tú mar ċúis áṫais ag /
luċt / gráite / d'Ainm;
13 Óir tabarfaiḋ tú, a Ṫiarna, do / ḃeannaċt'
don / ḟíréan: agus beiḋ do ċarṫanaċt
ċineálta mar / sciaṫ / cosan'ta / aige.

Lá 1.

## URNAÍ NA NÓNA

Salm 6. Domine, ne in furore.

A Ṫiarna, ná tabair aċasán dom agus /
fearg / ort: agus ná cuir smaċt orm
agus / tú i / ḃfioċ / liom.
2 Bíoḋ trócaire agat orm, a Ṫiarna, ó /
táim / cloíte: a Ṫiarna, slánaiġ mé, ó / tá
mo / ċnáṁa / coscarta.
3 Agus tá mór/ḃuaireaṁ ' ar / m'anam:
aċ, a Ṫiarna, cá fad a / ḃeiḋ / tú do mo /
ṗianaḋ?
4 Fill, a Ṫiarna, agus / fuascail / m'anam:
saor / mé ar / son do / ṫrócaire.
5 Óir sa ḃás ní ċuiṁníonn / aon duine /
ort: agus cé a ṫabarfaiḋ / buíoċas / duit
sa / ṗoll?
6 Táim / tuirseaċ ' ag / osnail: ním mo
leaba gaċ oíċe, agus / fliuċaim / m'iomaí '
le mo / ḋeora.
7 D'imiġ mo ṁaise uaim le / tréan-/
ḃuaireaṁ: críonaḋ í de / ḃarr mo / naiṁde /
uile.



8 Imiġ uaim, a luċt déanta an / dío-/
ṁaointis: óir ċuala an / Tiarna / fuaim mo /
ċaointe.
9 Ċuala an / Tiarna m'aċain/íoċa: glacfaiḋ
an / Tiarna / le mo / ġuí.
10 Cuirfear náire agus mórḃuaireaṁ ar
mo / naiṁde / uile: cuirfear ar gcúl iad,
agus cuirfear / náire / orṫu ' go / tobann.

Salm 7. Domine, Deus meus.

A Ṫiarna mo Ḋia, is ionat a / ċuir mé '
mo / ḋóċas: saor mé ó luċt uile mo
ġéarleanúna, / agus / fuascail / mé;
2 Sula slogaḋ sé m'anam, mar leon,
agus go stróiceaḋ sé ó / ċéile / í: agus gan /
ċún/tóir le / fáil.
3 A Ṫiarna mo Ḋia, má / rinne ' mé /
amlaiḋ: nó má / tá aon / ċoir ' ar mo / láṁa;
4 Má ṫug mé an t-olc in aġaiḋ na maiṫeasa
don té a ḃí / cairdiúil / liom: (nár ḟuascail
mé an té a ḃí ina / naṁaid / dom gan / ċúis?)
5 Cuireaḋ mo naṁaid ansin géarleanúint
ar m'anam, agus / beireaḋ ' sé / orm: agus
satlaíoḋ sé mo ḃeaṫa sa talaṁ, agus / leagaḋ '
sé mo / ċlú sa / luaiṫ.
6 Éiriġ suas, a Ṫiarna, id fearg, bí dod
arḋú féin, ó tá fearg / ar mo / naiṁde: seas
ar mo ṡon sa ḃreiṫ/iúnas ' a / d'orduiġ / tú.
7 Agus is amlaiḋ ṫiocfaiḋ comṫionól na /
gciníoċa ' i do / ṫimpeall: agus bí ag éirí /
os a / ċionn a/rís.
8 Tabarfaiḋ an Tiarna breiṫiúnas ar na
ciníoċa; tabair saorḃreiṫ / orm, a / Ṫiarna:

de réir m'ḟíréantaċta, agus de réir na
neaṁ/ċiontaċt'a a/tá / ionam.
9 Tigeaḋ urċóid luċt an / oilc ċun / deiriḋ:
aċ / treoraiġ / tusa na / fíréin.
10 Óir bíonn an / Dia fír/éanta: ag
promaḋ na / gcroiṫe / agus ' na / n-árann.
11 Is ó Ḋia a ṫagann an / cúnaṁ / ċugam:
is é a ċosnaíos / luċt an / ċroí / fír.

12 Is breiṫeaṁ fíréanta Dia, agus é /
láidir, / foiġneaċ: agus cuirtear / caṫú ' ar /
Dia gaċ / lá.
13 Mura n-aṫraíonn duine a ċúrsa, cuirfiḋ
sé / faobar ' ar a / ċlaíoṁ: tá a ḃoga lúbṫa /
aige, / agus / réiḋ.
14 Tá airm ṁarfaċa / ullaṁ / aige: tá
saiġeada i ndán aige do / luċt na / géarlean-/
úna.
15 Féaċ, tá sé ag / iompar / mioscaise:
gaḃ sé crá ina ḃroinn, agus / ruġ / sé an /
urċóid.
16 Toċail sé agus / d'oscail ' sé / poll:
agus ṫit sé féin san ár a / ċum ' sé do /
duine / eile.
17 Óir ḃain sé slat a / sciúrṫa / féin:
agus fillfiḋ a / feall ' ar a / ḃaiṫis / féin.
18 Taḃarfaiḋ mé buíoċas don Tiarna, ar
son a / fír/éantaċta: agus molfaiḋ mé
ainm an Tiarna, / ainm an / Té is / airde.

Salm 8. Domine, Dominus noster.

A / Tiarna ' ár / Rialtóir: is oirirc /
d'ainm ar / fuaid na / cruinne!
2 Is tú a d'árdaiġ do ġlóir os / cionn /



neiṁe: as béal na naíonán agus na leanḃ
ciċe / d'ordaiġ / tú / neart,
3 De / ḃarr do / naiṁde: go gcuirfeá tost
ar an té a mbíonn an naiṁdeas agus rún an /
díoltais / ina / ċroí.

4 Nuair a ḃreaṫnaím do spéarṫa, a /
ṡaoṫraiġ ' do / ṁéara: an ġealaċ agus na /
réalta a / ċruṫaiġ / tú;
5 Cad is duine ann, gur / cuiṁneaċ leat /
é: agus mac an / duine, go / dtiocfá / ċuige?
6 D'fág tú níos ísle ná na / haingil / é:
go gcuirfeá barr / glóire ' agus / gradam /
air.
7 Ċuir tú i gceannas / oibreaċa ' do / láṁ é:
agus níl ní nár / ċuir tú / faoina / ċosa;
8 Na caoiriġ uile / agus ' an / t-eallaċ:
agus / beiṫ/íġ an / ṁaċaire;
9 Éanlaiṫ an aeir, agus / éisc na / farraige:
agus a / siúlann / cosáin ' na / mara.
10 A / Ṫiarna ' ár / Rialtóir: is oirirc /
d'ainm ar / fuaid na / cruinne!

Lá 2.

## Urnaí na Maidine.

Salm 9. Confitebor tibi.

Taḃarfaiḋ mé buíoċas leat, a Ṫiarna, ó mo /
ċroí go / hiomlán: laḃróiḋ / mé ar /
d'oibrea'ċa / iontaċa.
2 Beiḋ tú mar ċúis áṫais agus / lú'ċáire /
agam: seinnfiḋ mé clú d'ainm, ós / tú
an / Té is / airde.

3 Nuair a ċuirtear mo / naim'de ar / gcúl:
titfiḋ siad agus / scriosfar / iad i do / láṫair.
4 Óir pléiġ tú mo ċeart / agus ' mo / ċúis:
ṡuiġ tú sa ríca/ṫaoir i do / ḃreiṫeaṁ ' fír-/
éanta.
5 Ḃagair tú ar na págánaiġ, agus scrios
tú / luċt an / oilc: scrios tú amaċ a / n-ainm
go / saol na / saol.
6 Ṫáiniġ an naṁaid ċun deiriḋ; táid /
scriosta ' go / deo: agus na caṫraċa a scrios
tú, ċuaiġ siadsan / agus ' a / gcuiṁne / as.
7 Aċ mairfiḋ an Tiarna go / saol na /
saol: agus tá a ríċaṫaoir réiḋ aige le /
haġaiḋ / breiṫ/iúnais.
8 Óir tabarfaiḋ sé breiṫiúnas ar an / doṁan
go / fíréanta: agus tabarfaiḋ sé a gceart
do na / daoine ' de / réir na / fírinne.
9 Agus beiḋ an Tiarna mar ċrann cosanta
ag a / ḃfuil faoi / ḋaorsmaċt: agus mar ḋídean
an / tráṫ a / ṫagann an / buaireaṁ.
10 Agus cuirfiḋ an dream a ḃfuil aiṫne
acu ar d'Ainm a / muinín / ionat: óir níor
ṫeip tú riaṁ, a Ṫiarna, ar an / dream / ḃíos
dod / iarraiḋ.

11 Molaigí an Tiarna arb é / Síón a /
ċónaí: taispeánaigí a / ġníoṁar'ta / do na /
daoine.
12 Óir is cuiṁin leis iad nuair a ḃíos
sé ag / agairt / fola: ní hé a / ḋearmad /
casaoid ' na / mboċt.
13 Déan trócaire orm, a Ṫiarna; breaṫnaiġ
mo ḃuaireaṁ ó / luċt / m'ḟuaṫa: tusa a ṫógas /
mé ó / ḋoir'se an / ḃáis.



14 Go ḃfoilsí mé do ṁolaḋ uile idir
geataí in/íne / Ṡíóin: beiḋ do ṡlánú mar /
áḃar / áṫais / agam.
15 Ṫit na págánaiġ sa / poll a / rinne-
adar: ceapaḋ a gcos sa líon a / d'ḟolaiġ /
siad os / íseal.
16 Tá a ḟios ag an saol go gcuireann an
Tiarna an breiṫ/iúnas ' i / ḃfeiḋm: ceaptar
an droċḋuine le / saoṫar ' a / láṁ / féin.
17 Scaoilfear luċt an / oilc ċun / báis:
agus an dream a ḋéanas / dearm/ad ar / Ḋia.
18 Óir ní i gcónaí a ḋéanfar / dearmad '
den / ḃoċtán: ní go síoraí a ḃeiḋ an duine
ceansa ag / fanaċt ' go / foiġneaċ ' in / aisce.
19 Éiriġ, a Ṫiarna, agus ná liġ an / bua
leis an / duine: tugtar breiṫ ar na / págán-/
aiġ i do / láṫair.
20 Cuir uaṁan / orṫu, a / Ṫiarna: go mbí
a ḟios ag na págánaiġ / naċ ḃfuil / ion'tu
aċ / daoine.

## Salm 10. Ut quid, Domine ?

CAD ĊUIGE a seasann tú i ḃfad / uainn, a /
Ṫiarna: cad ċuige a gceileann tú do ġnúis
in am an / riaċtan'ais / agus ' an / ḃuarṫa?
2 Cuireann luċt an oilc géarleanúint ar na
boċta / mar is / mian leo: ceaptar iad sa /
ḃfeall/ḃeart a / ċumadar.
3 Óir ċuaiġ an droċḋuine ag maíoṁ as /
mian a / ċroí: agus molann sé an duine
santaċ, a mbíonn / fuaṫ ag / Dia / air.
4 Bíonn an droċḋuine ċoṁ huaibreaċ sin,
naċ mbíonn aird / aige 'ar / Ḋia: níl aon
smaoineaṁ ar / Ḋia / ina / ċeann.

5 Is nimneaċ de / ṡíor a / ṡlite: bíonn
do ḃreiṫiúnas i ḃfad as amarc os a ċionn,
agus dá ḃrí sin cuireann sé / dú/ṡlán a / naimde.
6 Óir dúirt sé ina intinn féin, Is cuma
liom, ní ċuirfear de mo / ċosa ' mé / ċoiċe:
ní ḃeiḋ / caill ar / biṫ / orm.
7 Bíonn a béal lán de ṁallaċtaí, de ḃréaga
agus de / ṁeall/tóireaċt: bíonn an éagráifeaċt
agus an dío/ṁaointeas / faoina / ṫeanga.
8 Suíonn sé i ḃfolaċ mar ġadaí i / gcúil
na / sráideanna: agus dúnṁaraíonn an neaṁ-
ċiontaċ os íseal ina ċró folaiṫe; bíonn sé
ag faire na / faille / ar an / mboċtán.
9 Óir fanann sé i luíoċán, fanann sé faoi
ċeilt mar / leon ' ina / uaiṁ: go / gcreaċa '
sé an / duine / boċt.
10 Cuireann sé an ċreaċ ar an / duine /
boċt: nuair a / ġabann ' sé ina / líon / é.
11 Caiteann sé é féin síos, agus umlaíonn /
sé é / féin: go dtite slua na / mboċt i /
láṁ'a a / ċeannurraí.
12 Dúirt sé ina intinn féin, Is cuma,
rinne / Dia / dearmad air: tá sé ag folaċ
a ġnúise, agus ní / feicfiḋ ' sé / ċoiċe / é.

13 Éiriġ, a Ṫiarna Dia, / tóg do / láṁ:
nárḃ iad do / ḋearmad / iad na / boċta.
14 Cad ċuige a gcuirfeaḋ an droċḋuine /
mas'la ar / Ḋia: agus é á rá ina intinn
féin, Is cuma liom, is cuma / leat a / Ḋia
ina / ṫaoḃ.
15 Naċ cinnte go / ḃfaca ' tú / é: de ḃrí
go n-amarcann tú ar an / éagóir / agus ' ar
an / diansmaċt;



16 ionas go nglacfá an / ċúis ' idir / láṁa:
cuireann an boċtán é féin ar do ċoimirce;
ós tú cúntóir an / té a/tá gan / ċara.
17 Bris cumaċt luċt an oilc agus an /
droċ-/ċroí: bíoḋ a n-urċóid á scrúdú agat, go
naċ / raiḃ / fuilleaċ / ann.

18 Is é an Tiarna is Rí go / saol na / saol:
agus d'éag na pá/gánaiġ / as an / tír.
19 A Ṫiarna, ċuala tú / aċain'íoċa na /
mboċt: tógann tú a gcroí, agus / tugann '
tú / cluas / dóiḃ.
20 Lena gceart a taḃairt don dílleaċta /
agus ' don / dearóil: ionas naċ n-éireoḋ an
duine / talṁaí / ina / n-éadan.

Salm 11. In Domino confido.

IS sa Tiarna a / ċuirim ' mo / ḋóċas:
conas adeir siḃ lem anam teiteaḋ / ċun
an / ċnoic mar / éan?
2 Óir siúd luċt an oilc ag lúbaḋ a mboġa,
agus ag ullṁú / bolgán ' na / saiġead: go
scaoile siad os íseal le / luċt an / ċroí / ḟír.
3 Óir leagfar na buna a/tá / fúinn: agus
cad é is féidir leis an / ḃfír/éan a / ḋéanaṁ?

4 Tá an Tiarna ina / ṫeampall / naofa:
tá ca/taoir an / Tiar'na ar / neaṁ.
5 Breaṫnaíonn a / ṡúile ' na / boċta:
scrúdaíonn a / roisc / Síol / Ádaiṁ.
6 Promann an / Tiarna ' na / fíréin: aċ
is fuaṫ anama leis fear an oilc, agus an té
a mbíonn dúil / aige ' i / ndroċ/ġníoṁarta.

7 Fearfaiḋ sé dola ar luċt an oilc, tine agus ruiḃ, gaoṫ ṁór / agus / doineann: sin an deoċ a / ḃeas / acu ' le / n-ól.
8 Óir bíonn grá ag an Tiarna fíréan ar an / ḃfír/éantaċt: ní ḟeicfiḋ a ġnúis / aċ an / ní a'tá / ceart.

Lá 2.

## URNAÍ NA NÓNA

Salm 12. Salvum me fac.

Cuidiġ liom, a Ṫiarna, ó naċ ḃfuil / fíréan / fágṫa: ó ċuaiġ na fir ḟíora i laġad i / measc / Ṡíl / Ádaiṁ.
2 Labraíonn gaċ duine díoṁaointeas / lena / ċoṁarsa: ní ḃíonn a mbéal aċ ag cur cluana, agus a gcroí / cealg'aċ ag / cur i / gcéill.

3 Scriosfaiḋ an Tiarna / gaċ béal / bréagaċ: agus an teanga a / ḃíos ag / maíoṁ ' an / díomais;
4 Agus an dream a / dúirt, Ġeoḃaiḋ ár dteanga an / bua / dúinn: tá cead cainte againn, cé a/tá ' ina / Ṫiarna / orainn?

5 Aċ anois ó naċ ḃfaiġeann an dearóil / faoiseaṁ ' ó / ḃuaireaṁ: agus ó ḃíonn na boċtáin ag / os/nail ó / ċroí.
6 Éireoiḋ mé, a / deir an / Tiarna: agus fuasclóiḋ mé gaċ duine acu ón té éiríos ina aġaiḋ, agus / taḃarfaiḋ ' mé / suaiṁneas / dó.

7 Is briaṫra glana iad / briaṫ'ra an / Tiarna: mar an airgead a ġlantar den ċré, agus a aṫ/loisctear ' faoi / ṡeaċt sa / tine.



8 Coimeádann tú / iad, a / Ṫiarna: cuṁdóiḋ tú é ón / aicme / sin go / bráċ.
9 Níl áit naċ ḃfuil faoi ċosa / luċt an / oilc: nuair a éiríos siad in airde, cuirtear / mas'la ar / ċlann na / ndaoine.

Salm 13. Usque quo, Domine?

Cá ḟad, a Ṫiarna, a ndéanfaiḋ tú síor-/ dearmad / orm: cá fad a gceilfiḋ / tú do / ġnúis / orm?
2 Cá fad a ḃeiḋ m'anam ag cur coṁairle, agus mo / ċroí ' faoin / mbuaireaṁ seo: cá fad a / ġeoḃaiḋ ' mo / naiṁde mo / ḃua?

3 Tugaḋ mo Ṫiarna Dia aire agus / éisteaḋ ' sé / liom: tugaḋ sé solas do mo ṡúile, ionas naċ / gcodlaí ' mé / codlaḋ ' an / ḃáis.
4 Ar eagla go ndéarfaḋ mo naṁaid go / ḃfuair sé mo / ḃua: óir dá leagfaí go lár mé, ċuirfeaḋ sin / lúċáir ' ar / luċt mo / ḃuarta.

5 Aċ bíonn dóċas agam / as do / ṫrócaire: is áḃar / áṫais ' do mo / ċroí do / ṡlánú.
6 Seinnfiḋ mé clú an Tiarna, ó ba ġráṁar a / ġníoṁar'ta / liom: agus molfaiḋ mé Ainm an Tiarna, / Ainm an / Té is / Airde.

Salm 14. Dixit insipiens.

IS É dúirt an t-amadán / ina / ċroí: níl / aon / Dia / ann.
2 Tá siad truaillite, d'éiriġ a / ngníoṁar'ta / gráiniúil: níl aon duine a ḋéanas an maiṫ, níl / fiú aon / dui'ne a/máin.

3 D'aṁarc an Tiarna anuas ó neaṁ ar /
ċlann / Áḋaiṁ: go bḟeicfeaḋ sé an mbeaḋ /
tuiscint ag aon duine, an / iarrfaḋ / sé / Dia.
4 Aċ ċuadar uile as an slí, d'éiriodar /
gráiniúil ar / fad: níl aon duine ann a ḋéanas
an ṁaiṫ, níl / fiú aon / dui'ne a/ṁáin.
5 Naċ bḟuil fios aon ní acu, a bḟuil an
droċ/ḟuadar ' seo / fúṫu: ag iṫe mo ṁuintire
mar d'iosfaidís arán, agus gan / ġlaoċ / ar
an / Tiarna?

6 Ṫáinig mór-eagla orṫu, agus gan / áḃar /
eagla ann: óir bíonn Dia i / measc / aicme '
na / bḟíréan.
7 Ċuaiġ sibse ag magaḋ faoin gcoṁairle a
bíos / ag an / mboċtán: de ḃrí go gcuireann
sé a / ṁuinín ' sa / Tiarna.

8 Is i mo ġuí go mbronntar an slánú ar
Iosrael as / Síón a/ṁaċ: nuair a ḟuasclaíos
an / Tiar'na a / ṁuintir ' as / broid,
9 Sin an uair a ndéanfaiḋ / Iácób / lúċáir:
agus a mbeiḋ / mór/áṫas ' ar / Iosrael.

Lá 3.

## URNAÍ NA MAIDINE

Salm 15. Domine, quis habitabit?

A Ṫiarna, cé a ċó/nós ' i do / pailliún:
nó cé a ái/ṫeos do/ ċnoc / naofa?
2 An té sin, a ċaiṫeas / beaṫa ' gan / smál:
agus a bíos ceart ina ġníoṁarṫa, agus a
labraíos an / ḟírin'ne / óna / ċroí.
3 An té naċ mbíoḋ cealg ina ṫeanga,



agus naċ ndearna / doċar ' dá / ċoṁarsa:
agus naċ ndearna / iṫiom'rá / ar a / ċoṁarsa.
4 An té naċ mbíonn mórċúiseaċ, aċ a bíos
íseal ina / ṡúile / féin: agus a mbíonn mórṁeas
aige ar / luċt / eaglai'te an / Tiarna.
5 An té a ṁionnaíos dá ċoṁarsa, agus
naċ / gcliseann / air: cé go / mbeaḋ sé /
féin / ṫíos leis.
6 An té naċ dtugaḋ a / airgead ' ar /
úsaireaċt: agus naċ nglacfaḋ le breab in /
agaiḋ ' an / neaṁ/ċiontaig.
7 An té a / ḋéanas / aṁlaiḋ: ní ċuirfear
dá / ċosa / é / ċoiċe.

Salm 16. Conserva me, Domine.

CUṀDAIĠ / mé, a / Ḋia: ós ionat a /
ċuir / mé mo / ḋóċas.
2 A ṁ'anam, is é dúirt tú / leis an /
Tiarna: is tú mo Ḋia, níl ní dá ḟeabas /
agam ' is / fearr ná / tú.
3 Ní bíonn dúil agam aċ sna naoiṁ, a bíos /
ar an / talaṁ: agus sa / dream is / fearr
su/áilce.
4 Aċ an dream a bíos ag riṫ i ndiaiḋ /
Dé / eile: is mór an / buaiream ' a / ṫiocfas /
orṫu.
5 Ní ṫairgfiḋ mé íobairtí fuilteaċa
mar / ḋéanas / siad: ní / luafaiḋ ' mo / béal
a / n-ainmneaċa.
6 Is é an Tiarna féin mo ċuid ranna, agus /
cuid mo / ċailíse: cos/nóiḋ tú / féin mo /
ċeart.
7 Ṫit mo ċrannsa ar fearann / fíor-/
álainn: ṫit / oiḋreaċt / ṡármaiṫ / orm.

8 Tabarfaiḋ mé buíoċas don Tiarna go dtug
sé / rabaḋ / dom: bíonn mo ḋuáin ag cur /
smaċta / orm san / oíċe.
9 Ḃinn i gcónaí do mo ċur féin i / láṫair /
Dé: bíonn sé ar mo láiṁ ḋeas, agus ní /
ṫitfiḋ / mé dá / ḃrí sin.
10 Mar sin bíonn lúċáir ar mo ċroí, agus /
áṫas ' ar mo / ġlóir: agus beiḋ dóċas agam
nuair a / ṫéann ' mo / ċolainn ' a / luí.
11 Agus cad ċuige? Ar an áḃar naċ
ḃfágfaiḋ tú / m'anam ' in / ifreann: agus
naċ ligfiḋ tú do do naoṁ an / truaill/iú
a / ḟeiceáil.
12 Taispeánfaiḋ tú dom cosán na beaṫa:
is lánsólás é aċ / beiṫ ' i do / láṫair: agus
is aoiḃneas síoraí a / beiṫ ' ar do / láiṁ /
ḋeas.

Salm 17. Exaudi, Domine.

ÉIST leis an gceart, a Ṫiarna, tabair /
aire ' do mo / ġearán: agus tabair cluas
dom urnaí, naċ dtéann a/maċ as / béal /
bréagaċ.
2 Tugtar saorḃreiṫ orm / ó do / láṫair:
agus feiceaḋ do / ṡúi'le an / ní is / ceart.
3 D'ḟéaċ tú agus d'ḟiosraiġ tú mo ċroí
san oíċe; táim profa agat, agus ní / ḃfaiġiḋ
tú / coir ionam: óir tá rún daingean agam
gan peacú i / mbria/ṫar mo / ḃéil.
4 I dtaoḃ a ndéanann na daoine de ġníoṁ-
arṫa in aġaiḋ / briaṫra ' do / ḃéil: d'ḟanainn
amaċ ó / ṡliṫe ' an / scriosa/dóra.
5 Cuir taca le mo ċoiscéim / ar do / ṡliṫe:
ionas naċ / sleaṁ/naí mo / ṡiúlta.



6 Ġlaoiġ mé ort, a Ḋia, ó / éistfiḋ ' tú /
liom; tabair cluas dom, agus / éist / le mo /
ḃriaṫra.
7 Taispeáin do ċartanaċt iontaċ, a ḃíos
mar ṡlánaiṫeoir ag an dream a ċuireas a /
muinín / ionat: ón luċt a ċuireas in / aġaiḋ
do / láiṁe / deise.
8 Cuṁdaiġ mé mar ṁac / imrea'san na /
súile: folaiġ / mé faoi / scáṫ do / sciaṫán,
9 Ó luċt an oilc a / ḃíos do mo / ḃuaireaṁ:
bíonn mo naiṁde do mo ṫimpeallú go / mbí /
m'anam / acu.
10 Tá cuṁdaċ dlúṫ / saille / ortu: agus
bíonn a / mbéal ag / déanaṁ / mórtais.
11 Bíonn siad i luiċán romainn ar / gaċ /
taoḃ: agus a súile a/nuas / ar an / talaṁ;
12 Mar leon atá / ciocraċ ' ċun / creiċe:
agus mar ċoileán leoin, ḃíos á ċeilt / féin
in / áitea'nna / dorċa.

13 Éiriġ, a Ṫiarna, féaċ san aġaiḋ air,
agus / cuir ar / lár é: slánaiġ m'anam ar
luċt an / oilc le do / ċlaioṁ / féin;
14 Agus le do láiṁ, a Ṫiarna, ón / drong /
ṡaolta: a ḟaiġeann a gcuid sa ḃeaṫa seo,
a mbíonn a mboilg á líonaḋ dá / ḃfuil i /
dtaisce / agat.
15 Bíonn clann acu / nuair is / mian leo:
agus fágann siad fuílleaċ a / saiḃris / ag a /
bpáistí.
16 Aċ i mo taoḃsa de, is i ḃfíréantaċt a
feicfiḋ / mé do / ġnúis: agus nuair a ḋúiseoiḋ
mé agus do ċosúlaċt orm, / beiḋ / mé /
sásta.

Lá 3.

## URNAÍ NA NÓNA

Salm 18. Diligam te, Domine.

Beiḋ grá agam duit, a / Ṫiarna ' mo / neart:
is é an Tiarna mo ċarraig ċloiċe, / agus '
mo / ḋaingean / cosanta:
2 Mo ṡlánaiṫeoir, mo Ḋia, agus mo ċuṁaċt,
as a / mbeiḋ mo / ḋóċas: mo sciaṫ, agus
adarc mo / ṡlánai'ṫe, / agus mo / ḋídean.
3 Glaofaiḋ mé ar an Tiarna, an té is /
fiú a / ṁolaḋ: is amlaiḋ a / saorfar ' ó mo /
naimde / mé.

4 Ḃí arraingeaċa an / ḃáis do mo / ṫimpeallú:
agus ḃí tonnta báite na / diaḃlaí/oċta ' do
mo / scanrú.
5 Ṫáinig pianta / ifrinn ' i mo / ṫimpeall:
ḃí dola an / ḃáis ag / breiṫ / orm.
6 Ġlaoiġ mé i mo ḃuaireaṁ / ar an / Tiarna:
agus rinne mé mo ġea/rán / le mo / Ḋia.
7 Agus ċuala sé mo ġlór as a / ṫeampall /
naofa: agus ṫáinig mo ġearán roiṁe, agus /
fuair sé / éisteaċt / uaiḋ.

8 Ċreaṫnaiġ agus / ċuṁscaiġ ' an / talaṁ:
baineaḋ criṫ agus bogaḋ as buna na sléibte
féin, de ḃrí go / raiḃ / fearg / air.
9 Ċuaiġ toit a/maċ ' ina / láṫair: agus
tine ċraosaċ as a ḃéal, gur deargaḋ na haiḃ-
/leoga / lena / ṫeas.
10 Ċlaon sé na spéarṫa fós, agus / ṫáinig '
sé a/nuas: agus ḃí / dorċ'adas / faoina /
ċosa.
11 Ḃí sé ag marcaíoċt ar ċearúibím, agus /
d'eitil / sé: ṫáinig sé ag eitilt ar / scia-/
ṫáin na / gaoiṫe.
12 Ḃa é an dorċadas a / áit / diaṁraċ:
a ṗailliún ina ṫimpeall le huisce dorċa,
agus néalta / dlúiṫe / lena / ċuṁdaċ.
13 Ḃí gile ina láṫair agus a néalta ag /
imeaċt / roiṁe: cloċa sneaċta agus / aiḃ-/
leoga / tine.
14 Ḃí an Tiarna ag déanaṁ toirní as neaṁ,
agus toirneaċ á déanaṁ ag an / Té is / Airde:
cloċa sneaċta agus / aiḃ/leoga / tine.
15 Ċuir sé amaċ a ṡaiġeada agus / scaip /
iad: ċaiṫ sé amaċ caorṫa tine agus / scrios /
sé / iad.
16 Ċonacṫas toibreaċa an uisce, agus
noċtaḋ / bu'na an / domain: le do ḃagairt,
a Ṫiarna, nuair a / ṡéid / gaoṫ do / ḋíḃeirge.
17 Ċuir sé fios orm anuas / ó na / flaiṫis:
agus ṫóg sé aníos / mé ' as na / tonnta / tréana.
18 D'ḟuascail sé mé ó mo naṁaid láidir,
agus ó / luċt / m'ḟuaṫa: óir ba / ṫreise /
leo ná / liom.
19 Ṫángadar orm i / lá mo / ḃuarṫa: aċ
ba é an / Tiarna ' mo / ċrann / cosanta.
20 Ṫug sé amaċ mé in / áit / ṡaoirse:
ṫug sé slán mé, ar an áḃar go raiḃ / dáiṁ /
aige / liom.

21 Ṫug an Tiarna luaċ saoṫair dom de /
ḃarr m'ḟír/éantaċta: ċúitiġ sé / glaine ' mo /
láṁ / liom.
22 De ḃrí gur ċoinniġ mé / slite ' an /
Tiarna: agus nár ṫréig mé mo Ḋia, mar /
ṫréigeann / fear an / oilc é.

23 Óir bíonn mo ṡúil ar a / ḋliṫe / uile:
agus ní / ċaiṫfiḋ ' mé a / aiṫean'ta / uaim.
24 Agus ḃí mé gan / ċlaon / roiṁe: agus
níor ġéill / mé dom / olc / féin.
25 Dá ḃrí sin ṫug an Tiarna luaċ saoṫair
dom de / ḃarr m'fír/éantaċta: agus de
ḃarr glaine mo / láṁ in / amarc a / ṡúl.
26 Beiḋ tú / naofa ' le / naoṁ: agus le
fear / foirfe / beiḋ tú / foirfe.
27 Beiḋ tú glan le / luċt na / glaine:
agus foġlamóiḋ tú / cealg ó / luċt na / ceilge.
28 Óir saorfaiḋ tú / luċt na / hainnise:
agus ís/leoiḋ tú / luċt an / díomais.
29 Agus lasfaiḋ tú / fós mo / ċoinneal:
déanfaiḋ mo Ṫiarna Dia / solas / de mo /
ḋorċadas.
30 Óir ruaigfiḋ mé slua fear má ḃíonn /
tusa / liom: le cuiḋiú mo Ḋé / léimfiḋ ' mé /
tar an / mballa.
31 Is slí gan smál í / slí an / Tiarna:
dearḃófar briaṫar an Tiarna ins an tine; is
é cosantóir an dreama é a / ċuireas ' a /
ndóċas / ann.

32 Óir cé is Dia ann / aċ an / Tiarna: óir
cé ag a ḃfuil cuṁaċt, murab / é ár / nDia / é?
33 Is é Dia a ċrioslaíos mé le / neart
ċun / cogaiḋ: agus a / ḋéanas ' mo / ṡlí /
foirfe.
34 Cuireann sé cosa fúm mar / ċo'sa an /
fia: agus / bíonn / sé do / m'arḋú.
35 Bíonn sé ag múineaḋ / troda ' do mo /
láma: agus brisfiḋ mo / ġéaga / boġa na /
cruaċ.



36 Ṫug tú dom mo ṡlánú / ċun mo / ċosanta:
tógfaiḋ do deaslaṁ mé, agus móróiḋ do /
smaċt / grámar / mé.
37 Réiteoiḋ tú mo / ḃealaċ / roṁam:
ionas naċ / sleaṁ/naí mo / ċosa.
38 Leanfaiḋ mé mo naiṁde, agus / béarfaiḋ '
mé / orṫu: agus ní ḟillfiḋ mé a/rís go /
scriosa ' mé / iad.
39 Buailfiḋ mé iad, go dtí naċ / ḃféadfaiḋ '
siad / seasaṁ: aċ iad ag / titim / faoi mo / ċosa.
40 Ċrioslaiġ tú mé le / cróġaċt / ċaṫa:
cuirfiḋ tú mo / naiṁde / faoi mo / ċosa.
41 Ṫug tú fós ar mo naiṁde a gcúl a /
ṫaḃairt / dom: agus / scriosfaiḋ ' mé /
luċt / m'ḟuaṫa.
42 Glaofaiḋ siad, aċ ní ḃeiḋ fear a /
gcuiḋi'ṫe / ann: glaofaiḋ siad ar an Tiarna
féin, aċ ní / ċluinfiḋ / sé / iad.
43 Criaṫróiḋ mé iad mar an deannaċ /
roiṁ an / ngaoiṫ: caiṫfiḋ mé amaċ iad mar
ċréa/fóg na / sráideanna.
44 Fuascloiḋ tú mé ó / ionsai'ṫe na /
ndaoine: agus cuirfiḋ tú / mé i / gceannas '
na / náisiún.
45 Beiḋ cine / nárḃ / eol dom: ag déanaṁ /
seirḃ/íse / dom.
46 Ní luaiṫe a ċluinfiḋ siad tráċt orm
ná um/loiḋ ' siad / dom : beiḋ na coimṫíġ
á n-uir/ísliú / féin / roṁam.
47 Beiḋ na / coimṫíġ á / gcloí: agus iad
ag teaċt go crit/eaglaċ / as a / ndaingin.

48 Maireann an Tiarna, agus go mbeannai-
tear do mo / ċúntóir / ċuṁaċtaċ: agus go /
moltar / Dia mo / ṡlánaiṫe.

49 An Dia céanna a ḃaineas amaċ cúiteaṁ /
ar mo / ṡon: agus a ċuireas na / daoine /
faoi mo / smaċt.
50 Is é a ḟuasclaíos mé ó mo naiṁde miṫróc-
aireaċa, agus a ardaíos mé os / cionn m'eas-/
cairde: cuirfiḋ tú fear an / oilc / as mo /
ċosán.
51 Dá ḃrí sin beiḋ mé á altú duit, a
Ṫiarna, i / measc na / nGintliṫe: agus /seinn-
fiḋ ' mé / clú / d'Ainm.
52 Tugann sé mór-ra/ṫúnas ' dá / rí:
agus taispeánann sé cartanaċt do Ḋáiḃí dá
ungṫaċ, / agus dá / ṡíol go / bráċ.

Lá 4.

## URNAÍ NA MAIDINE

Salm 19. Coeli enarrant.

Foilsíonn na spéarta / glóir / Dé: agus
taispeánann an ḟirmimint / saoṫar a /
láṁ.
2 Bíonn lá á / rá le / lá: agus na / hoíċean'ta
gá / insint ' dá / ċéile.
3 Níl caint ná / canúint / acu: aċ cluintear
a / nglór/ṫa le / céile.
4 Ċuaiġ a ḃfuaim ar / fuaid na / dtíorṫa:
agus a / ḃfocail ' go / deireaḋ ' an / domain.
5 Tá siad feistiṫe aige mar ṗaillún le /
haġaiḋ na / gréine: a imíos mar ḟear nuaṗósta
as a ṡeomra, agus a mbíonn lúcáir uirṫi mar
lúcáir / faṫaiġ ' ag / coimlint / reaṫa.
6 Téann sí amaċ ó uaċtar na spéarta,
agus riṫeann sí tart go dtí / íoċtar ' na /
spéarta: agus ní ċeileann / sí a / teas ar /
aon ní.



7 Is dlí gan smál é dlí an Tiarna, a ḃíos
ag / iompú ' na / hanama: is iontaofa í fianaise
an Tiarna, agus bronnann sí eagna / ar an /
duine / ionraic.
8 Is ceart iad reaċtanna an Tiarna, ag cur
áṫais / ar an / gcroí: is geanmnaí í aiṫne an
Tiarna, agus tugann sí / solas / do na / súile.
9 Is glan í eagla an Tiarna, agus maireann /
sí go / buan: is fíor iad breiṫiúnais an
Tiarna, agus is fír/éanta ' ar / fad / iad.
10 Is mó is fiú a n-iarraiḋ ná ór, agus
ná ór dá ġlaine / agus ' dá / ṁéid: is milse
iad ná mil, / agus ' ná / cíor na / meala.
11 Múineann siad mar sin eolas do do /
ṡeirḃ/íseaċ: agus is mór an / luaíoċt ' aċ /
iad a / ċoinneáil.
12 Cé a d'inseoḋ cé ṁéid uair a / ċiontaiġ /
sé: go nglana tú mo / loċta / folai'ṫe / díom.
13 Cuṁdaiġ fós do ṡeirḃíseaċ ó ṗeacaí
dána, ná lig dóiḃ an bua a / fáil / orm:
is aṁlaiḋ a ḃeiḋ mé gan smál, agus neaṁ-/
ċoirṫeaċ ' sa / ċoir / ṁór.
14 Briaṫra mo ḃéil, agus smaointe mo
ċroí, go mba leo ab / fiú duit / glacaḋ:
a Ṫiarna, mo / ċuṁaċt / agus / m'ḟuascailteoir.

Salm 20. Exaudiat te Dominus.

Go dtuga an Tiarna cluas duit i / lá an /
buarṫa: go raiḃ / Ainm Dé / Iácóiḃ '
do do / ċosaint;
2 Go gcuire sé caḃair ċugat / as an /
Sanctóir: agus go / neartaí ' sé / leat as /
Síón;
3 Go mba ċuiṁneaċ leis do / ṫoirḃir'tí /

uile: agus go / nglaca ' sé le / ḋ'íobairt / loiscṫe.
4 Go dtuga sé mian do / ċroí / duit: agus go gcoṁlíona / sé a / ḃfuil i / d'intinn.
5 Cuirfiḋ do ṡlánú lúċáir orainn, agus beimid ag maíoṁ as ainm ár / dTiarna / Dia: go gcoṁlíona an Tiarna gaċ aċainí dar / ċuir / tú / air.

6 Tá a fios agam anois, go gcuidíonn an Tiarna lena ungṫaċ, agus go n-éistfiḋ sé leis óna / neaṁa / naofa: le slán-/neart a / láiṁe / deise.
7 Cuireann drong a ndóċas i gcarbaid, agus drong eile a / ndóċas ' in / eaċraí: cuiṁneoimidne ar / ainm ár / dTiarna / Dia.
8 Tugtar anuas iad agus / titeann / siad: aċ ardaítear sinne, agus / fanai'mid / inár / seasaṁ.
9 Saor, a Ṫiarna, agus éist linn a / Rí / neiṁe: nuair a / ġlaoi/mid / ort.

Salm 21. Domine, in virtute tua.

Beiḋ do ċuṁaċt mar áḃar áṫais ag an / rí, a / Ṫiarna: agus beiḋ do ṡlánú mar ċúis / mórlú/ċáire / aige.
2 Ṫug tú / mian a / ċroí dó: agus níor / eitiġ ' tú / aċain'íoċa a / ḃéil.
3 Óir beiḋ an tús agat air á ḃeannú / ċun a / leasa: agus cuirfiḋ tú coróin / ġlan-óir / ar a / ċeann.
4 D'iarr sé fad saoil ort, agus ṫug tú saol / fada / dó: ṁaireas trí / ṡaol / na / saol.
5 Taḃaíonn do ṡlánú / mórċlú / dó: cuireann tú glóir agus / mór/ġradam / air.



6 Óir taḃarfaiḋ tú sólás / síoraí / dó: agus cuirfiḋ aoiḃ do / ġnúise / lúċáir / air.
7 Agus cad ċuige? De ḃrí go gcuireann an rí a / ḋóċas ' sa / Tiarna: agus ní ligfiḋ trócaire an Té is airde don / mí-áḋ / éirí / dó.
8 Aireoiḋ do naiṁde uile / meáċain ' do / láiṁe: aimseoiḋ do / láṁ ḋeas / luċt / ḋ'ḟuaṫa.
9 Déanfaiḋ tú iad mar ṡorn tintrí in / am / ḋ'ḟeirge: scriosfaiḋ an Tiarna iad agus fioċ air leo, agus / slogfaiḋ ' an / tine / iad.
10 Scriosfaiḋ tú a dtoraḋ de / ḋroim an / talaiṁ: agus a síol as beiṫ i / measc / Ṡíl / Áḋaiṁ.
11 Óir b'olc an rún a ḃí / acu / duit: agus ċumadar beart nár / ḟéadadar ' a / cur i / gcríċ.
12 Cuirfiḋ tú ruaig orṫu dá / ḃrí / sin: agus ullṁóiḋ tú sreanganna do / ḃoġa / ina / n-éadan.
13 Ardaíoḋ do ċuṁaċt féin / tú, a / Ṫiarna: is amlaiḋ canfaimid, agus / molfai/mid do / neart.

Lá 4.

## Urnaí na Nóna

Salm 22. Deus, Deus meus.

A Ḋia liom, a Ḋia liom, féaċ orm; cad ċuige ar / ṫréig tú / mé: cad ċuige a ḃfuil tú ċom fada sin ó mo ṡláinte, / agus ' ó / ḃriaṫra ' mo / ġearáin?

2 A Ḋia liom, glaoim sa lá, aċ ní / ċluineann
/ tú: agus ní ġlacaim / suaiṁ/neas san / oíċe.
3 Agus fanann / tusa / naofa: agus bíonn /
Iosra/el dod / aḋraḋ.
4 Ċuir ár n-aiṫreaċa a / ndóċas / ionat:
bí muinín acu asat, / agus / d'ḟuascail '
tú / iad.
5 Ġlaodar ort, agus / fóireaḋ / orṫu:
ċuireadar a muinín ionat, agus níor / náire /
dóiḃ / é.
6 Aċ is péisteog / mise, ní / duine: aċ
na daoine ag tabairt droċṁeasa ṁóir dom,
agus an pobal i / ndiaiḋ mo / ċur a/maċ.
7 Bíonn a bhfeiceann mé ag / magaḋ / fúm:
bíonn siad ag cur cairr orṫu féin ag / craiṫeaḋ
' a / gcinn, á / rá,
8 Ḃí dóċas as Dia aige, go bhfuas/clóḋ '
sé / é: fuascláíoḋ sé é, má / ġaḃann / sé /
leis.

9 Aċ is tú an té a ṫug amaċ as broinn
mo / ṁáṫar / mé: ba tú mo ḋóċas, agus mé
go fóill ag / croċaḋ ' as / cíoċa ' mo / ṁáṫar.
10 Fágaḋ ort mé ó / am mo / ḃreiṫe: is
tú mo / Ḋia ó / ḃroinn mo / ṁáṫar.
11 Ná himiġ uaim, ós / gearr dom ' an /
buaireaṁ: agus ó naċ bhfuil / cún/tóir / agam.
12 Ṫimpeallaiġ an / iomad / daṁ mé: bíonn
tairḃ raṁra Ḃasáin ag / teann'aḋ is/teaċ / orm.
13 Tugann siad aġaiḋ a / gcraois / orm:
mar ḃeaḋ / leon / léimneaċ ' ag / búireaċ.
14 Táim mar uisce doirtiṫe, agus tá mo
ċnáṁa / uile ' as / alt: agus tá an croí atá
i lár mo / ċolainne ' mar / ċéir / leáiṫe.



15 Seargaḋ mo neart mar ḃloġ de ṡoiṫeaċ
ḃriste, agus tá mo ṫeanga / greamaiṫe ' do mo /
ġiall: agus taḃarfaiḋ tú / mé go / deannaċ '
an / ḃáis.
16 Óir ṫimpeallaiġ an iomad / madra / mé:
agus cuireann comṫionól luċt an / oilc /
léigear / orm.
17 Ṫolladar mo láṁa agus mo ċosa; is
féidir liom mo ċnáṁa / uile ' a / ċomaireaṁ:
seasann siad ag stánaḋ / agus ' ag / coiṁeád
/ orm.
18 Roinneann siad / m'éadaí / eatarṫu:
agus / caiṫeann ' siad / cranna ar / m'ḟallaing.
19 Aċ ná fan i bhfad / uaim, a / Ṫiarna:
is tú mo ċúntóir, déan / deifir ' do / ċuidiú /
liom.
20 Fuascail / m'anam ' ón / gclaíoṁ: agus
m'anam / ḋílis ' as / cuṁaċt ' na / con.
21 Tabair slán mé as / béal an / leoin:
d'éist tú liom nuair a ṫug na haon/aḋarcaiġ /
áilaḋ / orm.

22 Foilseoiḋ mé / d'Ainm do mo / ḃráiṫre:
molfaiḋ mé / tú i / measc an / ċomṫionóil.
23 Molaigí an Tiarna, a ḋream a mbíonn
a / eagla / oraiḃ: móraigí é, a dtáinig de
Ṡíol Iácóib, agus bíoḋ eagla oraiḃ roiṁe,
a / Ṡíl / Iosra'el / uile.
24 De ḃrí naċ dtug sé diṁeas ná fuaṫ
ar an mboċtán a/tá / ṫíos: níor ċeil sé a
ġnúis air, aċ ag taḃairt cluaise dó, / nuair
a / ġlaoiġ sé / air.
25 Óir tugann tú ábar molta dom ar an /
mór'ċomṫio/nól: comlíonfaiḋ mé mo ṁóideanna

faoi ṡúile an dreama a / mbíonn a / eagla / orṫu.

26 Íosfaiḋ na boċta, agus beiḋ a / sá / acu: beiḋ luċt iarrṫa an Tiarna á ṁolaḋ; / mairfiḋ ' ḃur / gcroí go / bráċ.

27 Níl críoċ den doṁan naċ gcuiṁneoiḋ air féin, agus naċ n-iompóiḋ / ċun an / Tiarna : agus treiḃeanna gaċ / cin'e ag / uṁlú / roiṁe.

28 Óir is leis an / Tiar'na an / ríoċt: agus is é rial/tóir na / náisiún / é.

29 Tá a ḃfuil / raṁar ' ar / talaṁ: i ndiaiḋ / ite / agus / adarṫa.

30 Beiḋ a dtéann síos sa luaiṫ ag feacaḋ a / nglún / roiṁe: níor aṫḃeoiġ aon / dui'ne a / anam / féin.

31 Beiḋ mo ṡlioċt ag déanaṁ seir/ḃíse / dó: measfar iad mar / ġlúin i / láṫair ' an / Tiarna.

32 Tiocfaiḋ siad, agus foilseoiḋ / siad a ' fír/éantaċt: don ṁuintir nár rugaḋ go fóill; óir / rin'ne an / Tiarna / é.

Salm 23. Dominus regit me.

Is É an / Tiarna / m'aoire: ní féidir / easpa ' d'aon / ní ḃeiṫ / orm.

2 Beiḋ mé ar innilt aige i bpáirc / féir / ġlais: agus beiḋ sé do mo ṡeolaḋ ar / ḃruaċ / uis'ce an / tsóláis.

3 Iom/póiḋ ' sé / m'anam: agus seolfaiḋ sé go cosáin na fíréantaċta / mé, as / uċt a / ainm.

4 Siúd is go siúlfainn trí ġleann scáile an ḃáis, ní / baol 'dom an / t-olc: óir bíonn



tusa i mo ċoiṁdeaċt; is iad do ḃata / agus ' do / ḃaċall ' mo / ṡólás.

5 Feisteoiḋ tú bord roṁam ar neaṁċead / luċt mo / ḃuarṫa: doirt tú ola ar mo ċeann, agus / beiḋ mo / ċupán / lán.

6 Aċ beiḋ do ċarṫanaċt agus do ṫrócaire do mo leanúint ar fead mo / ṡaoil 's mo / laeṫanta: agus beiḋ mé i mo ċónaí i / dteaċ an / Tiarna ' go / bráċ.

Lá 5.

## URNAÍ NA MAIDINE

Salm 24. Domini est terra.

Is leis an Tiarna an talaṁ, agus a / ḃfuil / ann: an ċruinne / agus ' a / maireann / uirṫi.

2 Óir ḃunaiġ sé é / ar na / farraigí: agus / ṡocraiġ ' sé / é ar ' na / sruṫanna.

3 Cé a ardós / cnoc an / Tiarna: nó cé a ṡeasfas / ina / áit / naofa?

4 An fear sin a mbíonn láṁa glana aige, agus / croí gan / smál: nár ċuir suim a intinne i ndíoṁaointeas, agus naċ dtug / mionn / meallta ' na / coṁarsan.

5 Is é a ġeoḃas an / ḃeannaċt ' ón / Tiarna: agus an ḟír/éantaċt ' ó / Ḋia a / ṡlánaiṫe.

6 A ṁacasaṁail sin a ḃíos ar / luċt a / iarrṫa: ḃíos ar luċt iarrṫa do / ġnúise, a / Ḋia / Iacóib.

7 Tógaḋ na geataí a gcinn, agus ardaítear na coṁlaí / cian/aosta: go dtaga / Rí na / glói're is/teaċ.

8 Cé hé / Rí na / glóire: is é an Tiarna láidir tréan é, an Tiarna is / cuṁaċt/aċ i / gcogaḋ.
9 Tógaḋ na geataí a gcinn, agus ardaítear na coṁlaí / cian/aosta: go dtaga / Rí na / glói're is/teaċ.
10 Cé hé / Rí na / glóire: is é Tiarna na slua é, is é / féin / Rí na / glóire.

Salm 25. Ad te, Domine, levavi.

IS ċugat, a Ṫiarna, a ṫógfas mé m'anam; is ionat a ċuir mé mo / ḋóċas, ' a / Ḋia: ná lig dom beiṫ do mo náiriú, agus ná lig do mo naiṁde a / ṁaíoṁ ' go / ḃfuairea'dar mo / ḃua.
2 Ní beiḋ náire ar ar ċuir a / ndóċas / ionat : aċ an dream a ċiontaíos gan ċúis, is / or'tu a / beiḋ an / aiféala.
3 Taispeáin do ṡliṫe / dom, a / Ṫiarna: agus / teagasc ' do / ċosáin / dom.
4 Treoraiġ ar agaiḋ id ḟírinne mé, agus / bí do mo / ṁúineaḋ: óir is tú Dia mo ṡlánaiṫe; is asat a ḃíoḋ mo / ṁuinín ' ar / feaḋ an / lae.
5 Go mba ċuiṁneaċ leat, a Ṫiarna, do / ṁaoṫ-/ṫrócaire: agus do ċarṫanaċt ġrámar, ó ḃíodar / ann / riaṁ a/nall.
6 Ná cuiṁniġ ar peacaí ná ar / ċoirṫe/ m'óige: aċ cuiṁniġ orm de réir do ṫrócaire, a Ṫiarna, / agus ' de / réir do ' ċin/eáltais.

7 Is grásmar, fíréanta / é an / Tiarna: ar an ábar sin múinfiḋ sé an / tslí / do na / peacaiġ.
8 Treoróiḋ sé an dream a bíos uiríseal



de / réir an / ċirt: agus múinfiḋ sé a ṡlí don / dream a / bíos / ceansa.
9 Níl i gcosáin uile an Tiarna aċ an trócaire / agus ' an / fírinne: don dream a ċoṁallas a / ċonraḋ / agus ' a / fianaisí.
10 Mar ṁaiṫe leo / Ainm, a / Ṫiarna: bí trócaireaċ dom i mo ṗeaca / ós / mór / é.
11 Cá ḃfuil an fear a mbíonn eagla an / Tiarna / air: múinfiḋ sé eolas dósan ar an / slí a / ṫoġfaiḋ / sé.
12 Mairfiḋ a / anam ' faoi / ṡéan: agus titfiḋ oiḋreaċt na / tíre / ar a / ṡlioċt.
13 Ligeann an Tiarna a rún leis an dream a mbíonn a / eagla / orṫu: agus noċtfaiḋ / sé a / ċonraḋ / dóiḃ.
14 Bíonn mo ṡúile i gcónaí ag féaċaint faoi/ déin an / Tiarna: óir tarraingeoiḋ sé mo ċosa a/maċ / as an / líon.

15 Iompaiġ ċugam agus déan / trócai're / orm: óir / táim i mo / ṫruán / tréiġṫe.
16 Tá a tuilleaḋ / crá 'ar mo / ċroí: tabair slán / as an / ngéibeann / mé.
17 Féaċ ar mo ḃuaireaṁ agus / ar mo / ḃrón: agus / maiṫ ' dom mo / ṗeaca / uile.
18 Féaċ ar mo naiṁde / agus ' a / líonṁair-eaċt: agus an fuaṫ fíoċṁar a/tá / acu / dom.
19 Cuṁdaiġ m'anam agus / fuascail / mé: ná lig dom beiṫ náiriṫe ó / ċuir mé ' mo / ḋóċas / ionat.
20 Go seasa neaṁċoirṫeaċt agus / ionra- ' cas / dom: óir b'asat ' a / bí mo / ṁuinín.
21 Tabair Iosrael / slán, a / Ḋia: as gaċ / géibeann ' ina / mbíonn / sé.

Salm 26. Judica me, Domine.

Go mba tú mo ḃreiṫeaṁ, a Ṫiarna, ó ṡiúil
mé go / neaṁ/ċoirṫeaċ: bíoḋ mo ṁuinín
as an Tiarna, agus ní ṫitfiḋ / mé dá / ḃrí / sin.
2 Promaiġ mé, a / Ṫiarna, ' agus / féaċ mé:
breaṫnaiġ / m'áran'na / agus ' mo / ċroí.
3 Óir bíonn do ċarṫanaċt os coṁair mo /
ṡúl de / ṡíor: agus siúlfaiḋ / mé de / réir /
d'ḟírinne.
4 Níor ċónaiġ mé le / daoine / díoṁaoine:
agus ní ċoinneoiḋ mé / cuideaċ'ta le / luċt
na / bréige.
5 Ṫug mé fuaṫ do ċoṁṫionól / luċt an /
oilc: agus ní ṡuífiḋ / mé i / measc na / ndroċ-
ḋaoine.
6 Nífiḋ mé mo láṁa i neaṁ/ċoirṫeaċt, a /
Ṫiarna: agus is aṁlaiḋ a ṫarraing/eoiḋ /
mé ar / d'altóir;
7 Go gcluintear mo ġlór ag / altú / duit:
agus ag / insint / d'oibreaċa / iontaċa.
8 A Ṫiarna, ṫug mé grá do / d'áras / tí:
agus d'áit / cónai/ṫe d'o/nóra.
9 Ná cuir m'anam faoi ġlas i / measc na /
bpeacaċ: ná mo ḃeaṫa le luċt / doirti/ṫe
na / fola;
10 A mbíonn an / ċoir ' ina / láṁa: agus a /
láṁ ḋeas / lán de / ḃreabanna.
11 Aċ is aṁlaiḋ a ṡiúlfaiḋ mise go / neaṁ-/
ċoirṫeaċ: go mb'áil leat m'ḟuascailt agus /
ḃeiṫ / trócair'eaċ / liom.
12 Is daingean / seasaṁ ' mo / ċoise:
molfaiḋ mé an / Tiarna ' ar na / coṁṫio-/
nóla.



Lá 5.

## URNAÍ NA NÓNA

Salm 27. Dominus illuminatio.

IS É an Tiarna mo ṡolas, agus mo ṡlánú;
cé sin a mbeiḋ / eagla ' orm / roiṁe: is
é an Tiarna/neart mo ḃeaṫa; cé siúd a /
ċuirfiḋ / criṫ / orm?
2 B'ṡiúd ċugam luċt an oilc, mar tá mo
naiṁde agus m'eascairde, go n-íosfaidís an /
ḟeoil de mo / ċnáṁa: aċ fuaireadar / tuisleaḋ /
agus / ṫiteadar.
3 Dá mbeaḋ slua fear in eagar caṫa im
éadan, ní ḃeiḋ eagla / ar mo / ċroí: agus
siúd is go gcuirtí cogaḋ orm, is ann a /
ċuirfiḋ / mé mo / ḋóċas.
4 Ċuir mé aċainí aṁáin ar an Tiarna, ní
iarrfaiḋ mé air aċ an / ṁéid / sin: ḃeiṫ i mo
ċónaí i dteaċ an Tiarna le mo ṡaol 'smo laeṫanta
i rioċt go ḃféadfainn scéiṁ an Tiarna
a ḟeiceáil, agus / ḃeiṫ ag / taiṫí ' a / ṫeampaill.
5 Óir in am an ḃuarṫa cuṁdóiḋ sé / mé '
ina / ṗailliún: is aṁlaiḋ a ḟolóiḋ sé mé in
ionad diaṁair a árais, agus ardóiḋ sé / mé
ar / ċarraig / ċloiċe.
6 Agus ardóiḋ sé mo / ċeann gan / ṁoill:
os cionn mo / naiṁde a/tá i mo / ṫimpeall.
7 Ar an áḃar sin beiḋ ardlúċáir orm ag
toirḃirt íobairte / ina / ṫeaċ: beiḋ molaḋ
an Tiarna á / ṡeinm / agus ' á / rá agam.

8 Éist le mo ġlór, a Ṫiarna, nuair a / ġlaoim /
ort: bíoḋ trócaire agat dom agus / taḃair /
cluas / dom.

9 Ḃí mo ċroí ag / labairt / leat: Tagaigí
ar ṫuairisc mo ġnúise; ar ṫuairisc do ġnúise,
a / Ṫiarna, / tiocfas / mé.
10 Ná ceil do / ġnúis / orm: ná bíoḋ olc
agat do do ṡeirḃíseaċ agus / ná / díbir / é.
11 Ḃa / tú mo / ċabair: ná fág mé agus
ná déan mo ṫréigean, a / Ḋia / mo / ṡlánaiṫe.
12 Nuair a ṫréigeas m'aṫair agus mo /
ṁáṫair / mé: / glacann ' an / Tiarna / liom.
13 Múin do / ṡlí ' dom, a / Ṫiarna: agus
déan eolas dom ar an mbealaċ / ċeart, de /
ḃarr mo / naimde.
14 Ná lig do mo naimde a roġa ruḋ a /
ḋéanaṁ / liom: óir d'éiriġ fianaisí bréige
agus luċt na / mionn / éitiġ ' im / éadan.

15 Ḃain mé deireaḋ / dúile ' de / ḋóċas:
murab é go gcreidim go ḃfeice mé maiṫeas an
Tiarna i ḃfírinne agus / mé ar / talaṁ ' na /
mbeo.
16 Fan ċoṁ fada agus is / áil ' leis an /
Tiarna: glac ina ṁórṁisneaċ é, agus neart-
óiḋ sé le do ċroí; agus / cuir do / ḋóċas '
sa / Tiarna.

Salm 28. Ad te, Domine.

IS ORT a ġlaofas mé, a / Ṫiarna ' mo / ċuṁaċt:
nára beag leat mo ċás; óir, má ṫugann tú
an ċluas ḃodhar dom, beiḋ mé mar ḋuine den
dream a / ṫéann / síos sa / ṗoll.
2 Éist le mo ġlór, nuair a ġlaoim ag cur /
aċain'íoċa / ort: agus aġaiḋ mo ḃos in airde
i dtreo caṫaoir / ṫrócaire ' do / ṫeampaill /
naofa.



3 Ná sciob ar siúl agus ná scrios mé le
luċt na míċráifeaċta agus na / ndroċ-/
ġníoṁarta: a labraíos go cairdiúil lena
gcoṁarsana, agus a / ċumas / olc ' ina /
gcroí.
4 Tabair luaíoċt dóiḃ a ḃeas de / réir
a / ngníoṁarta: agus de / réir a / ndroċ-/
ḃeart.
5 Cúitiġ dóiḃ de réir / saoṫar ' a / láṁ:
íoc / leo an / méid a / ṫuilleadar.
6 Óir ní ḃíonn aird a n-intinne ar oibreaċa
an Tiarna, ná ar / ṡaoṫar ' a / láṁ: agus
dá ḃrí sin ní ṫógfaiḋ sé suas iad, / aċ á /
mbriseaḋ / síos.

7 Molaḋ / don / Tiarna: a d'éist le / fuaim /
m'aċain'íoċa / umla.
8 Is é an Tiarna mo neart agus mo sciaṫ;
ċuir mo ċroí a ḋóċas ann, agus / fóireaḋ /
orm: dá ḃrí sin léimeann mo ċroí le háṫas,
agus molfaiḋ / mé im / aṁrán / é.
9 Is é an / Tiarna ' mo / neart: is é díḋean /
slánai'ṫe a / ungṫaiġ / é.
10 Saor do ṁuintir, agus tabair do /
ḃeannaċt ' doḋ / oiḋreaċt: bí á mbeaṫú
agus á / n-ar/dú go / deo.

Salm 29. Afferte Domino.

LUAIGÍ leis an Tiarna, a / luċt na / treise:
luaigí leis an Tiarna an / ċlú / agus '
an / ċuṁaċt.
2 Luaigí leis an Tiarna an onóir is /
dual dá / ainm: déanaigí an Tiarna a / aḋraḋ '
le / haḋraḋ / naofa.

3 Tá glór an Tiarna os / cionn an / uisce:
is é Dia na glóire / é, ag / déanaṁ / toirní.
4 Is é an Tiarna a rialaíos an ḟarraige;
is é glór an Tiarna is / mó / éifeaċt: is é
glór an / Tiar'na an / glór / cumasaċ.
5 Bíonn na crainn céadrais á mbriseaḋ
ag / glór an / Tiarna: briseann an Tiarna /
céadrais / Sléiḃe / Liaḃáin.
6 Baineann sé léim astu mar / léimfeaḋ /
lao: léimeann Sliaḃ Liaḃáin agus Sliaḃ Sirión
mar / aon/aḋarcaċ / óg.
7 Téann glór an Tiarna idir na caorṫa
tine; cuireann glór an Tiarna an / fásaċ '
ar / luascaḋ: bíonn fásaċ Cades á / luascaḋ/
ag an / Tiarna.
8 Cuireann glór an Tiarna an lao as an
eilit, agus an / duilliúr ' den / ċraoḃ: níl
ní ina ṫimpeall naċ / mbíonn ag / molaḋ '
a / ċlú.

9 Ṡuiġ an Tiarna mar Rí os / cionn na/
Díleann: agus fanann an / Tiarna ' ina /
Rí go / deo.
10 Neartóiḋ an Tiarna / lena / ṁuintir:
tabarfaiḋ an Tiarna dá / ṁuintir / beannaċt '
na / síoċána.

Lá 6.

## URNAÍ NA MAIDINE

Salm 30. Exaltabo te, Domine.

MÓRÓIḊ mé ṫú, a Ṫiarna, mar / ṫóg tú /
mé: agus níor liġ tú do mo naiṁde a /
mbua a / ṁaíoṁ / orm.



2 Mo Ṫiarna Dia, / ġlaoiġ mé / ort: agus /
leiġeasaiġ /tú / mé.
3 Is tú, a Ṫiarna, a ṫug m'anam a/níos
as / ifreann: ċuṁdaiġ tú mo ḃeaṫa ón dream
a / ṫéann / síos sa / ṗoll.
4 Seinnigí molaḋ an Tiarna, a / naoṁa
an / Tiarna: altaigí dó lena / naofaċt ' a /
ċur i / gcuiṁne.
5 Óir ní ṁaireann a ḟearg aċ seal faitíḋ
na súile, agus tá an / ḃeaṫa ' ina / dea-toil:
siúd is go ḃfanann an brón ar feaḋ oíċe,
tagann an / lú/ċáir ar / maidin.
6 Is é dúirt mé agus mé faoi ṡéan, ní ḃain-
fear / bogaḋ / asam: ó ḃí tú ċom maiṫ sin
dom, a Ṫiarna, ag / cur / treis'e i mo / ṡliaḃ.
7 D'iompaiġ tú do / ġnúis / uaim: agus
is / mé a / ḃí / buarṫa.
8 Ġlaoiġ mé ort an/sin, a / Ṫiarna:
agus b'ḟíor-uṁal a / ḋruid / mé le mo/
Ṫiarna.
9 Cad é an tairḃe a/tá im / ḟuil: nuair
a ṫéim / síos go / dtí an / poll?
10 An mbeiḋ an luaiṫ ag / altú / duit:
nó an ḃfoil/seoiḋ / sí / d'ḟírinne?
11 Éist, a Ṫiarna, agus bíoḋ trócaire /
agat / orm: bí agam, a / Ṫiarna, ' mar /
ċún/tóir.

12 D'aṫraiġ tú mo / ḃrón go / lúċáir:
scaoil tú an saic-éadaċ díom, gur / ċuir
tú / áṫas / orm.
13 Dá ḃrí sin beiḋ gaċ dea-ḋuine ag seinm
do / ṁolta ' gan / staonaḋ: a Ḋia liom,
beiḋ mé á / altú / duit go / deo.

Salm 31. In te, Domine, speravi.

IS IONAT, a Ṫiarna, a ċuir / mé mo / ḋóċas:
ná liġ dom náire a ḟáil, aċ / fuascail / mé
i ' ḋ'ḟír/éantaċt.
2 Taḃair / cluas / dom: déan deifir /
agus / fuascail / mé.
3 Agus bí agam mar ċarraig láidir, agus
mar / teaċ / tearmainn: go / slánai / tú / mé.
4 Óir is tú mo ċarraig láidir, agus mo /
ċais/leán: bí tusa agam fós mar eolaí, agus
ar son / d'Ainm / bí do mo / ṡeolaḋ.
5 Tarraing amaċ as an líon mé, a ċuireaḋ /
romam os / íseal: óir is / tú / mo / neart.
6 Tiomnaim m'anam / faoi do / láṁa: óir
ċeannaiġ tú mé, a / Ṫiarna, a / Ḋia na / fírinne.
7 B'ḟuaṫ liom luċt leanúna na / bpiseog /
baoṫ: ba / é an / Tiarna ' mo / ḋóċas.
8 Beiḋ do ṫrócaire mar ċúis gairdis agus
lú/ċáire / agam: óir tug tú beann ar mo
ḃuaireaṁ, agus ḃí aiṫne / agat ' ar / m'anam
sa / ċúnglaċ.
9 Níor ḋún tú láṁ an / naṁad / orm: aċ
ċuir tú mo ċosa ina / seasaṁ ' in / áit / ḟairsing.

10 Bíoḋ trócaire agat dom, a Ṫiarna, ó /
táim i / mbuaireaṁ: tá mo ṡúil á snoí ag
an gcuṁa; táim do mo ṡnoí / idir / ċorp '
agus / anam.
11 Óir ċuir an / buaireaṁ ' le / m'aois:
agus / ċuir an / brón le mo / ḃlianta.
12 Ċlis mo neart orm, de / barr m'éag-/
óra: agus / tá mo / ċnáṁa / críonta.
13 Ċuaiġ mo naiṁde uile do mo ċáineaḋ, agus
go / háiriṫe ' mo / ċoṁarsana: bí eagla ar



mo luċt aiṫeantais romam; an dream a
ḋ'ḟeiceaḋ a/muiġ mé, / ṫeiṫi'dís / romam.
14 Rinneaḋ dearmaḋ glan díom, ligeaḋ
as cuiṁne mé mar / ḋuine a'tá / marḃ: táim
mar / ṡoiṫeaċ / bris/te.
15 Óir ċuala mé tarcaisne an tslua,
agus níl ní i mo ṫimpeall naċ gcuireann / eagla /
orm: téann siad i gcogar eatarṫu féin,
agus cuireann siad comairle go / raiḃ /
m'anam / acu.

16 Aċ dob asat a bí mo / ḋóċas, ' a / Ṫiarna:
is é ḋúirt mé, Is / tú / mo / Ḋia.
17 Tá mo ré i do láiṁ; fuascail mé ó /
láiṁ mo / naiṁde: agus ó / luċt mo / ġéarlean-/
úna.

18 Taispeáin solas do ġnúise do do / ṡeirḃ-/
íseaċ: agus / saor ' mé ar / son do / ṫrócaire.
19 Ná faiġim náire, a Ṫiarna, ó / ġlaoiġ
mé / ort: faiġeaḋ luċt an oilc náire, agus
cuirtear ina / dtost san / uaiġ / iad.
20 Ḃalḃaiṫear / béal na / bréige: a ḃíos
ċom mítrócaireaċ, mioscaiseaċ, mailíseaċ, ag /
cáin'eaḋ an / fír/éin.

21 Níl insint ar an ollṁaiṫeas atá i
dtaisce agat le haġaiḋ an dreama darb /
eagal / tú: agus atá ullṁaiṫe agat don dream
a ċuireas a ndóċas ionat, agus naċ gceileann /
é ar / ċlann na / ndaoine!
22 Beiḋ tú féin i láṫair lena ḃfolaċ ionas
naċ gcuirfeaḋ aon duine / caṫú / ortu: cuṁdóiḋ
tú faoi ċeilt i do ṗailliún iad ó / ċlam/par na /
dteangaċa.

23 Al/tú don / Tiarna: a ṫaispeáin a
ṁórṁaiṫeas iontaċ / dom i / gcaṫair / láidir.
24 Ḃa róṫobann a / dúirt / mé: ruaigeaḋ /
mé as / aṁarc do / ṡúl.
25 Aċ ina ḋiaiḋ sin, d'éist / tú le mo /
ġuí: nuair a / ġlaoiġ / mé / ort.

26 Tugaigí grá don Tiarna, a naoiṁ /
ui'le an / Tiarna: óir cuṁdaíonn an Tiarna
an dream a ḃíos dílis dó, agus cuireann sé
trompionós ar / luċt na / ngníoṁar'ṫa /
uaiḃreaċ.
27 Ḃíoḋ misneaċ agaiḃ, agus nár lagaí /
sé ḃur / gcroí: a ḋaoine a ċuireas ḃur / ndóċ-/
as sa / Tiarna.

Lá 6.

## URNAÍ NA NÓNA

Salm 32. Beati, quorum.

**I**S beannaiṫe dá / maitear ' a / éagóir: a
gcuṁ/daí/tear a / ṗeaca.
2 Is beannaiṫe an té naċ mbíonn peaca
á ċur ina / leiṫ ' ag an / Tiarna: agus naċ
mbíonn / cealg / ina / sprid.
3 Ċoṁ fada agus / d'ḟan ' mé i mo / ṫost:
críonaḋ mo ċnáṁa le mo ġear/án / gaċ / lá.
4 Óir leagann tú do láṁ go trom orm /
lá ' agus / oíċe: bíonn mo ṡú mar / ṫriom-/
laċ an / tsaṁraiḋ.
5 Noċtfaiḋ mé mo / ṗeaca / duit: agus
níor / ċeil / mé / m'éagóir.



6 Dúirt mé, Adṁóiḋ mé mo / ṗeaca ' don /
Tiarna: agus dá ḃrí sin / ṁaiṫ tú ' dom /
coir mo / ṗeaca.

7 Ar an áḃar sin beiḋ gaċ duine cráifeaċ
do do ġuí in / uair na / faille: is cinnte
naċ dtiocfaiḋ na / tonnta / báite ' dá / ċoṁair.
8 Is tú m'áit folaiṫe, beiḋ tú do mo / ċuṁdaċ'
ó / ḃuaireaṁ: beiḋ tú do mo ṫimpeallú le /
haṁráin / fuascail/te.
9 Beiḋ mé mar oide múinte agat, agus
mar eolaí sa ḃealaċ atá le / siúl / agat:
agus / beiḋ mo / ṡúil do do / ṫreorú.
10 Ná bígí mar an eaċ nó mar an ṁiúil,
a/tá gan / tuiscint: ionas go gcaiṫfear a
mbéal a ċoinneáil leis an mbéalḃaċ nó leis
an srian, agus naċ n-uṁ/lóiḋ / duit gan /
iad.
11 Tá plánna móra i ndán do / luċt
an / oilc: aċ an té a ċuireas a ḋóċas sa
Tiarna, bíonn an trócaire / ar gaċ / taoḃ / de.
12 Bíoḋ áṫas oraiḃ, a ḟíréin, agus go
mba é an / Tiarna ' ḃur / ngairdeas: agus
bíoḋ lúċáir oraiḃ a / luċt an / ċroí / ḟír.

Salm 33. Exultate, justi.

GO mba é an Tiarna ḃur ngairdeas, a / ḟír-/
éin: óir is é an buíoċas is dual agus
is / dúċas ' ó / ḋea-/ḋuine.
2 Molaigí an Tiarna / leis an / gcláirseaċ:
seinnigí a ṁolaḋ leis an liúṫ, agus le / cruit
na / ndeiċ / téad.
3 Canaigí aṁrán úr/nua don / Tiarna:

go mba ard-aigeantaċ dea-ċroiúil a / ṡeinneas /
siḃ a / ṁolaḋ.
4 Óir is fíor é / briaṫar ' an / Tiarna:
agus is dílis / iad a / oibrea'ċa / uile.
5 Bíonn grá aige ar an ḃfíréantaċt agus
ar an / mbreiṫ/iúnas: tá an talaṁ lán de
ṡu/áil/cí an / Tiarna.
6 Is le briaṫar an Tiarna a / rinneaḋ ' na /
neaṁa: agus rinneaḋ a sluaite uile le /
gaoṫ / a an/ála.
7 Tá mar ḃeaḋ sé ag cruinniú agus ag
carnaḋ / uisce ' na / farraige: agus mar
ḃeaḋ an aibéis mór á cur i leataoḃ aige,
i / dteaċ / a / ṡéaḋ.
8 Bíoḋ eagla ar an talaṁ uile / roiṁ an /
Tiarna: bíoḋ urraim oraiḃ roiṁe, a luċt/
áiti/ṫe na / cruinne.
9 Óir, is é labair, agus / rinneaḋ / aṁlaiḋ:
is é d'orḋaiġ, agus ba / ní buan/seasṁaċ / é.
10 Cuireann an Tiarna comairle na bpá-/
gánaċ ' ar / ceal: agus cuireann sé bearta na
ndaoine ar neaṁní, agus diúltaíonn sé do /
ċomair/lí na / ḃflaṫ.
11 Fanfaiḋ comairle an / Tiarna ' go / deo:
agus fanfaiḋ smaointe a / ċroí ó / ġlúin go /
glúin.

12 Is beannaiṫe an ṁuintir, arb é an
Tiarna / Iáivé ' a / nDia: agus is beannaiṫe
an cine a ṫog sé / mar a / oiḋreaċt / féin.
13 Féaċann an Tiarna anuas ó neaṁ, agus
aṁarcann sé ar an / Áḋaṁċlann / uile: bíonn
a maireann ar an talaṁ á scrúḋú aige
óna / teaċ ' agus / óna / áras.



14 Bíonn a gcroiṫe uile á / múnlú /
aige: agus níl ní dá ndéanann / siad naċ /
dtuigeann / sé.
15 Cá ḃfuil an rí a dtarrtóḋ neart a /
ṡlua / é: nó an fear cróga a ṫiocfaḋ / slán '
lena / mór/neart?
16 Ní meastar eaċ aċ ina ní gan tairḃe
ċun / duine ' a / ṡlánú: ní ṡaorfaiḋ a /
ṁórneart / dui'ne ar / biṫ.
17 Féaċ, mar ḃíonn súil an Tiarna ar an
dream darḃ / eagal / é: agus ar an dream
a ṫéann i / muin/ín a / ṫrócaire;
18 Ar moḋ go slánaí sé a / n-anam ' ón /
mbás: agus go mbeaṫaí sé / iad in / aimsir
an / ġorta.

19 D'ḟoiġneaċ a d'fan ár n-anam / leis
an / Tiarna: óir is é ár gcaḃair / agus ' ár /
sciaṫ / é.
20 Is é ḃíos mar ċúis ġairdis / ag ár / gcroí:
ó ḃíoḋ dóċas againn / as a / Ainm / Naofa.
21 Bíoḋ do ṫrócaire ċartanaċ, a Ṫiarna,
á / doirteaḋ / orainn: de réir mar ċuiri-/
mid ár / ndóċas / ionat.

Salm 34. Benedicam Domino.

TABARFAIḊ mé buíoċas leis an / Tiarna ' de /
ṡíor: beiḋ a / ṁolaḋ i mo / ḃéal i / gcónaí.
2 Beiḋ m'anam ag / maíoṁ ' as an /
Tiarna: cluinfiḋ an drong uiriseal tráċt
air, agus / beiḋ / lúċáir / orṫu.
3 Molaigí an / Tiarna / liom: agus mórai-/
mis a / Ainm le / ċéile.

4 D'iarr mé an Tiarna, agus / ċuala ' sé /
mé: agus d'ḟuascail sé / mé ó / áḃar / m'eagla.
5 Ḃa air a ḃí a súil, agus / fuairea'dar /
solas: agus níor ḋearg an / náir/e a
n-/éadain.
6 Féaċ mar ġlaonn an duine boċt, agus
mar ċluineann an / Tiarna / é: agus mar
ṡlánaíonn sé é óna / gcuireann / buaiream /
air.
7 Bíonn aingeal an Tiarna ag fanaċt ṫart
timpeall an dreama a mbíonn a / eagla /
orṫu: agus / á / ḃfuas/cailt.
8 Blaisigí, agus féaċaigí mór/ṁaiṫeas '
an / Tiarna: is beannaiṫe an té a mbíonn /
dóċas / aige / as.
9 A naoiṁ an Tiarna, bíoḋ eagla / oraiḃ /
roiṁe: óir ní ḃíonn aon easpa ar an / dream '
darb / eagal / é.
10 Bíonn easpa agus ocras / ar na / leoin:
aċ ní ḃeiḋ aon ṁaiṫeas in easpa ar luċt / iarr-/
ṫa an / Tiarna.

11 Tagaigí, a ċlann, agus tugaigí / cluas /
dom: múinfiḋ mé / eag'la an / Tiarna /
daoiḃ.
12 Cá ḃfuil an fear a ṡantaíos / fad /
saoil: ar ṁian leis / sonas / ar a / laeṫanta?
13 Coinniġ do / ṫeang'a ó / olc: agus
do / ḃeo'la ó / ċaint / ċealgaċ.
14 Seaċnaiġ an t-olc, agus cleaċtaiġ /
dea-/ġníoṁarṫa: iarr an tsíoċáin / agus /
lean / di.
15 Bíonn súile an Tiarna / ar na / fíréin:
agus a ċluasa / foscail/te dá / n-urnaiṫe.



16 Bíonn gnúis an Tiarna in aġaiḋ luċt /
déan'ta an / oilc: lena gcuiṁne a / scriosaḋ /
den / talaṁ.
17 Bíonn na fíréin ag glaoċ, agus an /
Tiarna ' á / gcloisteáil: agus á slánú óna /
gcuireann / buaiream / orṫu.
18 Bíonn an Tiarna i ḃfogas luċt an ċroí /
ċoṁ/ḃrúite: agus slánóiḋ sé drong na /
spri/de uir/ísle.
19 Dá ṁéid / buaiream ' an / ḟíréin: bíonn
an Tiarna á / ḟuascailt / as ar / fad.
20 Bíonn sé / á / ċuṁdaċ: ar moḋ naċ /
mbristear / cnáṁ dá / ċnáṁa.
21 Aċ maróiḋ an tubaiste an / droċ-/
ḋuine: agus beiḋ luċt fuaṫa an / ḟíréin /
fágṫa / folaṁ.
22 Fuasclann an Tiarna anamaċa a / ṡeirḃ-/
íseaċ: agus ní ḃeiḋ easpa ar an dream
a / ċuireas ' a / ndóċas / ann.

Lá 7.

## Urnaí na Maidine

Salm 35. Judica, Domine.

Pléiġ mo ċúis, a Ṫiarna, leis an dream
atá ag cur / clampair / orm: agus troid
in aġaiḋ na / ndaoi'ne a/tá ag / troid liom.
2 Beireaḋ do láṁ ar an / sciaṫ / ċosanta:
agus éiriġ a/maċ do / ċuidiú / liom.
3 Tóg an tsleá agus seas sa ḃearna
roiṁ luċt mo / ġéarlean/úna: abair le /
m'anam ', is / mé do / ṡlánú.
4 Cuirtear náire agus aiféala ar an dream
ar ṁaiṫ leo / m'anam ' a / ḃeiṫ acu: cuirtear

ar gcúl, agus baintear stangaḋ as an dream
a ḃfuil / olc / acu / dom.
5 Bíḋís mar an luaiṫ / roiṁ an / ngaoṫ:
agus / aingeal ' an / Tiarna ' á / scaipeaḋ.
6 Go mba dorċa / sleaṁain a / mbealaċ:
agus aingeal an / Tiarna / ar a / dtóir.
7 Óir ċuireadar líon roṁam os íseal le
mo / scriosaḋ ' gan / ċúis: is gan ċúis a
rinneadar / poll le / haġaiḋ / m'anma.
8 Tigeaḋ scrios tobann formoṫaiṫe air,
agus gaḃaḋ a líon féin é, a / ċuir ' sé os /
íseal: ligtear lena / olc / féin / é.
9 Aċ beiḋ an Tiarna mar ċúis lú/ċáire '
dom / anamsa: agus a ṡlánúsan / aige '
mar / áḃar / áṫais.
10 Beiḋ mo ċeiṫre cnáṁa á rá, A Ṫiarna,
cé is cosúil leat, a ṡaoras an duine boċt
ón té is / treise ' ná / é: a ṡaoras an boċt
agus an té atá i mbuaireaṁ ón / té a / ḋéanas '
a / ċreaċ?

11 D'éiriġ fianaisí bréagaċa / ina / seasaṁ:
ċuireadar coirṫe i mo / leiṫ nárḃ / feasaċ /
dom.
12 Ṫugadar an t-olc dom in / aġaiḋ na /
maiṫeasa: rud a / ġoill go / mór ar / m'anam.
13 Aċ is amlaiḋ a ċuir mé saic-éadaċ orm,
nuair a ḃíodarsan breoite, agus ċloiġ mé /
m'anam ' le / troscaḋ: agus fillfiḋ mo /
ġuí im / uċt / féin.
14 Ḃínn dom iompar ionann's dá mba ċara
nó deartáir / dom / é: ḃí mé faoi ṫrom-ualaċ
bróin, mar an té a / ċaoin/eas a / ṁáṫair.
15 Aċ in am mo ġéiḃinn ḃí lúċáir orṫu,



agus ċruinn/iodar le / ċéile: ḃí na hanḋaoine
féin ag teaċt le ċéile ar mo ċúl, agus ag
síorċur cairr / orṫu / féin / liom.
16 I measc luċt na cluana ḃí daoine mag-/
úla / diana: a ḃain díoscarnaċ as a / ḃfiac-/
la im / éadan.
17 A Ṫiarna, ca fad a aṁarcfaiḋ / tú air /
sin: naċ ḃfuascloiḋ tú m'anam ón tubaiste
a ḃfuiliḋ á tarraingt orm, naċ saorfaḋ tú
m'anam / dílis / ó na / leoin?
18 Is amlaiḋ raċaiḋ mé á altú duit ar
an mór/ċoṁṫio/nól: agus molfaiḋ mé tú
i / measc an / poḃail / líonṁair.

19 Ná lig don dream a ḃíos mar naimde
agam maíoṁ as bua nár / ḃeannaiġ / Dia:
agus ná lig do na daoine a ṫug fuaṫ dom
gan ċúis a / súile ' a / ċaoċaḋ / orm.
20 Agus cad ċuige? De ḃrí naċ gcuireann
a gcomluadar an tsío/ċáin ar / aġaiḋ: aċ
go gcumann siad bréaga in aġaiḋ / daoine /
socra ' na / tíre.
21 Ṫugadar aġaiḋ a gcraois orm, / agus /
dúradar: Mo náire ṫú, mo náire ṫú, naċ
iad ár / súile / féin a / ċonaic é?
22 Ċonaic tusa / é, a / Ṫiarna: ná fan
mar sin i do ṫost agus ná / himiġ / uaim, a /
Ṫiarna.
23 Dúisiġ, agus éiriġ go dtuga tú breiṫ-
iúnas / ar mo / ċasaoid: tugaḋ mo Ḋia, agus
mo / Ṫiar/na mo / ċeart dom.
24 Taḃair breiṫ orm, mo Ṫiarna Dia, de
/ réir d'ḟír/éantaċta: agus ná lig dóiḃ
a / mbua a / ṁaíoṁ / orm.

25 Ná habraidís ina gcroí, Tá linn, seo
mar a/ ṫograíomar / féin é: ná habraidís
aċ oiread, Tá sé craos-/sloġṫa / siar / againn.
26 Go gcuirtear aiféala agus náire orṫu
i gcuideaċta a ċéile, ar an dream ar /
ġeal ' leo mo / ḃuaiream: cuirtear aċasán
agus easonóir ar a mbíonn / maí/teaċ im /
éadan.
27 Bíoḋ lúċáir agus gairdeas ar an drong
ar ṁaiṫ leo mo ġníoṁarṫa / fír/éanta: agus
bídís á rá i gcónaí, Altú don Tiarna, a
dtaitníonn sé leis a ṡeirḃ/íseaċ ' a /
ḃeiṫ go / sona.
28 Agus beiḋ mo ṫeanga ag cur síos ar /
d'ḟír/éantaċt: agus ag seinm do ṁolta
dá / mb' ḟad/a an / lá.

Salm 36. Dixit injustus.

Tá mo ċroí ag insint dom faoi ċiontaċt
/ ḟear an / oilc: naċ mbíonn eagla /
Dé os / coin'ne a / ṡúl.
2 Aċ é ag cur cluana air féin ina / ḋearcaḋ /
féin: go dtí go mbíonn ḟios ag an saol /
faoina / ṗeaca / ḟuafar.
3 Ní ṫagann focal fíréanta as a ḃéal,
aċ a / lán / bréag: ċuir sé suas den stuaim
agus / de na / dea-/ḃéasa.
4 Bíonn cointinn á cumaḋ aige ina leaba,
agus ní maiṫ an / tslí a / ġaḃ sé: agus ní
fuaṫ leis / aon / ní dá / olcas.

5 Aċ bíonn do ṫrócaire, a Ṫiarna, coṁ /
hard ' leis na / spéarṫa: agus bíonn do
dílseaċt ag / sroi/ċint na / néalta.



6 Bíonn d'ḟíréantaċt ag seasaṁ amaċ mar
na / sléibte / láidre: bíonn do ḃreiṫiúnas /
mar an / aiḃéis / ṁór.
7 Beiḋ an duine agus an beiṫíoċ á slánú
agat, a Ṫiarna: ní feaḃas go dtí do / ṫrócai-'
re, a / Ḋia: agus beiḋ dóċas ag Síol Áḋaiṁ
as / scái/le do / sciaṫán.
8 Taḃarfar a sásaṁ dóiḃ de oll/ṁaiṫeas '
do / ṫí: agus tú ag taḃairt d'aoiḃneas dóiḃ
lena / ól / mar / aḃainn.
9 Óir is leat / tobar ' na / beaṫa: agus
is i do ṡolas a / ḟeicfi/mid an / solas.

10 Lean de do ċarṫanaċt ġráṁar leis an
dream a ċuir / aiṫne / ort: agus de d'ḟíréan-
taċt le / luċt an / ċroí / ḟír.
11 Ná siúlaḋ cos an uaḃair / faoi mo / ḋéin-
se: agus ná leagaḋ láṁ an / droċ/duine /
mé.
12 Naċ íseal atáid ina luí, luċt gnáṫaiṫe
na / hurċóid'e / uile: tá siad ar lár, agus
ní / ḟéadfaiḋ / siad / seasaṁ.

Lá 7.

## Urnaí na Nóna

Salm 37. Noli aemulari.

Ná bí ag cur imní ort féin ar son an / droċ-/
ḋuine: agus ná bí ag / éad le / luċt
an / oilc.
2 Óir ní fada go ngearrfar mar / ḟéar / iad:
agus go ḃfeofaiḋ siad mar / ḟeonn ' an /
luiḃ / ġlas.

3 Cuir do ḋóċas sa Tiarna, agus cleaċt /
dea-/ġníoṁarṫa: fan i do ċónaí sa tír,
agus dar m'ḟírinne / ġeoḃaiḋ / tú do / ḃia.
4 Go mba é an / Tiarna / d'aoiḃneas: agus
tabarfaiḋ sé / ḋuit / mian do / ċroí.
5 Gaḃ i gcionn do ṡlí faoi ċoimrí an Tiarna,
agus cuir do / ṁuinín / ann: agus cuirfiḋ /
sé i / gcríċ / é.
6 Déanfaiḋ sé d'ḟíréantaċt ċoṁ soiléir /
leis an / solas: agus d' ionracas le / lár /
an / lae.
7 Tagaḋ ciúnas ort ón Tiarna, agus fan /
leis go / foiġneaċ: agus ná bí ag ceasaċt
faoin té a mbíonn an séan ar a ṡlí, faoin duine
a / ċleaċtas / claon/ċomairlí.
8 Éiriġ as d'ḟearg, agus cuir / uait an /
colg: ná cuir imní ort féin, nó má ċuireann,
is / caṫú ' ċun / oilc duit / é.
9 Scriosfar luċt / déan'ta an / oilc:
agus an dream a ḟanas go foiġneaċ leis an
Tiarna, is orṫu a / ṫitfiḋ / oiḋreaċt ' na /
tíre.
10 Tamall beag eile, agus beiḋ fear
an oilc imiṫe / as ar / fad: cuardóiḋ
tú an t-ionad a mbíoḋ sé, agus / beiḋ / sé ar /
ṡiúl.
11 Aċ beiḋ seilḃ an talaiṁ ag an dream
a ḃfuil spriḋ na / ceansaċt'a / ionṫu: agus
dá ṁéid í an tsíoċáin is móide an sólás a
/ ḃainfeas / siad / aisti.

12 Bíonn fear an oilc ag cur coṁairle
in agaiḋ an / fí/réin: agus ag baint díoscarnaí
as a / fiacla / ina / éadan.



13 Déanfaiḋ an Tiarna gáire fon/óideaċ /
faoi: ó ḟeiceann sé go / ḃfuil a / lá ag / teaċt.
14 Tarrainġ luċt an oilc a gclaíoṁ agus
lúba/dar a / mboga: go gcuirfiḋ siad an
boċt agus an dearóil ar lár, agus go maróiḋ
siad an dream a/tá ar / ṡlí a / leasa.
15 Raċaiḋ a gclaíoṁ trína / gcroí /
féin: agus / brisfear ' an / boga / orṫu.
16 Is fearr beagán ag an / ḃfír/éan:
ná mór/ṁaoin ag / luċt an / oilc.
17 Óir beiḋ láṁa luċt an / oilc á /
mbriseaḋ: agus beiḋ an Tiarna ina ċrann
taca / ag na / fír/éin.
18 Is aiṫnid don Tiarna laeṫanta na /
ndaoine / diaganta: agus fanfaiḋ a / n-oiḋ-/
reaċt go / bráċ.
19 Ní ḃeiḋ aiféala orṫu in / am na ' con-/
túirte: agus ġeoḃaiḋ siad a / sá in / am
an / ġorta.
20 Aċ is é atá i ndán do luċt an oilc, a
scrios; agus beiḋ naiṁde an Tiarna mar /
ḃláṫ an / ṁaċaire: beiḋ, agus raċaiḋ siad
as mar / ṫéann ' an / toit / as.

21 Faiġeann an droċḋuine / iasaċt ' naċ /
ḃfilleann: aċ bíonn an / fíréan / trócai-'
reaċ / flaiṫiúil.
22 An dream ar ḃeannaiġ Dia iad, ġeoḃaiḋ
siad / seilḃ na / tíre: agus an dream a
ṁallaiġ sé, / beiḋ / siad á / scriosaḋ.
23 Bíonn imeaċta an dea-ḋuine á rialú /
ag an / Tiarna: agus soirḃíonn sé a / ṡlí '
ċun a / ṡásaiṁ / féin.
24 Siúd is go dtiteann sé, ní ḟágfar ar /

láṙ / é: ó bíonn láṁ an Tiarna ag / cur /
taca / leis.
25 Ḃí mé óg, agus táim / aos'ta a/nois:
aċ ní ḟaca mé riaṁ an fíréan fágṫa, ná a
ṡlioċt ag / cruin/niú a / gcoda.
26 Bíonn an fíréan trócaireaċ i gcónaí,
agus tugann sé / iasaċt'aí / uaiḋ: agus
bíonn / beannaċt / ar a / ṡlioċt.
27 Seaċnaígí an t-olc, agus cleaċtaígí /
dea-/ġníoṁarta: agus fan mar a / ḃfuil /
tú i do / ċónaí.
28 Óir bíonn grá ag an / Tiarna' don /
ċeart: ní ṫréigeann sé a ṁuintir féin, an
ṁuintir ḋiaganta, aċ bíonn siad á / gcuṁdaċ '
go / síor/raí.
29 Cuirfear pionós ar / luċt an / oilc:
is do ṡlioċt na ndroċdaoine a/tá an / scrios
i / ndán.
30 Titfiḋ oiḋreaċt na tíre ar na / fír-/
éin: agus / mairfiḋ' siad / inti ' go / deo.
31 Bíonn béal an fíréin ag / cleaċtaḋ /
eagna: agus beiḋ a ṫeanga ag / tráċt ' ar
an / mbreit/iúnas.
32 Bíonn dlí an Tiarna / ina / ċroí: ní
im/eoiḋ ' a / ċosa ' as / faoi.
33 Bíonn fear an oilc ag coiṁéad an /
fír/éin: agus ag faire na faille go / marai /
sé / é.
34 Ní ḟágfaiḋ an Tiarna ar a / láiṁ / é:
ná ní ḋaorfaiḋ sé é nuair a cuirtear / faoi
ḃreiṫ/iúnas / é.
35 Cuir do ḋóċas sa Tiarna, agus coinniġ
a ṡlí, agus cuirfiḋ sé in arḋċéim tú, go



mbí / seilḃ na / tíre agat: nuair a ċuirfear
críoċ le fear an oilc / feicfiḋ' do / ṡúil / é.
36 Ċonaic mé féin fear an oilc faoi /
ċuṁaċt / ṁór: ag fás mar / ċrann / glas /
láraċ.
37 Ċuaiġ mé ṫart, agus / siúd ar / ṡiúl é:
ċuarḋaiġ mé é, aċ ní / raiḃ a / áit le / fáil.
38 Cloiġ leis an neaṁċiontaċt, agus tabair
aire don ní a/tá / ceart: óir tabarfaiḋ
sin síoċáin don / dui/ne sa / deireaḋ.
39 Raċaiḋ an drong ċoirṫeaċ ċun / éaga '
le / ċéile: is é an ċríoċ a ḃeas ar luċt an /
oilc, a / scrios sa / deireaḋ.
40 Aċ is ón Tiarna a ṫagann slánú na / ḃfír-/
éan: agus is é an Tiarna a / gcuṁaċt ' in /
am an / ḃuarṫa.
41 Seasfaiḋ an Tiarna dóiḃ, agus slán-/
óiḋ ' sé / iad: fuascloiḋ sé iad ó na droċ-
ḋaoine, agus saorfaiḋ sé iad, de ḃrí gur /
ċuirea'dar a / ndóċas / ann.

Lá 8.

## Urnaí na Maidine.

Salm 38. Domine, ne in furore.

Ná tabair acasán dom, a Ṫiarna' id /
fearg: ná smaċtaiġ / mé i / dteas do /
ḋíbeirge.
2 Óir tá do ṡaiġeada / sáite / ionam: agus
do láṁ a/nuas / orm go / trom.
3 Níl aon ḟónaṁ ar mo ċolainn, de / ḃrí
do / ḋíbeirge: ná ní ḟaiġeann mo ċnáṁa /
suaiṁneas ' de / ḃarr mo / ṗeaca.
4 Óir d'éiriġ mo ṁíġníoṁarta / os mo /

ċionn: agus táid mar ṫrom-ualaċ, a sár-/
aíonn sé / orm a / iompar.
5 Tá mo ċneáċa / bréan, / lofa: de / ḃarr
mo / ḋí/ċéille.
6 Lena dtáinig orm de ḃrón / agus ' de /
ḃuaiream: bím ag imeaċt faoi / ḋólás ' dá /
mb'ḟa'da an / lá.
7 Óir tá mo leasraċa líonta de / ḋroċ-/
aiċid: agus ní slán aon / ḃall de / ḃaill
mo / ċoirp.
8 Táim lag, agus is / géar mo / ġoin: lig
mé béic asam le / buai/ream mo / ċroí.
9 A Ṫiarna, is feasaċ duit / mian mo /
ċroí: agus ní ċeiltear ort na / hos/naí a /
tarraingím.
10 Tá mo ċroí ag bualaḋ go tiuḃ, agus
táim in / easpa / ḃrí: agus dallaḋ / so/las
mo / ṡúl.
11 Ṡeas mo ċairde agus mo ċomarsana ag
amarc / ar mo / ḃuaiream: agus ṡeas mo luċt /
gaoil i / ḃfad / uaim.
12 Ḃí fós an dream a raiḃ m'anam uatu
ag cur / dola / romam: agus an dream
a ḃí le mo ḋoċar ag canaḋ urċóide agus ag
beartú / feille ' dá / mb'ḟa'da an lá.
13 Agus ḃí mise mar ḃoḋrán, agus níor /
ċuala ' mé / iad: agus mar ḃalḃán naċ / ḃfos-/
clann a / béal.
14 Ḃí mé mar fear naċ ḃfuil / éisteaċt /
aige: ná ais/ḟreagra / ina / ḃéal.
15 Óir is ionat, a Ṫiarna, a / ċuir ' mé mo /
ḋóċas: is tú a ḟreagrós ar mo / ṡon, mo /
Ṫiarna / Ḋia.



16 Ḃa é m'iarratas naċ maiḟeaḋ an drong
sin mo naiṁde a / mbua / orm: óir nuair
a ṡleamnaiġ mo ċos, ċuir sin áṫas / mór
or'tu im / agaiḋ.
17 Agus, i ḃfírinne, is buan faoin / bplá /
mé: agus bíonn mo ṫuirse de / ṡíor / faoi mo /
ṡúil.
18 Óir ad/móiḋ mé / m'urċóid: agus
beiḋ / brón / orm faoi mo / ṗeaca.
19 Aċ bíonn mo naiṁde / beo / bríoṁar:
agus is mór méid an dreama a ṫug / fuaṫ /
dom gan / fáṫ.
20 Agus an dream a ṫugann an t-olc in agaiḋ
na maiṫeasa, / táid im / éadan: de ḃrí go /
leanaim / dá ḃfuil / maiṫ.
21 Ná tréig mé, mo / Ṫiarna / Ḋia: ná /
fan / ḃfad / uaim.
22 Déan deifir agus / cuidiġ / liom: a /
Ṫiarna / Dia mo / ṡlánaiṫe.

Salm 39. Dixi, custodiam.

1 Is é a dúirt mé, beiḋ mé / aireaċ ' faoi mo /
ṡliṫe: ionas naċ / bpeacaí / mé lem /
teanga.
2 Cuirfiḋ mé mar ḃeaḋ / srian le mo / ḃéal:
ċom fada agus bíonn / fear an / oilc ar /
m'amarc.
3 Ċosc mé mo teanga, gan aon / ní a /
rá: d'ḟan mé i mo tost, ó na dea-ḃriaṫra
féin, aċ ba é sin fáṫ mo / ṗéine / agus ' mo /
ḃróin.
4 Ṫéiġ an croí ionam, agus nuair a ḃí mé
ar na smaointe seo / d'ḟadaiġ ' an / tine:
agus labair / mé faoi / ḋeoiḋ le mo / ṫeanga.

5 A Ṫiarna, tabair fios feasa mo ċríċe
déanaí dom, agus / uiṁir ' mo / laeṫanta:
go mbí dearbú agam cad é an fad / saoil
a/tá i / ndán dom.
6 Féaċ, d'fág tú mar ḃeaḋ fad réise i mo
laeṫanta; agus níl im aois aċ neaṁní / os
do / ċoṁair: agus i ḃfírinne níl aċ díoṁ-
aoineas in / aon / duine ' dá / maireann.
7 Óir siúlann an duine ina scáil ḟolaṁ,
agus is díoṁaoin a ḃíonn sé á / ḃuaireaṁ /
féin: ag carnaḋ saiḃris, agus gan a ḟios
aige / cé a ' ċruin/neos / é.

8 Agus anois, a Ṫiarna, / cá ḃfuil ' mo /
ḋóċas: dar m'ḟírinne is ionat / féin a/tá
mo / ḋóċas.
9 Fuascail mé ó mo / ċionta / uile: agus ná
lig dom ḃeiṫ im aċasán / ag na / naṁad/áin.
10 D'éirig mé balḃ, agus níor oscail /
mé mo / ḃéal: óir ba / tú a / rinne / é.
11 Tóg do / plá / uaim: táim cloíte ar
fad ag trom-/ṁeá/ċain do / láiṁe.
12 Nuair a smaċtaíonn tú an duine le
haċasán ar son a ṗeaca, bíonn a ṁaise á
cnoí agat, mar éadaċ á / it'e ag / leaṁan:
níl in aon duine mar / sin aċ / dío/ṁaoineas.
13 Éist le mo guí, a Ṫiarna, agus tugaḋ
do ċluasa / éisteaċt ' do mo / ġlaoċ: ná fan
i do / tost / faoi mo / ḋeora.
14 Óir táim agat i mo / ḋeor/aí: agus i mo
ḋíṫreaḃaċ, mar ḃí / m'aiṫrea/ċa go / léir.
15 Lig dom seal beag, go ḃfille mo / ċuṁaċt /
orm: sula n-imí mé as seo, agus naċ mbí mé
le / feic/eáil / feasta.



Salm 40. Expectans expectavi.

D'ḟan mé go foiġneaċ / leis an Ṫiarna:
agus ċlaon sé ċugam, agus / ċuala / sé
mo / ġlaoċ.
2 Agus ṫug sé aníos mé as poll an uafáis,
as an lábán / agus ' an / dóiḃ: agus ċuir sé
mo ċosa ina seasaṁ ar an gcarraig, agus /
rialaig / sé mo / imeaċta.
3 Agus tá aṁrán úrnua curṫa i mo / ḃéal /
aige: mar atá / al/tú dár / nDia.
4 Is iomaí duine a feicfeas é, agus a / ġlacfas
/ eagla: agus a ċuirfeas a / ṁuin/ín sa /
Ṫiarna.
5 Is beannaiṫe an fear a mbíonn a / ḋóċas '
as / Dia: agus nár ċloíg le drong an díomais,
agus le / luċt lean/úna ' na / mbréag.
6 Mo Ṫiarna Dia, is mór na fearta a
rinne tú, ní lú do / smaointe / orainne: agus
ní ḃíonn aon / duine ' á / gcur i do / ċeann.
7 Dá n-insinn iad, agus dá ndéanainn /
tráċt / ortu: ṡárói/ḋis mo / ċumas / labarṫa.

8 Níor ṫoiliġ tú / íobairt ' ná / toirḃirt:
aċ / d'oscail / tú mo / ċluasa.
9 Níor iarr tú íobairt loiscṫe ná / íobairt /
ṗeaca: ba ansin a dúirt mé, / siúd ag / teaċt
/ mé.
10 Ar ṗár an leaḃair atá breaċta i mo
ṫaoḃ, go ḃfuil orm do toil a ċoṁlíonaḋ, a /
Ḋia / liom: táim sásta a ḋéanaṁ; tá do /
dlí i mo / ċroí is/tiġ.
11 D'ḟoilsiġ mé d'ḟíréantaċt sa / mór-/
ċruinniú: féaċ, ní ċoinneoiḋ mé mo ḃéal
ina tost, agus tá a / ḟios ' agat / é, a / Ṫiarna.

12 Níor ċeil mé d'ḟíréantaċt i mo / ċroí
is/tiġ: aċ labair mé ar d'ḟírinne / agus / ar
do / ṡlánú.
13 Níor ċoinniġ mé siar do ṫrócaire ġrámar
/ ná / d'ḟírinne: ón / mór/ċruin/niú.

14 Ná coinniġ do ṫrócaire / uaim, a /
Ṫiarna: bíoḋ do ċarṫanaċt ġrámar agus
d'ḟírinne do mo / ċum/ḋaċ i / gcónaí.
15 Óir timpeallaiġ buarṫa gan áireaṁ mé;
ḟuair mo peacaí greim orm ionas naċ ḃféadaim
mo ċeann a / tó/gáil: ní lia ribí mo ċinn
ná iad, agus / cloíoḋ mo / ċroí / ionam.
16 A Ṫiarna, go mba / toil leat / m'ḟuas-
cailt: déan deifir, a / Ṫiarna, do / ċuiḋiú/
liom.
17 Bíoḋ náire agus aiféala le ċéile ar an
dream atá le / m'anam ' a / ṁilleaḋ:
cuirtear ar gcúl iad, agus tugtar aiṫis don
dream a mbíonn / olc / acu / dom.
18 Bíḋis fágṫa, faoina / ndíol de / náire:
an dream a deir liom, mo náire / tú, mo /
náire / tú.
19 Go raiḃ tú féin ag an dream a bíos
dod iarraiḋ mar ċúis áṫais agus / lú/ċáire:
agus abraḋ an dream a ṫug grá do do ṡlánú
de ṡíor, / Molaḋ / leis an / Ṫiarna.
20 Táimse / boċt / dearóil: aċ ní beag
leis an / Ṫiar/na mo / ċás.
21 Is tú mo ċúntóir agus / m'ḟuascail-/
teoir: ná déan mórán / moil'le, a / Ḋia /
liom.



Lá 8.

## URNAÍ NA NÓNA

Salm 41. Beatus qui intelligit.

IS beannaiṫe an té a ṫuigeas cás an boiċt
agus an / dear/óla: fuascloíḋ an Ṫiarna
/ é i / lá an / ḃuarṫa.
2 Bíoḋ an Ṫiarna á ċumḋaċ, agus á
ċoinneáil beo, go mbí sé / beannai'ṫe ar /
talaṁ: agus ná scaoil / é do / toil a / naṁad.
3 Bíoḋ an Ṫiarna ag neartú leis, agus é i /
dtinneas / leapa: go mba tú a ċóireos a /
leab'a in / am a / tinnis.

4 Is é a dúirt mé, bí trócaireaċ / dom, a/
Ṫiarna: slánaiġ m'anam, óir / peacaiġ /
mé io / éadan.
5 Bíonn mo naiṁde ag / tuaraḋ / tubaiste:
ca faḋ go n-éaga sé agus go / mbái/tear
a / ainm ?
6 Agus má ṫagann sé dom ḟéaċaint, bíonn an
díoṁaointeas á / rá / aige: agus cumann a
ċroí istiġ bréaga leis féin, agus sceiṫeann sé
é / nuair a / imíonn / sé.
7 Bíonn mo naiṁde uile ag cogarnaċ le /
céi'le im / agaiḋ: is im agaiḋse a ċumas /
siad an / t-olc / féin.
8 Tá droċaicíd, deir siad, ag / greamú /
dó: agus ó tá sé ina luí ní éir/eoiḋ / sé /
ċoiċe.
9 Agus mo ḋlúṫċara féin, ar / taoḃ mé /
leis: agus a d'iteaḋ m'arán, rinne sé luío-/
ċán go / mór / orm.

10 Aċ bí tusa trócaireaċ / dom, a / Ṫiarna:
tóg suas arís mé, agus / bainfiḋ ' mé / cúiteaṁ
/ astu.
11 Is air seo a aiṫneoiḋ mé go ḃfuil tú
go / maiṫ / dom: nuair naċ ligeann tú do mo
naiṁde a / mbua a / ṁaíoṁ / orm.
12 Agus de ḃarr mo neaṁċoirṫeaċta
cuireann tú / taca / liom: agus cuirfiḋ tú
os coinne do / ġnúise / mé go / deo.

13 Go mbeannaiṫear don Tiarna / Dia /
Iosrael: saol gan / ċríċ. / Ái/méan.

Salm 42. Quemadmodum.

Mar is mian leis an ḃfia tarraingt ar na
toibreaċa / fíor/uisce: is aṁlaiḋ
bíonn m'anam do do / ṡan/tú, a / Ḋia.
2 Tá tart Dé, tart an Dé bí, / ar / m'anam:
cá fad go dtiocfaiḋ mé agus go ḃfeicfear /
mé i / láṫair / Dé?
3 Ba iad mo ḋeora ba ḃia dom / lá a's /
oíċe: agus iad á rá liom gaċ lá, anois cá
ḃfuil an / Dia / sin / agat?
4 Nuair a ḃím ar na smaointe sin, ligim
le raċt mo / ċroí im / aonar: óir ṫéinn leis
an slua, agus ṫug mé iad is/teaċ i / dteaċ
/ Dé;
5 Le haróḟuaim an ṁolta / agus ' an /
altaiṫe: i measc an dreama ḃíos ag / co-/
ṁóraḋ / féile.
6 Cad í an tuirse seo / ort, a / ṁ'anam:
cad é an mór/ḃuaireaṁ ' seo / ort i mo / lár?
7 Bíoḋ dóċas as / Dia / agat: óir taḃarfaiḋ



mé buíoċas dó go fóill ar son / caḃ/raċ a /
ġnúise.
8 A Ḋia liom, tá buaireaṁ ar an anam a-/
tá i mo / lár: dá ḃrí sin beiḋ mé ag cuiṁneaṁ
ort ó Ṫír Iordáin, ó Ḣermon / agus / ón /
gcnocán.
9 Bíonn na doiṁneaċta ag glaoċ ar a
ċéile, as tor/mán do / tuilte: ċuaiġ do
ṫonnta agus do ḋoineanna / uile / os mo / ċionn.
10 Beiḋ an Tiarna ag deonú a ċarṫanaċta
gráṁaire / dom sa / lá: agus san oíċe fós
beiḋ mé ag canaḋ dó, agus ag / guí / Dé
mo / ḃeaṫa.
11 Déarfaiḋ mé le Dia mo ċuṁaċta, cad
ċuige a ndearna tú / dearmad / orm: cad
ċuige dom imeaċt faoi ṫuirse, ó / ḋian/smaċt
an / naṁad?
12 Mar ḃuille claíṁ ag / coscairt ' mo /
ċnáṁ: bíonn mo naiṁde a ḃíos do mo buaireaṁ
á / ċaiṫeaṁ / suas / liom;
13 Mar tá, bíonn siad á rá liom / gaċ /
lá: cá ḃfuil do / Ḋia-/sa a / nois?
14 Cad í an tuirse seo / ort, a / ṁ'anam:
cad ċuige duit beiṫ ċom / buarṫa / sin i mo/
lár?
15 Bíoḋ dóċas as / Dia / agat: óir taḃar-
faiḋ mé buíoċas dó go fóill, ós é cuidiú
mo ġnúise / agus ' mo / Ḋia / é.

Salm 43. Judica me, Deus.

Tabair saorḃreiṫ orm, a Ḋia, agus pléiġ mo
ċúis in aġaiḋ na ndaoine / mí/ċráifeaċa:
fuascail mé ón ḃfear / feallṫaċ / ur/ċóideaċ.

2 Óir is tú Dia mo ċumaċta; cad ċuige
ar ċuir tú / uait / mé: cad ċuige dom imeaċt
faoi ṫuirse, ó / ḋian/smaċt an / naṁad?
3 Cuir faoi mo ḋéin do ṡolas agus d'ḟírinne,
go / dtreoraí ' siad / mé: agus go dtuga
siad mé ċun do / naoṁċnoic / agus ' ċun /
d'árais;
4 Agus go dté mé faoi ḋéin altóra Dé, ċuig
Dia is cúis aoiḃnis agus / gairdis / dom:
agus altóiḋ mé duit é ar an gcláirseaċ, a /
Ḋia, / mo / Ḋia.
5 Cad í an tuirse seo / ort, a / ṁ'anam:
agus cad ċuige duit beiṫ ċoṁ / buarṫa / sin
i mo / lár?
6 Bíoḋ dóċas as / Dia / agat: óir taḃarfaiḋ
mé buíoċas dó go fóill, ós é cuidiú mo
ġnúise / agus ' mo / Ḋia / é.

Lá 9.

## Urnaí na Maidine

Salm 44. Deus, auribus.

1S IAD ár gcluasa féin a ċuala é, a Ḋia,
d'inis ár n-aiṫreaċa / dúinn / é: cad
é a rinne tú / lena / linn fad/ó;
2 Conas a ċaiṫ tú amaċ na págánaiġ le do
láiṁ, agus a ċuir tú / iadsan ' is/teaċ:
conas a ċuir tú ár ar na náisiúin, agus a
ċuir tú / bláṫ / orṫu/san.
3 Óir níorḃ é a gclaíoṁ féin a ḃain amaċ /
seilḃ na / tíre: ná níorḃ í a láṁ / féin a / ċuidiġ
/ leo;



4 Aċ ba í do láṁ ḋeas, agus do ġéag,
agus / solas ' do / ġnúise: de ḃrí go raiḃ /
gean / agat / orṫu.

5 Is tú mo / Rí, a / Ḋia: cuir / cabair /
ċuig / Iácób.
6 Is tríotsa a ċuirfimid ár / naiṁ'de
ar / lár: agus is id Ainm a ċuirfimid faoinár
gcosa an dream a éir/eos / inár / n-éadan.
7 Óir ní has mo ḃoġa a/tá mo / ṁuinín:
ní hé mo ċlaíoṁ a / ċuid/eos / liom.
8 Aċ is tú a ṡlánaíos sinn / ónár / naiṁde:
agus a ċuireas aif/éala ar / luċt ár / ḃfuaṫa.
9 Beimid ag maíoṁ as Dia dá / mb' ḟa-'
da an / lá: agus / molfai'mid / d'Ainm
go / deo.

10 Aċ anois fanann tú i ḃfad uainn, agus
cuireann tú ai/féala / orainn: agus ní
ṫéann tú a/maċ / lenár / sluaite.
11 Tugann tú orainn ár gcúl a ṫiontú /
lenár / naiṁde: go mbíonn luċt ár / ḃfuaṫa /
ár / gcreaċaḋ.
12 Ligeann tú dúinn beiṫ d'ár / n-iṫe ' mar /
ċaoiriġ: agus táimid scaipṫe agat i / measc /
na bpá/gánaċ.
13 Díolann tú do / ṁuintir ' in / aisce:
agus ní iarrann tú / aon / airgead / orṫu.
14 Déanann tú aċasán / dínn dár / gcoṁar-
sana: cúis ġáire agus fonóide dá / ḃfuil /
inár / dtimpeall.
15 Déanann tú seanḟocal dínn i measc
na / bpá/gánaċ: go gcraiṫeann na / daoi-'
ne a / gcinn / orainn.

16 Bíonn an aiféala os mo ċoinne / gaċ /
lá: agus m'aġaiḋ ar fad / dearg / leis an /
náire;
17 Ar son glóir luċt an scannail / agus '
an / ṁasla: de ḃarr an naṁad / agus ' an /
duine / ḋioltasaiġ.

18 Agus tar éis ar ṫáinig orainn, ní
ḋéanaimid / dearmad / ort: ná ní ḃímid
claon inár / n-iompar / i do / ċonraḋ.
19 Ní ḋeaċaiġ ár / gcroí ar / gcúl: ná
níor ḟág ár / gcois/céim do / ṡlí.
20 Ní hamlaiḋ, siúd is gur buail tú roṁat
go hionad na / ndragún / sinn: agus gur
ċuṁdaiġ tú / sinn le / scáil an / ḃáis.
21 Má rinneamar dearmad de Ainm ár
nDé, nó má ṫógamar ár láṁa do / Ḋia /
ċoimṫíoċ: naċ ḃfaiġiḋ Dia a ḟios? Ós
feasaċ dó na smaointe is / uaig/ní sa / ċroí.
22 Is ar do ṡon a ḋéantar ár orainn ar /
feaḋ an / lae: agus a ṁeastar sinn mar
ċaoiriġ atá le / dul / ċun an / ḃroiṫí.
23 Éiriġ suas, a Ṫiarna, cad é an / codlaḋ '
sin / ort: dúisiġ, agus ná / fan / uainn de /
ṡíor.
24 Cad ċuige a gceileann / tú do / ġnúis:
agus ar ḋearmad leat ár / mbrón / agus '
ár / mbuaireaṁ?
25 Óir is íseal a tugaḋ ár n-anam, ċun luí
sna / luaiṫe / féin: agus bíonn ár mbolg /
sínte / ar an / talaṁ.
26 Éiriġ, agus / fóir / orainn: agus fuascail
/ sinn as / uċt do / ṫrócaire.



Salm 45. Eructavit cor meum.

TÁ MO ċroí ag deaċtú dom ar / ḋea-/
áḃar: táim ag aiṫris na ndréaċt a /
ċum / mé don / rí.
2 Is / cleite ' mo / ṫeanga: i nglac /
scríḃ/neora / ċliste.

3 Tá áille agat atá ṫar áille / Ṡíl / Áḋaiṁ:
is lán de ġnaoi do ḃeola, de ḃrí gur ḃeannaiġ /
Dia go / deo / ṫú.
4 Croċ do ċlaíoṁ ar do ṡliasaid, a / rí-/
laoiċ: mar is dual do do / ċlú / agus ' do do /
ċáil.
5 Bí áḋúil mar tá / tú o/nóraiṫe: tiomáin
roṁat, as uċt briaṫair na fírinne agus na
ceansaċta agus na fíréantaċta; agus beiḋ do
láṁ ḋeas ag múineaḋ / gníoṁar'ta / creaṫna-'
ċa / duit.
6 Is géar atá do ṡaiġeada i gcroíṫe / naiṁde
an / rí: agus cuirfear na / daoine / faoi do /
smaċt.
7 Is buan go bráċ do / ċaṫaoir, ' a / Ḋia:
is slat / ċirt í / slat do / ríoċta.
8 Ṫug tú grá don ḟíréantaċt, agus / fuaṫ
don / éagóir: dá ḃarr sin d'ung Dia, do Dia
féin, tú le hola an aoiḃnis de / roġain ṫar /
laoċra / eile.
9 Is cuṁra d'éadaí uile le miorr agus le
fóifíonaċ / agus ' le / cassia: a ṫáinig as na
cúirteanna / eaḃra dob / áḃar ' do do / ṡó.
10 Bíonn iníonaċa rí ar do / ṁná / uaisle:
ar do láiṁ ḋeas tá an ḃanríon i ngúna órṡnáiṫe,
a ḃfuil / obair ' il/daite / faoi.

11 Éist, a iníon, agus tabair aire, agus / claon do / ċluas: dearmad do ṁuintir féin, agus / teaġ/laċ / d'aṫar.

12 Is aṁlaiḋ a taitneoiḋ d'áilleaċt / leis an / rí: óir is é do Ṫiarna é, / agus / uṁlaiġ / dó.

13 Beiḋ iníon Tiorra an/sin le / tabartas: agus beiḋ na fir ṡaibre fós ar na daoine ag cur a / n-aċain/íoċa i do / láṫair.

14 Tá iníon an rí ar aon ḃarr dealraiṫe is-/tiġ sa / ċúirt: níl ina / héadaí ' aċ / ór / fite.

15 Tabarfar faoi ḋéin an rí í in / éadaí ' gréas-/oibre: beiḋ na maiġdeana a ḃios léi ina coiṁdeaċt, agus / tabarfar / ċugat / iad.

16 Beiḋ siad á gcomóraḋ go lú/ċáireaċ / áṫasaċ: ag dul is/teaċ i / gcúirt an / rí.

17 Beiḋ clann agat in / ionad / d'aiṫreaċa: féadfaiḋ tú ríṫe a ḋéanaṁ / díoḃ ar / fuaid na / dtíorṫa.

18 Beiḋ mé ag cur d'ainm i gcuiṁne ó / ġlúin go / ċéile: is aṁlaiḋ a ḃeiḋ na ciníoċa ag tabairt / buíoċais ' duit, / saol gan / ċríċ.

Salm 46. Deus noster refugium.

IS É Dia ár ndóċas / agus ' ár / neart: is giorra dúinn a / ċabair / inár / mbuaireaṁ.

2 Ní beiḋ eagla orainn mar sin, siúd is go / gcraitear ' an / talaṁ: agus go gcartar na cnoic a/maċ i / lár na / farraige.



3 Siúd is go mbíonn a tonnta ar / mire / agat: agus go mbaintear criṫ as na / sléibte / leis an / ndoineann.

4 Tá aḃainn ann, a mbíonn a sruṫanna ag cur aoiḃnis ar / ċaṫair / Ḋé: ionad naofa pail/liúin an / Té is / Airde.

5 Bíonn Dia ina measc, agus ní ḃogfar í dá / ḃrí / sin: tiocfaiḋ Dia ċuici le cabair, agus / tiocfaiḋ / sé gan / ṁoill.

6 Tá mórġleo as na náisiúin, agus tá gluaiseaċt faoi na / ríoċ/ta: aċ cluineaḋ glór Dé, agus / cos/cróiḋ an / ċruinne.

7 Tá Tiarna na / slua / linn: is é Dia / Iá/cóib ár / ndídean.

8 Tagaigí ċugainne, go ḃfeice siḃ / oibrea-' ċa an / Tiarna: an scrios a / ṫug sé / ṫar an / talaṁ.

9 Tá sé ag cur críċe le cogaí ar / fuaid an / doṁain: tá sé ag briseaḋ an ḃoġa, agus ag déanaṁ ḋá leaṫ den tsleá, agus ag dó na / gcarb/ad sa / tine.

10 Tostaigí mar sin, aċ aiṫnígí gur / mé is / Dia ann: beiḋ mé dom ardú i measc na náisiún, agus beiḋ mé dom / ardú / ar an / talaṁ.

11 Tá Tiarna na / slua / linn: is é Dia / Iá/cóib ár / ndídean.

Lá 9.

## URNAÍ NA NÓNA.

Salm 47. Omnes gentes, plaudite.

Buailigí bur mbosa faoi ċéile, a ċin/íoċa / uile: agus canaigí go binn/ġlór/aċ do / Ḋia.
2 Óir is ard ineaglaiṫe / é an / Tiarna: is é an Rí mór é a/tá os / cionn na / cruinne.
3 Cuirfiḋ sé na ciníoċa / faoinár / smaċt: agus na / náisiúin / faoinár / gcosa.
4 Toġfaiḋ sé / oiḋreaċt / dúinn: a mbeiḋ an feaḃas uirṫi is dual do Iacób dá / dtug / sé / grá.

5 Ċuaiġ Dia suas le / glórṫa / gairdis: ċuaiġ an Tiarna suas le / séid/eaḋ an / stoic.
6 Seinnigí molaḋ, seinnigí / molaḋ ' ár / nDé-ne: seinnigí molaḋ, / seinnigí / mol'aḋ ár / Rí.
7 Óir is é Dia Rí na / cruinne / uile: seinnigí a / ṁolaḋ ' go / heal/aíonta.
8 Tá Dia ina rí os cionn na / bpá/gánaċ: tá Dia ina ṡuí / ar a / ċaṫaoir / naofa.
9 Tá ceann urraí na gciníoċa agus muintir Dé Abraċaim ag / cur le / ċéile: óir bíonn Dia, atá ard oirirc, ag cosaint an / talaiṁ, ' mar a / beaḋ le / sciaṫ.

Salm 48. Magnus Dominus.

Móraíṫear an Tiarna agus / moltar ' go / hard é: i gcaṫair ár nDé, agus ar a / ċnoc / naofa / féin.



2 Áit álainn cnoc Ṡióin, aoiḃneas an / talaiṁ / uile: ar an taoḃ ó ṫuaiḋ atá suí caṫraċ an Ardrí; tá a ḋea-ḟios acu ina cúirteanna go ḃfuil Dia / ina / ḋídean / ḋaingin.

3 Óir b'ṡiúd / rí'ṫe an / talaiṁ: ag slóġaḋ, agus ag / siúl / ṫarainn ' le / ċéile.
4 Ċuir a ḃfacadar / iontas / orṫu: ṫáinig toċt orṫu, agus cuireaḋ ar / lár go / tobann / iad.
5 Ṫáinig eagla orṫu, agus / ṫáinig / brón: mar ṫagann ar / ḃean in / aistear / ċlainne.
*6 Bíonn loingis na farraige a/gat á / mbriseaḋ / leis an / ngaoṫ a/noir.
7 Mar ċualamar, is aṁlaiḋ a ċonaiceamar i gcaṫair Tiarna na slua, i / gcaṫair ' ár / nDé: a mbíonn / Dia á / cosaint ' go / deo.

8 Táimid ag fanaċt le cartanaċt ġráṁar / uait, ' a / Ṫiarna: i / gceart/lár do / ṫeampaill.
9 A Ḋia, mar is dual do d'Ainm, bítear do do ṁolaḋ go / deir'eaḋ an / domain: is lán do láṁ / ḋeas den / ḟír/éantaċt.
10 Bíoḋ lúċáir ar Ċnoc Ṡióin, agus / áṫas ar in/íonaċa / Iúda: de / ḃarr do / ḃreiṫ-/iúnais.
11 Siúlaigí faoi Ṡíón, agus / timpeall'aígí / í: agus / coṁair'ig/í a / túir.
12 Tabair beann ar a babúin cosanta, agus tabair aire / ar a / tiṫe: go n-insí / siḃ don / ġlúin a / ṫiocfas.

* Le canaḋ gan sos láir.

13 Óir is é ár nDia le saol na saol an /
Dia / sin: is é an treoraí a / ḃeas ag/ainn
go / bás.

Salm 49. Audite haec, omnes.

Éistigí leis seo, a / ḋaoine / uile: tugaigí
cluas ġéar dó, a luċt / áiti/te na /
cruinne.
2 Uasal agus íseal, / boċt ' agus / saiḃir:
gaċ / dui/ne le / céile.
3 Labróiḋ mo / ḃéal ar / eagna: agus
beiḋ mo / ċroí ag / smaoin'eaṁ ar / tuiscint.
4 Claonfaiḋ mé mo ċluas leis an / ḃfáit-/
scéal: noċtfaiḋ mé rún/diaṁair / leis an /
gcláirseaċ.

5 Cad ċuige a mbeaḋ eagla orm i / laeṫanta
an / oilc: nuair a bíos an urċóiḋ ar mo /
ṡála / do mo / ṫimpeallú?
6 Tá dream ann a ṫéas i muin/in a /
maoine: agus a / ṁaíos ' as / méid a / saiḃris.
7 Aċ ní féidir le duine a / ḃráṫair a /
ḟuascailt: ná teaċt ar margaḋ / ar a /
ṡon le / Dia.
8 Ós daoire ná sin a ceann/aíod ' a /
n-anamaċa: ar ṁoḋ go gcaiṫfiḋ sé / éirí /
as go / deo;
9 Siúd a's go / mairfeaḋ ' sé i / ḃfad:
agus naċ / ḃfeicfeaḋ / sé an / uaiġ.
10 Óir feiceann sé go n-éagann na saoiṫe fós,
agus go dtéann siad ar / fad ar / neamní:
mar aon leis na daoiṫe agus na hamadáin,



agus go ḃfágann siad a / maoin do / ḋaoine /
eile.
11 Agus measann siad ina ḋiaiḋ sin go
ḃfanfaiḋ a dtiṫe go deo, agus go mairfiḋ
a gcónaiṫe ó / ġlúin go / céile: agus gaireann
siad a / n-ainm'neaċa / ar na / tíorṫa.
12 Aċ siúd a's go ḃfaiġeann an duine clú,
ní / buan/ é: ós féidir a ċur i gcosúlaċt
leis na hainmiṫe a / té/as ar / neaṁní.

13 Is í an amaidí féin a / slí / siúd: cé
go / molann ' a / slioċt a / gcaint.
14 Luíonn siad in ifreann mar ċaoiriġ, is
é an bás a n-aoire, agus beiḋ an réim ag na
fíréin / or'tu ar / maidin: beiḋ a maise
á ċloí sa tuama, agus ní / ḃeiḋ / sí / buan.
15 Aċ tá m'anam fuascailte ag Dia ó /
ċumaċt / ifrinn: óir / glacfaiḋ ' sé / ċuige /
mé.
16 Ná bíoḋ eagla ort, má éiríonn / duine /
saiḃir: nó má ṁéad/aítear / glóir a / ṫí.
17 Óir ní ṫabarfaiḋ sé aon ní leis nuair
a / ġeoḃaiḋ sé / bás: ná ní leanfaiḋ a / ṁór-/
ċúis / dó.
18 Óir ċoṁ fada agus ṁair sé, ṁeas sé
é féin ina / ḟear / áṁar: agus ċoṁ fada
agus bíonn tú mar is maiṫ leat féin, / beiḋ
an / saol do do / ṁolaḋ.
19 Leanfaiḋ sé do / ġlúin a / ṡinsir: ní
ḟeicfiḋ / sé an / solas / ċoiċe.
20 An duine a ḟaiġeann clú agus a/tá gan /
tuiscint: cuirtear i gcosúlaċt é leis na
hainmiṫe a / té/as ar / neaṁní.

Lá 10.

## URNAÍ NA MAIDINE.

Salm 50. Deus deorum.

Labair an Tiarna, labair / Dia na / gcuṁaċt: agus ġlaoiġ sé ar an doṁan, ó / éirí ' go / dul ' faoi na / gréine.

2 Noċt Dia a/maċ as / Síón: is é an / áilleaċt / féin / é.

3 Tiocfaiḋ ár nDia, agus ní fanfaiḋ sé / ina / tost: raċaiḋ tine ċraos-sloġtaċ roiṁe, tógfar mór/ḋoineann / ġaoiṫe ' ina / ṫimpeall.

4 Glaofaiḋ sé a/nuas ar / neaṁ: agus ar talaṁ, go dtuga sé breiṫ/iúnas / ar a / ṁuintir.

5 Cruinniġí le ċéile / ċugam ' mo / naoiṁ: an dream a rinne / conraḋ / liom le / híobairt.

6 Agus foilseoiḋ na neaṁa a / fír/éantaċt: óir is é / Dia / féin is / breiṫeaṁ.

7 Éisteaḋ mo ṁuintir liom, agus / laḃróiḋ / mé: taḃarfaiḋ mé féin fianaise id éadan, a Iosrael; ós mé / Dia, do / Ḋia / féin.

8 Ní ḃfaiġiḋ mé locht ort de / ḃarr / d'íobarta: más ag tráċt ar íobarta loiscṫe é, bíd de / ṡíor / os mo / ċoinne.

9 Ní ġlacfaiḋ mé bull/án ' as do / ṫeaċ: ná pocán / ġabair / as do / ḃanraċa.

10 Óir is liom beiṫiġ / uile ' na / coille: agus is liom an / t-eallaċ ' ar / ṁíle / cnoc.

11 Tá aiṫne agam ar éanlaiṫ / uile ' na / sléiḃte: tá beiṫiġ allta an / ṁaċai/re ar / m'aṁarc.



12 Má ḃíonn ocras orm, ní / ḋuit ' a in-/seod é: ós liom an / ċruinne, ' a's a / ḃfuil / inti.

13 An measann tú go n-íosfaiḋ / mise ' feoil / tarḃ: agus go / n-ólfaḋ'sa / fuil / gaḃar?

14 Go mba é an buíoċas d'of/ráil do / Ḋia: coṁall do / ṁóideanna don / Té is / Airde.

15 Agus glaoiġ orm in / am an / ḃuarta: is aṁlaiḋ beiḋ mise do d'éisteaċt, agus / beiḋ / tú do mo / ṁolaḋ.

16 Aċ is é deir Dia le / fear an / oilc: cad ċuige a mbíonn tú ag seanmóiriú mo ḋliṫe, agus cad ċuige a nglacann / tú mo / ċonraḋ i do / ḃéal;

17 Cé gur fuaṫ leat do ċur ar / ḃealaċ ' do / leasa: agus go dtug tú / droim do / láiṁe ' do mo / ḃriaṫra?

18 Nuair a ċonaic tú gadaí, ċuaiġ tú i / gcoṁar / leis: agus ḃí tú / páirteaċ le / luċt an / aḋaltranais.

19 Ligteá do do ḃéal an / t-olc a / rá: agus ċuireaḋ do ṫeanga na / bréa/ga in / iúl.

20 Ḃiteá i do ṡuí, agus labartá in / aġaiḋ ' do / ḋeartár: sea, agus ḋéantá iṫiom/rá ar / ṁac do / ṁáṫar.

21 Rinne tú aṁlaiḋ, agus d'fan mise i mo tost, agus ṫug an urċóid ort a smaoineaṁ, naċ ḃfuil ionamsa aċ do / leiṫéid / eile: aċ taḃarfaiḋ mise aċasán duit, agus noċtfaiḋ mé duit a / ḃfuil / déanta / agat.

22 Dearcaiġí air seo, a luċt / dearmad-'
ta / Dé: ar eagla go gcuirfinn den saol
siḃ, agus gan an / té ann ' a / ḟuasclóḋ / siḃ.
23 An té a ṫugann buíoċas agus molaḋ dom,
is é a / ḋéanann ' m'o/nórú: agus an té a
ċaiṫeas a ṡaol mar is ceart, taispeánfaiḋ
mé / slánú / Dé / dó.

Salm 51. Miserere mei, Deus.

Bí trócaireaċ dom, a Ḋia, de réir do /
mór/ṁaiṫeasa: de réir méid do ṫrócaire,
/ scrios a/maċ mo / ċionta.
2 Nig mé ar / fad óm / urċóid: agus /
glan mo / ṗeaca / díom.
3 Óir ad/ṁaim mo / loċta: agus bíonn
mo ṗeaca de / ṡíor / os mo / ċoinne.
4 Is i d'aġaidse amáin a ṗeacaiġ mé, agus
a rinne mé an ní is / olc i do / ṡúile: ar moḋ
go mb'ḟíréanta do ḃriaṫar, agus naċ mbeaḋ /
smúid ' ar do / ḃreiṫ/iúnas.
5 Féaċ, is in urċóid a dealḃ/aíoḋ /
mé: is i bpeaca a ġaḃ mo / ṁáṫair / ina /
broinn mé.
6 Aċ naċ n-iarrann tú an ḟírinne sa /
ċroí is/tiġ: agus naċ múinfiḋ tú / eagna /
dom os / íseal!
7 Sciúrfaiḋ tú le hiosóp mé, agus is /
glan a / ḃeas mé: nífiḋ tú mé, agus beiḋ
mé níos / gile / ná an / sneaċta.
8 Cuirfiḋ tú dea-scéal áṫais agus lú-/
ċáire / ċugam: ionas go mbeiḋ gairdeas ar
na / cnáṁa a'tá / briste / agat.
9 Tiontaiġ do / ġnúis ó mo / ṗeacaí: agus
scrios amaċ mo / ṁí/ġníoṁarta / uile.



10 Cruṫaiġ croí glan / ion'am, a / Ḋia:
agus cuir spriod ċeart / ionam / as an / nua.
11 Ná díbir ó do / láṫair / mé: agus ná
tóg do / naoṁ/spiorad / uaim.
12 Taḃair do ċaḃair arís mar / ṡólás /
dom: agus neartaiġ le do / spiorad / saor / mé.
13 Múinfiḋ mé do ṡlite do / luċt an / oilc
agus iom/pófar ' na / peacaiġ / ċugat.
14 Fuascail mé ó ċoir na fola, a Ḋia,
ós tú / Dia mo / ṡlánaiṫe: agus canfaiḋ
mo / ṫeanga / d'ḟír/éantaċt.
15 Osclóiḋ tú mo / ḃeola, a / Ṫiarna:
agus foil/seoiḋ mo / ḃéal do / ṁolaḋsa.
16 Óir ní iarrann tú aon tsaicrifís, dá
n-iarrtá taḃarfainn / duit / í: aċ ní ḃíonn
dúil agat in / ío/bairtí / loiscte.
17 Spriod ḃuarṫa is ea / íobairt / Dé:
croí briste comḃrúite, a Ḋia, ní / beag do /
ḃeann / air.

18 Bí caradaċ / fialṁar ' le / Síón déan
ballaí Iar/úsa/lem a / ṫógáil.
19 Is san uair sin a ġlacfaiḋ tú go fonnṁar
le hiobairtí na fíréantaċta, idir íobairtí
loiscte / agus / toirḃirtí: agus san uair
sin beiḋ na daiṁ óga á / n-ofráil / ar /
d' altóir.

Salm 52. Quid gloriaris?

Cad ċuige a mbíonn tú ag maíoṁ, a / tío-/
ránaiġ: go ḃfuil ar do / ċumas / olc a /
déanaṁ?
2 Aċ dá ainneoin / sin / uile: maireann /
maiṫeas / Dé gaċ / lá.

3 Cumann do / teanga / urċóid: agus
gearrann tú le bréaga mar le / géar/scian /
bearrṫa.
4 B'ansa leat an neaṁḟíréantaċt / ná
an / ṁaiṫeas: agus b'ḟearr leat laḃairt ar
bréaga ná laḃairt / ar an / ḃfír/éantaċt.
5 Ba ḃreá leat gaċ focal is mó a ḋéanfaḋ /
doċar ' a / laḃairt: a / tean/ga na / bréige.
6 Dá ḃrí sin scriosfaiḋ Dia go / deo / tú:
béarfaiḋ sé ort, agus tógfaiḋ sé as d'ionad
ċónaiṫe tú, agus tarraingeoiḋ sé as do
ṗréaṁaċa / tú as / talaṁ ' na / mbeo.

7 Agus feicfiḋ an fíréan an ní sin, agus
beiḋ / eagla / air: agus ḋéanfaiḋ sé / gáire '
fon/óideaċ / faoi.
8 Féaċ, siúd an fear nár ġlac Dia / mar
a / neart: aċ a ċuir a ḋóċas i méid a ṁaoine,
agus a neartaiġ é / féin / ina / urċóid.
9 Aċ bímse mar ċrann ġlas ola i / dteaċ /
Dé: tá mo ḋóċas as maoṫ-ṫrócaire / Dé
go / saol na / saol.
10 Beiḋ mé ag taḃairt buíoċais duit go
deo as a / ndearna / tú: agus beiḋ mo ḋóċas
as d'Ainm, ós / é is / fearr le do / naoiṁ.

Lá 10.

## URNAÍ NA NÓNA.

Salm 53. Dixit insipiens.

IS É a dúirt an duine amaideaċ / ina / ċroí:
Níl / aon / Dia / ann.
2 Is truaillíṫe atá siad, d'éiriġ a /



n-urċóid / gráiniúil: níl aon / dui'ne a /
ḋéanas ' an / ṁaiṫ.
3 D'ḟéaċ Dia anuas ó neaṁ ar / ċlann /
Áḋaiṁ: go ḃfeicfeaḋ sé an mbeaḋ tuiscint
ag aon duine, an / iarrfaḋ / sé / Dia.
4 Aċ ċuadar uile as an slí, d'éiríodar
gráin/iúil ar / fad: níl duine ann a ḋéanas
an ṁaiṫ, níl, / fiú aon / duine a/ṁáin.
5 Naċ iad atá gan tuiscint, a mbíonn
droċ/ḟuadar / fúṫu: ag iṫe mo ṁuintire
mar d'iosfaidís arán? Níor / ġlaoiġ / siad
ar / Dia.

6 Ḃí eagla orṫu gan áḃar / eagla / ann:
óir ḃris Dia cnáṁa an té a / ċuir / léigear /
ort.
7 Ċuir tú / náire / orṫu: ó ḃí / dímeas '
ag / Dia / orṫu.
8 Go raiḃ an slánú á ḃronnaḋ ar Iosrael
as / Sión a/maċ: go ḃfuascla an / Tiar'na
a / ṁuintir ' as / broid!
9 Is ansin a ḃeaḋ / lúċáir ' ar / Iácób:
agus / áṫas ' ar / Iosra/el.

Salm 54. Deus, in nomine.

SAOR mé, a Dia, as / uċt / d'Ainm: baineaḋ
do ċumaċt / díoltas a/maċ ', ar mo / ṡon.
2 Éist le mo / ġuí, a / Dia: agus taḃair /
cluas do / ḃriaṫra ' mo / ḃéil.
3 Óir tá coiṁṫíġ i ndiaiḋ / éir'í im /
éadan: agus tá tíoránaiġ, naċ mbíonn Dia
os coinne a súl, ag / iarr/aiḋ / m'anma.

4 Féaċ, is é / Dia mo / ċúntóir: tá an
Tiarna i bfoċair / luċt / cosan'ta / m'anama.
5 Tabarfaiḋ sé / olc do mo / naiṁde: scrios /
iad de / réir / d'fírinne.

6 Tabarfaiḋ mé duit ofráil ó ċroí ṡaor,
agus molfaiḋ mé / d'ainm, a / Ṫiarna: óir
is / mór an / sólás / é.
7 Óir d'ḟuascail sé mé as mo / ḃuaireaṁ /
uile: agus ċonaic mo ṡúil a / mian / ar mo /
naiṁde.

Salm 55. Exaudi, Deus.

Éist le mo / ġuí, a / Ḋia: agus ná bí do do /
ċeilt / féin óm / aċainí.
2 Tabair aire dom, agus / éist le mo / scéal:
mar a bíonn brón agus buaireaṁ orm, / agus /
mé ag / guí.
3 Ó ġáir na naiṁde, agus ó ġéaraiġ luċt
an / oilc ' ar a / siúl: tá ar intinn acu doċar
a ḋéanaṁ dom; ón olc a ṫais/peánann /
siad / dom.
4 Tá mo ċroí / buarṫa / ionam: agus ṫit /
eag'la an / báis / orm.
5 Ṫáiniġ imní agus / creaṫnú / orm: agus
ruġ uafás / ar mo / ḃaill / beaṫa.
6 Agus dúirt mé, is mairg naċ bfuil
sciaṫáin / orm mar / ċolm: ba ansin a raċainn
ar eiteog as, / agus / ġeoḃainn / suaiṁneas.
7 Féaċ, mar d'éalóinn i / bfad i / gcéin:
agus / d'fan/fainn san / fásaċ.
8 Ḃeaḋ deifir orm ag / éal/ú: de ḃarr
an tséideáin gaoiṫe / agus ' de / ḃarr na /
doininne.





9 Ḃíoḋ a dteangaċa, a Ṫiarna, á scriosaḋ
agus á scaraḋ ó / ċéile / agat: óir ċonaic
mé urċóid agus / clam/par sa / ċaṫair.
10 Ní stadann siad de ṡiúl taoḃ istiġ dá
ballaí / lá ná / oíċe: agus bíonn an donas
agus na / deora / ina / lár.
11 Is í ionad na / hur'ċóide / í: ní
fágann an ċealg / ná an / ċluain a / sráideanna.
12 Óir ní naṁaid follas a ṫug an mí/ċlú
seo / orm: dá mb'aṁlaiḋ ab / féidir / liom
a / fulaingt.
13 Ná níorḃ é m'eascara, a ċuir im / aġaiḋ
go / mór: dá mba é, b'féidir go / raċainn ' i
/ bfolaċ / roiṁe.
14 Aċ ba tú a ḃí ann, mo / ċom/rádaí:
mo ċoṁairleoir, / agus ' mo / ḋlúṫ/ċara.
15 Ba ċaoin ár gcoṁairle le / ċéi/le:
ba ċairdiúil a ṡiúla/mar i / dteaċ / Dé.
16 Go dtaga an bás orṫu go tobann, agus
go dté siad síos sa ṗoll agus / iad / beo:
óir tá an urċóid ina gcónaiṫe, agus / ina /
gcroí is/tiġ.

17 Aċ glaofaiḋ / mi'se ar / Ḋia: agus /
saorfaiḋ ' an / Tiarna / mé.
18 Tráṫnóna, agus ar maidin, agus um
meán lae beiḋ mé ag guí, agus ag / guí
go / dian: agus / éistfiḋ / sé le mo / ġlór.
19 Is é ṫug m'anam slán i síoċáin ón gcaṫ
a / cuireaḋ / orm: óir b'iomaí duine a / ċuir /
cogaḋ / orm.
20 Beiḋ Dia, a maireas go síoraí, é féin
ag éisteaċt liom, agus á / gcur ar / lár:
óir ní iompóid siad, ná ní / heagal / leo / Dia.

21 Ċuir sé a láṁa ar an té a ḃí i / síoċáin / leis: agus / ḃris / sé a / ċonraḋ.
22 Ba ḃoige briaṫra a ḃéil ná im, agus an / cogaḋ ' ina / ċroí: ba ṡleaṁaine a ḃriaṫra ná ola, aċ is / iad na / claiṁte / iad.
23 Caiṫ d'ualaċ ar an Tiarna, agus co-/ ṫóiḋ ' sé / ṫú: ní ligfiḋ sé go ḋteipfeaḋ ar an / ḃfír/éan go / deo.
24 Aċ is é atá i ndán don / drong / úd: beiḋ tú féin, a Ṫiarna, á / dtabairt ' go / poll an / scriosta.
25 Na fir ḟioċṁara ḟeallṫaċa, ní ḃfaiġiḋ siad / leat a / laeṫanta: aċ ina ḋiaiḋ sin, is ionat a ċuirfeas / mé mo / ḋóċas, a / Ṫiarna.

## Lá 11.

## urnaí na maidine.

Salm 56. Miserere mei, Deus.

Bíoḋ trócaire agat orm, a Ḋia, óir bíonn an duine ag iarraiḋ / mé a / ṡlogaḋ: bíonn sé gaċ lá ag troid, agus ag / cur / buarṫa / orm.
2 Níl lá naċ mbíonn mo naiṁde ag déanaṁ a ndíċill le mo / ċraos-/slogaḋ: óir is iomaí duine atá ag troid im / éadan, a / Ḋia is / Airde.
3 Aċ ina ḋiaiḋ sin, cé go mbíonn eagla / orm ar / uaire: is / asat ' a / bíonn mo / ḋóċas.
4 Molfaiḋ mé Dia, ar / son a / ḃriaṫair: cuir mé mo ḋóċas i nDia, agus ní heagal liom a ndéanfaḋ / fuil ' agus / feoil / orm.



5 Níl lá naċ mbaineann siad míṫuiscint / as mo / ḃriaṫra: ní smaoiníonn siad aċ ar an doċar a / ḋéanfaiḋ / siad / dom.
6 Bíonn siad ag teaċt le céile, ag dul i / bfolaċ / romam: téann siad ar mo lorg, agus cuireann siad / luío/ċán roiṁ / m'anam.
7 An dtabarfaiḋ a n-urċóid / slán / iad: i do ḋíbeirg, a Ḋia, cuirfiḋ / tú ar / lár / iad.
8 Bíonn mo ṡeaċráin siúil á gcuntas agat; cuir mo deora is/teaċ i do / ḃuidéal: naċ bfuil na niṫe seo uile / breacta / agat ' i do / leaḃar?
9 Ċoṁ minic agus a ġlaoim ort, cuirfear an ruaig / ar mo / naiṁde: tá a fios sin agam; ó tá / Dia / ar mo / ṫaoḃ.
10 Is é briaṫar Dé mo / ċúis lú/ċáire: as briaṫar / Dé a / ḃainfeas ' mé / sólás.
11 I bfírinne, tá mo ḋóċas / cur'ṫa i / nDia: ní heagal liom a / ndéanfaiḋ ' an / duine / orm.
12 Is duitse, a Ḋia, a ċoṁallfas / mé mo / ṁóideanna: is / duit'se a / ṫabarfaiḋ ' mé / buíoċas.
13 Óir is tú a d'fuascail m'anam ó ḃás, agus mo / ċo'sa ó / ṫitim: ionas go siúlaḋ os coinne / Dé faoi / ṡolas ' na / mbeo.

Salm 57. Miserere mei, Deus.

Bíoḋ trócaire agat orm, a Ḋia, bíoḋ trócaire agat orm, ós asat atá / dóċas / m'anama: ġeoḃaiḋ mé díodean faoi scáṫ do sciaṫán, go n-imí an tío/ránṫaċt / seo / ṫarainn.

2 Glaofaiḋ mé ar an / Ḋia is / Airde:
ar an Ḋia céanna a ḋéanfas an ċúis atá
idir láṁa / agam ' a / ċur i / ḃfeiḋm.
3 Cuirfiḋ sé / síos ó / neaṁ: agus taḃarfaiḋ
sé slán mé ó aiṫis an té a/tá ar / ti mo/
ṡlogṫa.
4 Cuirfiḋ Ḋia amaċ a trócaire / agus '
a / ḟírinne: tá / m'anam'sa i / measc na /
leon.
5 Táim i mo luí i measc clann na ndaoine,
a / ċuaiġ trí / tine: bíonn sleánna agus saiġeada
acu mar fiacla, agus claíoṁ / ġéar / acu '
mar / ṫeanga.
6 Éiriġ in airde, a Ḋia, os / cionn na /
neaṁ: agus éirioḋ do ġlóir os / cionn an /
talaiṁ / uile.

7 Ċuireadar líon roiṁ mo ċosa, agus is
íseal a / ṫuga'dar / m'anam: ṫoċladar
poll roṁam, agus / ṫitea'dar / féin ' ina /
lár.
8 Is daingean mo ċroí, a Ḋia, is / daingean '
mo / ċroí: beiḋ mé ag cantaireaċt / agus '
ag / seinm do / ṁolta.
9 Ḋúisiġ, mo ġlóir; ḋúisiġí a / ċruit '
's a / ċláirseaċ: is luaṫ luaṫ a / beiḋ mé /
féin i mo / ḋúiseaċt.
10 Taḃarfaiḋ mé buíoċas leat, a Ṫiarna,
i / measc na / gciníoċa: agus beiḋ mé ag can-
taireaċt / duit i / measc na / náisiún.
11 Óir bíonn méid do ṫrócaire ċoṁ hard /
leis na / neaṁa: agus sroiċeann / d'ḟírinne '
go / dtí na / néalta.
12 Éiriġ in airde, a Ḋia, os / cionn na /



neaṁ: agus éirioḋ do ġlóir os / cionn an /
talaiṁ / uile.

Salm 58. Si vere utique.

An í an fíréantaċt rún daingean ḃur
gcroí, a / ċomṫio/nóil: agus an ceart
é an breiṫiúnas a ṫugann siḃ uaiḃ, a / luċt na /
céim/íoċta?
2 Scéal cinnte, go mbíonn an t-olc á ċumaḋ
agaiḃ in ḃur gcroí / ar an / talaṁ: agus
go n-oiḃ/ríonn ḃur / lá'ṁa an / urċóid.
3 Bíonn luċt an oilc contrárṫa, ó ḃroinn
a / máṫar / féin: ní luaiṫe a ṡaolaiṫear iad,
ná téann siad ar seaċrán, agus / insíonn
siad / bréaga.
4 Bíonn siad ċoṁ marfaċ le / naṫair /
niṁe: mar an naṫair niṁe ḃodar a / ḋruid-
eann a / cluasa.
5 Agus a diúltaíonn éisteaċt / leis an /
draoi: dá ġliceas / é ag / cur na / ngeas.
6 Bris a ḃfiacla, a Ḋia, / ina / mbéal:
buail buille ar ċnáṁa ġéill na / leon, a /
Ṫiar/na.
7 Go dtiṫe siad as mar uisce a / téann le /
fána: go mbristear a saiġeada nuair a /
scaoileas / siad / iad.
8 Leáiḋis mar leánn seilide, agus bíḋis
mar toirċeas an/apaiḋ / mná: agus nár /
feice / siad an / ġrian.
9 Sula dtéitear ḃur gcorcáin / leis na /
sceaċa: tiocfaiḋ fearg air, agus scuabfaiḋ
sé as / iad le / hiom/ġaoṫ.
10 Beiḋ lúċáir ar an ḃfíréan nuair a feicfiḋ

sé an / díol/tas: nífiḋ sé a ċosa i / ḃfuil / luċt an / oilc.

11 Ionas go mbeifí á rá, i ḃfírinne tá luaċ saoṫair i nḋán don / fír/éan: tá Dia ann gan aṁras a ṫugann breiṫ/iúnas / ar an talaṁ.

Lá 11.

## URNAÍ NA NÓNA.

Salm 59. Eripe me de inimicis.

FUASCAIL mé ó mo / naiṁ'de, a / Dia : cosain mé óna n-éir/íonn a/maċ im / éadan.

2 Fuascail mé ó luċt cleaċtaiṫe na / hur-/ċóide: agus saor mé / ó na / fir / fuilteaċa.

3 Óir féaċ, mar ḃíonn siad ag faire na / faill'e ar / m'anam: tá na tréanfir ag slógaḋ im aġaiḋ, gan ċoir ná / ċionta / uaimse, ' a / Ṫiarna.

4 Ḃíonn siad ina riṫ ag déanaṁ réiḋ gan / ċionta / uaim: Éiriġ tusa mar sin do ċuidiú liom, / agus / aṁarc / orṫu.

5 Éiriġ suas, a Ṫiarna Dia na slua, a Ṫiarna Iosrael, go mbreaṫnaí tú na pá/gánaiġ / uile: agus ná bí trócaireaċ don dream a ḃíos ciontaċ de / ḋroċrún / d'aon/ġnó.

6 Siúlann siad anonn agus an/all tráṫ- / nóna: noċtann siad a gcarr mar ṁadra, agus riṫeann / siad ar / fuaid na / caṫraċ.

7 Féaċ, bíonn mallaċtaí ina mbéal, agus bíonn / claiṁte ', ina / mbeola: óir cé, adeir siad, a / ċluin/feas / é?

8 Aċ beiḋ tusa, a Ṫiarna, ag / magaḋ /



fúṫu: déanfaiḋ tú gáire fonóideaċ faoi na / pá/gánaiġ / uile.

9 Is leat a luafaiḋ mé a mbíonn de / ċumaċt / agam: óir is / tú / Dia mo / dídine.

10 Is fial a ṫaispeánann Dia a / ṁaiṫeas / dom: agus taḃarfaiḋ Dia mo / ṁian dom / ar mo / naiṁde.

11 Ná maraiġ iad, ar eagla go ndéanfaḋ mo pobal / dearmad / de: aċ scaip ó ċéile iad le do ċumaċta agus cuir ar lár iad, a / Ḋia, / ár / ndídean.

12 Ar son peacaí a mbéil, agus ar son briaṫar a mbeol, béarfar orṫu / ina / n-uaḃar: agus cad é an fáṫ? De ḃrí naċ gcanann siad aċ / mallaċt/aí a's / bréaga.

13 Cuir ar ceal iad id fearg, cuir ar neaṁní iad, go raiḃ / deireaḋ / leo: agus go raiḃ a fios acu gurb é Dia a ḃíos ag rialú in Iácób, / agus ' go / crío'ċa an / doṁain.

14 Agus fillfiḋ / siad tráṫ/nóna: noċtfaiḋ siad a gcarr mar ṁadra; agus imeoiḋ / siad ar / fuaid na / caṫraċ.

15 Riṫfiḋ siad anonn agus anall ar / tóir / bia: agus beiḋ siad ag ceasaċt mura / ḃfaiġeann / siad a / sá.

16 Aċ beiḋ mise ag cantaireaċt faoi do ċumaċt, agus ag molaḋ do ṫrócaire ar / moċ / maidine: óir ba ṫusa mo ḋídean agus mo ċosan/tóir i / lá mo / ḃuarṫa.

17 Is duitse, a ċumaċt liom, a / ċanfaiḋ ' mé / m'aṁrán: óir is tú, a Ḋia, mo dídean / agus ' mo / Dia / trócaireaċ.

Salm 60. Deus, repulisti nos.

A ḊIA, ċaiṫ tú uait sinn, agus scaip tú ó / céile / sinn: agus ḃí míṡásaṁ ort; go / n-iompaí ' tú / orainn ' ar/ís.

2 Ċroiṫ tú an tír agus rinne tú / coḋan-' na / ḋí: leigeasaiġ a cneaċa, ós / corr-' aċ a/tá / sí.

3 Is trom ar ṫaispeáin / tú ḋo ḋo / poḃal: ṫug tú ḋeoċ ḋ'ḟíon ḋúinn a raiḃ / niṁ / ṁarḟaċ / ann.

4 Ṫug tú comarṫa ḋon ḋream ḋarḃ / eagal / tú: go mbí bua / acu ' ḋe / réir na / fírinne.

5 Is ḋá ḃrí sin a fuasclaíoḋ / ḋ'aos / muintire: cuiḋiġ liom le ḋo láiṁ ḋeas, / agus / éist / liom.

6 Laḃair Ḋia ina naofaċt, beiḋ lúċáir orm, agus / roinnfiḋ ' mé / Secem: agus / tomasfaiḋ ' mé / Gleann / Succót.

7 Is liom Gileáḋ, agus is / liom Man-/asses: is é Epráim cumaċt mo ċinn; is é / lúḋa ' mo / ṡlat / rí.

8 Is é Móab mo scála níoċáin; is ar Eḋóm a ċaiṫfeas mé mo / ḃróg / uaim: bíoḋ lúċáir ort / roṁam, / a Pil/istia.

9 Cé a ṡeolfaiḋ mé isteaċ sa / ċaṫair / ḋaingean: cé ṫaḃarfaiḋ is/teaċ in / Eḋóm / mé?

10 An é nár ḋíḃir tú / sinn, a / Ḋia: naċ ḋtoileoḋ tú, a Ḋia, / ḋul a/maċ ' lenár / sluaite?

11 Ḃí mar ċaḃair againn / inár / mbuaiream: ós / ḋíoṁaoin / caḃair ón / ḋuine.



12 Is trí Ḋia a ḋéanfaimiḋ na / mór-/éaċta: óir is é a ċuirfeas ár / naiṁḋe / faoina / ċosa.

Salm 61. Exaudi, Deus.

ÉIST le mo / ġlaoċ, a / Ḋia: taḃair / cluas ḋo / m'ur/naí.

2 Glaofaiḋ mé ort ó / ḋeireaḋ ' an / ḋoṁain: nuair is / trom/ċroíoċ / mé.

3 Cuir suas mé ar an gcarraiġ is / airḋe ' ná / mé: ó ba tú mo ḋóċas, agus mo ṫúr / lái'ḋir in / aġaiḋ na / naiṁḋe.

4 Cónóiḋ mé i ḋo paill/iún go / ḋeo: agus beiḋ mé i muinín ḋo / sciaṫ/án mar / foscaḋ.

5 Óir ḋ'éist tú, a / Ṫiarna, lem / iarratas: agus ṫug tú oiḋreaċt ḋon ḋream a mbíonn / eagla / orṫu ' roiṁ / ḋ'Ainm.

6 Ḃronnfaiḋ tú faḋ saoil / ar an / rí: go mbí a ḃlianta ag síneaḋ ar feaḋ a / ḋtioc-/faiḋ ḋe / ġlúna.

7 Mairfiḋ sé go ḋeo os / coinne / Ḋé: ullmaiġ ḋo ṫrócaire ġráṁar agus ḋo ḋílseaċt, go / gcuṁḋaí / siaḋ / é.

8 Is aṁlaiḋ a ṡeinnfeas mé / molaḋ / ḋ'Ainm: go gcomlíonfaiḋ mé mo / ṁóiḋean-/na gaċ / lá.

Lá 12.

## URNAÍ NA MAIDINE.

Salm 62. Nonne Deo?

IS aṁlaiḋ bíonn m'anam ag feiṫeaṁ go / suaiṁneaċ ' ar / Ḋia: ós / uaiḋ / ṫagann mo / ṡlánú.

2 Is é mo ċumaċt é agus mo / ṡlá'nú i / ḃfírinne: is é mo ḋídean é, go naċ / baol dom / mór/ṫitim.

3 Ca fad a ḃeartóiḋ siḃ aiṁleas / gaċ / duine: marófar siḃ go dtí an duine deiriḋ; beiḋ siḃ go deiṁin mar ḃalla claon / agus ' mar / fál / ḃearnaiṫe.

4 Ní ḃeartaíonn siad aċ conas a ċuirfeas siad amaċ an té is toil le / Dia a / ardú: bíonn an dea-focal óna mbéal, agus an / ṁallaċt / óna / gcroí.

5 Nár ba lúide, a ṁ'anam, a ḃeifeá ag feiṫeaṁ go / suaiṁneaċ ' ar / Dia: ós / as a / ḃíos mo / ḋóċas.

6 Is é mo ċumaċt agus mo ṡlánú / é i / ḃfírinne: is é mo ḋídean é, go naċ / baol / dom / titim.

7 Is i nDia a ḃíos mo ṡláinte / agus ' mo / ġlóir: is é carraig mo ċumaċta é; agus is as / Dia a / ḃíos mo / ḋóċas.

8 Cuiriġí ḃur ndóċas ann de / ṡíor, a / ḋaoine: doirtiġí amaċ ina láṫair a mbíonn ar ḃur gcroí, ós / é / Dia ár / ndóċas.

9 Níl i gClann Áḋaiṁ aċ díoṁaointeas, is bréagaċ iad / clann na / ndaoine: nuair a toṁaistear iad, is éadroime ar fad iad ná an / dío/ṁaointeas / féin.

10 Ná taoḃaiġ leis an éagóir ná leis an ḃfoġlaíoċt, agus ná biġí tugta don / dío-/ṁaointeas: agus dá méid í ḃur maoin, ná / tugaiġí ' ḃur / gcroí / di.



11 Is é a dúirt Dia aon uair aṁáin, agus ċuala mé é á / rá faoi / ḋó: gur le / Di/a an / ċumaċt.

12 Agus gur trócaireaċ / tú, a / Ḋia: ó ṫugann tú luaíoċt do gaċ / duine ' de / réir a / oibre.

Salm 63. Deus, Deus meus.

A Ḋia, is / tú mo / Ḋia: is luaṫ a / raċaiḋ / mé dod / iarraiḋ.

2 Tá d'íota ar m'anam, agus tá m'feoil faoi / ċuma ' i do / ḋiaiḋ: i dtír ṫirim ṫur gan / tor/aḋ gan / tobar.

3 Is amlaiḋ a bíoḋ mo ṡúil / leat sa / sanctóir: mar i ndúil is go ḃfeicfinn do / ċumaċt'a / is do / ġlóir.

4 Óir is fearr do ċarṫanaċt ġráṁar ná an / ḃeaṫa / féin: beiḋ mo / ḃeo'la ag / seinm do / ṁolta.

5 Le mo ṡaol beiḋ mé do do ṁóraḋ ar an / moḋ / sin: agus ardóiḋ / mé mo / lá'ma i / d'Ainm.

6 Sásófar m'anam, mar a ḃeaḋ le smior / agus ' le / saill: nuair a ṡeinnfeas mo ṫeanga do / ṁolaḋ ' go / binn/ḃéalaċ.

7 Nár ċuiṁniġ mé ort i mo / leaba / luí: agus naċ ort a smaoiniġ mé / agus / mé i mo / ḋúiseaċt?

8 De ḃrí go mba / tú mo / ċúntóir: dá ḃrí sin beiḋ áṫas orm faoi / scáṫ do / sciaṫ/án.

9 Tá m'anam i do / ṁuin/in: ċosnaíoḋ do / láṁ / deas / mé.

8 Beiḋ eagla roiṁ do ċoṁarṫaí ar luċt
áitiṫe críoċa / cia'na an / doṁain: ós tú
a ṫugann ar imeaċta na maidine agus na nóna
do / ṁol/aḋ a / ṡeinm.

9 Tagann tú ċun an talaiṁ, agus beann-/
aíonn tú / é: agus déanann tú / fairsing / é
i / dtorṫaí.
10 Is lán d'uisce í / abainn / Dé: is léi a
ṫugann tú ar an gcruiṫneaċt faiḃriú, ós amlaiḋ
a / ḃíonn tú ag so/láṫar ' don / talaṁ.
11 Leagann tú uisce ar a iomairí, agus
cuireann tú / fearṫainn ' ina / ġleanntáin:
bogann tú é le braonta na fearṫainne, agus
beann/aíonn / tú a / torṫaí.
12 Cuireann tú barr ar an / mbliain le do /
ṁaiṫeas: agus bíonn do / néal'ta ag /
sileaḋ / méaṫrais.
13 Beiḋ siad á sileaḋ ar / árais ' an /
fásaiġ: agus beiḋ lúċáir ar na / cnocáin /
tart / timpeall.
14 Beiḋ na banraċa / lán de / ċaoiriġ:
agus beiḋ cruiṫneaċt ar cois sna gleannta
ċoṁ tiuḃ go mbeifear ag / gáire / agus ' ag /
ceol.

Salm 66. Jubilate Deo.

Bíoḋ áṫas oraiḃ roiṁ an Tiarna, a /
ṫíorṫa / uile: canaigí molaḋ in onóir
a Ainme, go mba / ġlórmar / agaiḃ ' a / ṁolaḋ.
2 Abraigí le Dia, Is iontaċ as cuimse



mar a / oibríonn / tú: tabarfaiḋ méid do
ċuṁaċta ar do naiṁde iad / féin a / ísliú /
roṁat.
3 Óir beiḋ an doṁan ar / fad do do /
adraḋ: beiḋ tú mar ábar ag a n-aṁráin, agus /
beiḋ ' siad ag / molaḋ / d'Ainm.

4 Tagaigí ċugainn, go ḃfeice siḃ / oibrea-'
ċa / Dé: agus iontas a / ġníoṁarta ' le /
clann / Ádaim.
5 Tiontaiġ sé an ṁuir ina / talaṁ / tirim:
gur ṡiúladar de ċosa tríd an uisce; ba é a
ċuir lúċáir / orainn, an / uair / úd.
6 Bíonn an réim ag a ċuṁaċt i gcónaí;
feiceann a / ṡúile ' na / náisiúin: agus an
méid naċ gcreidfiḋ, ní ḟéadfaiḋ / siad / dul i /
gcéim.

7 Molaigí ár / nDia, a / ċiníoċa: cluintear
fuaim a / ṁolta / uaiḃ os / ard.
8 Is é a ċoinníos an / beaṫa / ionainn:
agus naċ ligeann dár / gcosa / imeaċt ' as /
fúinn.
9 Óir is tú, a Dia, a / d'ḟéaċ / sinn: agus
dearḃaiġ tú sinn mar / dearḃ/aítear ' an /
t-airgead.
10 Ṫug tú is/teaċ sa / dol sinn: agus
ċuir tú ualaċ buarṫa / ar ár / gcaol/droim.
11 Liġ tú do daoine marcaíoċt i / mullaċ '
ár / gcinn: ċuamar tríd an tine agus tríd an
uisce, agus ṫug tú a/maċ ' sinn in / áit /
fairsing.

12 Raċaiḋ mé isteaċ i do ṫeaċ le hiobairtí
loiscṫe, agus comallfaiḋ mé duit na / móiḋ-
eanna / sin: a ġeall mé le mo ḃéal, agus a ċan mé
le mo ṫeanga, nuair a / ḃí / mé i / mbuaireaṁ.
13 Beiḋ iobairtí méiṫe loiscṫe, agus túis
reiṫe, á dtoirbirt / agam / duit: agus
beiḋ bulláin agus / gaḃair ' á / dtoirbirt /
agam.
14 Tagaigí ċugam, agus tugaigí cluas, a
ṁuintir a mbíonn eagla / oraiḃ ' roiṁ / Ḋia:
go n-insí mé daoiḃ a / ndearna / sé dom /
anam.
15 Ġlaoiġ mé / air le mo / ḃéal: agus ṡeinn
mé a / ṁolaḋ / le mo / ṫeanga.
16 Má bíonn claonaḋ ċun ur/ċóiḋ'e i mo /
ċroí: ní / éistfiḋ ' an / Tiarna / liom.
17 Aċ is aṁlaiḋ d'éist / Dia / liom: ḃí
aird / ai'ge ar / ġlór / m'urnaí.
18 Molaḋ le Dia nár ċuir / uaiḋ
m'aċain/íoċa: agus nár / iompaiġ ' a / ṫrócai-'
re / uaim.

Salm 67. Deus misereatur.

Go ndéana Dia trócaire orainn, agus go /
mbeannaí ' sé / sinn: go dtaispeána sé
solas a ġnúise dúinn, agus go / ndéana ' sé /
trócai're / orainn.
2 Go raiḃ eolas do ṡlí ar / fuaiḋ an /
talaiṁ: eolas do / ṡlánaí'te ag / gaċ /
náisiún.
3 Molaḋ na ciníoċa / tú, a / Ḋia: ná
raiḃ / duine ' naċ / mbeiḋ do do / ṁolaḋ.



4 Déanaḋ na náisiúin lúċáir / agus / gairdeas:
óir déanfaiḋ tú ceart don ṗobal, agus
rialóiḋ tú / náis/iúin an / domain.
5 Molaḋ na ciníoċa / tú, a / Ḋia: ná
raiḃ / duine ' naċ / mbeiḋ do do / ṁolaḋ.

6 Taḃarfaiḋ an talaṁ a torṫaí / uaiḋ an-/
sin: agus cuirfiḋ Dia, ár nDia / féin, a /
ḃeannaċt / orainn.
7 Cuirfiḋ Dia a / ḃeannaċt / orainn: agus
beiḋ a uaṁan ar gaċ / uile / ṫeorainn ' den /
doṁan.

Lá 13.

## Urnaí na Maidne.

Salm 68. Exsurgat Deus.

Éiríoḋ Dia, agus / scaiptear ' a / naiṁde:
agus teiṫeaḋ a / luċt / fuaṫa / roiṁe.
2 Mar ṫéann an toit as an aṁarc, is
aṁlaiḋ a ḃeiḋ siad á / ruaigeaḋ / agat: mar
leánn an ċéir roiṁ an tine, go mb'aṁlaiḋ
scriosfar luċt an / oilc le / láiṫreaċt / Dé.
3 Aċ bíoḋ áṫas ar na fíréin agus lúċáir /
orṫu ' roiṁ / Ḋia: go mba / ṁeiḋreaċ / soil-
ḃir / iad.

4 Canaigí do Ḋia, agus seinnigí / mol-'
aḋ a / ainm: móraigí an té a ḃíos ag mar-
caíoċt ar na neaṁa; molaigí é ina ainm
Iáh, agus bíoḋ / áṫas / oraiḃ / roiṁe.

5 Is é aṫair na ndílleaċtaí é, agus is é a
ṗléas / cúis na / mbaintreaċ: mar tá, / Dia
ina / áitreaḃ / naofa.
6 Is é an Dia é a ṫugann ar an luċt aontís
ḃeiṫ ar aon intinn le ċéile, agus a scaoileas
na / braiġdeanaiġ as / broid: aċ ligeann
sé don luċt / tréasa / leanúint ' dá /
nganntanas.

7 A Ḋia, nuair a ċuaiġ tú amaċ / roiṁ an /
bpobal: nuair a / ċuaiġ tú / tríd an / ḃfásaċ,
8 Ḃí an talaṁ ag crit, agus na neaṁa ag
sileaḋ anuas le / láiṫreaċt / Dé: agus ḃí
Sínaí féin ag bogaḋ i láiṫreaċt / Dé, is /
Dia do / Iosrael.
9 Ḃí frasa fiala feartainne, a Ḋia, á
ḃfearaḋ / leat ar / d'oiḋreaċt: lena dtug
tú / sólás / di ' ina / tuirse.
10 Ba ann a ḃíoḋ do ċoṁtíon/ól ' ina /
gcónaí: ó tug do ṁaiteas ort, a Ḋia, lón
a / ḋéanaṁ / do na / boċta.

11 Fuartas an / focal ' ón / Tiarna: ní
raiḃ áireaṁ ar an mbantraċt a / ḃí ag /
fógairt / scéala.
12 Cuirtear ruaig agus maiḋm ar ríte /
agus ' ar a / sluaite: agus roinntear an /
ċreaċ ' idir / luċt an / teaġlaiġ.
13 An ḃfanfaiḋ siḃ / idir na / banraċa:
mar ċolm a mbíonn a sciatáin airgeadaite á
ċuṁdaċ, agus a / mbíonn a / ċleití mar / ór?
14 Nuair a scaip an tUileċumaċtaċ na /
ríte ' ar a / son: ḃíodar ag titim ċoṁ / tiuḃ '
leis an / sneaċt'a i / Salmón.



15 Is breá an / cnoc Cnoc / Ḃásáin: is ea,
tá Cnoc / Ḃásáin ' ina / ard/ċnoc.
16 Cad ċuige a mbíonn siḃ ag fonóid, a
ċnoca arda? Is cnoc Dé é an cnoc seo, a
ṫaitniġ / leis mar / áitreaḃ: is ea, agus is
ann a / fanfas ' an / Tiarna ' go / bráċ.
17 Tá fiċe míle ann de ċarbaid Dé, tá,
agus na mílte / míle / acu: agus tá an Tiarna
ina measc, mar ḃíonn in / ionad / naofa /
Sínaí.
18 Ċuaiġ tú suas in airde, ġaḃ tú do ġialla
ċun giallaíoċta, agus ġlac tú / aiscí ' ó /
ḋaoine: ġlac tú aiscí ó do naiṁde féin, mar
i ndúil is go gcónóḋ an / Tiarna / Dia / eatartu.

19 Bíoḋ an Tiarna á / ṁolaḋ ' gaċ / lá:
an Dia céanna a bíos ag cuidiú linne, agus a /
ḋoirteas ' a / ṁaitea'sa / orainn.
20 Is é ár nDia é, an Dia a dtagann an / slánú /
uaiḋ: is é Dia is Tiarna ann, agus is leis a /
tagaí'mid / slán ó / ḃás.
21 Fágfaiḋ Dia créaċt i / gceann a /
naiṁde: agus i moing gruaige an té ḃíos ag /
síor/ċleaċtaḋ' ur/ċóide.
22 Is é a dúirt an Tiarna, taḃarfaiḋ mé ar
ais ó / Ḃásán / iad: taḃarfaiḋ mé ar ais iad
ó / doiṁ/neaċt na / farraige;
23 Ionas go dtumtar do ċos i / ḃfuil do /
naiṁde: agus go raiḃ teangaċa do / ṁadraí '
á / ndeargaḋ / léi.

24 Is maiṫ mar a ḟeictear do / ṡiúl'ta, a /
Ḋia: mar ṡiúlann mo Ḋia agus mo / Rí / sa /
sanctóir.

25 Siúlann na cantairí i dtosaċ an tslua,
agus leanann an luċt / seanma ' ina / ndiaiḋ:
bíonn na hóga ag tiom/pánaċt / ina / lár.
26 Tugaigí buiḋeaċas, a Iosrael, do Ḋia an
Tiarna ar ḃur / gcomṫio/nóla: ó / íoċ/tar an /
ċroí.
27 Siúd Ḃeniamín beag mar rialtóir orṫu,
agus flaṫa Iúda mar luċt / comairle / acu:
prionsaí Sabúloin agus flaṫa / Nep/tál/í.

28 Is é do Ḋia a ċuir an / ċumaċt / ionat:
neartaiġ, a Ḋia, lenar / oibriġ / tú / ionainn,
29 As uċt do teampaill / in Iar/úsalem:
is amlaiḋ a ḃeiḋ na ríṫe ag / iompar / taḃartas /
ċugat.
30 Taḃair aċasán do ḟaoḃar an naṁaḋ, dá
gcruinnionn de ċeannurraí agus de ṡluaiṫe
daoine, go dtaga siad go húmal ċugat le /
bonnaí / airgid: scaip na ciníoċa arḃ / é
an / co'gaḋ a / n-aoiḃneas.
31 Sin an uair a ṫiocfaiḋ na flaṫa / as an /
Éigipt: is gairid go raiḃ Tír na Múraċ ag /
sín'eaḋ a / láṁ ċun / Dé.

32 Canaigí do Ḋia, a / ríoċt'a an / talaiṁ:
seinnigí / mol'aḋ an / Tiar/na;
33 An té atá ina ṡuí ó ṫús ar neaṁ os /
cionn gaċ / ní: féaċ mar a ligeann sé a ġlór,
agus is mór/ċumaċt'aċ an / glór / é.
34 Ḃíoḋ sé á lua agaiḃ leis an Tiarna
go ḃfuil cumaċt / ai'ge ar / Iosrael: is sna
néalta atá sé in uaċtar / céime / agus /
cumaċta.



35 Is iontaċ Tú, a Ḋia, i'd / ionaid /
naofa: is amlaiḋ ḃíos Dia Iosrael; is é a
taḃarfaiḋ an cumaċt agus an cumas dá ṗoḃal;
go / mbeann/aíṫear / Dia.

Lá 13.

## URNAÍ NA NÓNA

Salm 69. Salvum me fac.

FÓIR / orm, a / Ḋia : óir ṫáinig an t-uisce
isteaċ orm, go / dtí an / t-anam / féin.
2 Táim i ngreim an lábáin doṁain, atá
gan / ġrinneall / faoi: ṫáinig mé amaċ i
ndoiṁneaċt an uisce, ionas go dtagann na /
tonnta / bái'te i mo / ṁullaċ.
3 Táim tuirseaċ ag glaoċ, tá mo / sceada-'
mán / tirim: tá m'amarc ag meaṫ lena
faideaċt agus / d'fan / mé ar / Ḋia.
4 Ní lia riḃí mo ċinn ná an dream a ṫug
fuaṫ / dom gan / ábar: is mór cumas an luċt
atá ina naiṁde dom, ar ṁian leo mo scriosaḋ, /
cé naċ / ḃfuilim / ciontaċ.
5 D'íoc mé iad as niṫe nár / ġlac mé /
riaṁ: is feasaċ duit, a Ḋia, mo ṡimplíoċt,
agus níl mo / loċta / ceilte / ort.
6 Ná lig go gcuirfeaḋ mo ċás-sa náire ar
an dream a ċuireas a ndóċas ionat, a Ṫiarna
/ Dia na / slua: ná lig gur tríomsa a ṫiocfaḋ
díomua ar an luċt a ṫéann do d'iarraiḋ,
a / Tiarna / Dia / Iosrael.
7 Agus cad ċuige? De ḃrí go ḃfuair mé
aċasán / ar do / ṡon: agus go raiḃ mo ġnúis
ar / fad / dearg le / náire.

8 Ḃím mar / eaċtrann'aċ le mo / ḃráiṫre:
agus mar / ċoimṫíoċ ' ag / clann mo / ṁáṫar.
9 Óir is mé a ḃí lán ḋúṫracta ar / son do /
tí: agus na haċasáin a ċaiṫ luċt do ċáinte
leat, is / orm'sa a / ṫitea/dar.
10 Ċuaiġ mé ag caoineaḋ, agus dom ísliú /
féin le / troscaḋ: agus ḃíoṫas do mo / ċáineaḋ /
ar a / ṡon.
11 Ċuir mé orm saic-/éadaċ / fós: agus /
ċua'dar ag / magaḋ / fúm.
12 Ḃíonn an dream a ṡuíos sa / ġeata '
do mo / ċáineaḋ: agus bíonn luċt an / óla-/
ċáin dom / aoraḋ.

13 Aċ, a Ṫiarna, is ċugat a / ḋéanaim /
m'urnaí: san am a / ḃfaiġim dea-/uain /
ċuige.
14 Éist liom, a Ḋia, i / méid do / ṫrócaire:
agus i / ḃfírin/ne do / ṡlánaiṫe.
15 Tóg mé as an lábán, ar / eagla ' mo /
báite: fuasclaítear mé ó luċt m'fuaṫa, /
agus ' ó / uisci / domaine.
16 Ná báḋ an tuile uisce mé, agus ná slogaḋ
an / t-aigéan / mé: agus ná druideaḋ an / poll
a / ċraos / orm.
17 Éist liom, a Ṫiarna, ó bíonn do
ċarṫanaċt ġrámar mar / ṡólás / agam:
iompaiġ ċugam de / réir / méid do / ṫrócaire.
18 Agus ná ceil do ġnúis ar do ṡeirḃíseaċ,
ó / táim faoi / ḃuaireaṁ: aċ déan / deifir, /
agus / éist liom.
19 Druid lem anam agus / slánaiġ / í:
ḃí dom fuascailt, de / ḃarr / mo / naiṁde.



20 D'aiṫin tú conas a fuair mé aiṫis
agus náire agus / easo/nóir: bíonn
m'eascairde / uile / faoi do / ṡúil.
21 Tá mo ċroí briste ag an gcáineaḋ;
táim / lán de / ṫuirse: ḃí súil agam leis an
té a ḋéanfaḋ trócaire orm, aċ ní raiḃ a
leiṫéid ann, agus ní ḃfuair mé na daoine
a / ṫaḃarfaḋ / sólás / dom.
22 Ṫugadar domlas / dom le / hiṫe: agus
nuair a ḃí an tart orm, ṫugadar fín/éagra '
le / hól / dom.

23 Ḃíoḋ a gclár ina dol / ċun a / gceapṫa
agus go mba ċúis tiṫime dóiḃ na niṫe a / ḃeaḋ /
lena / leas.
24 Dalltar a súile, ċun naċ / ḃfeice /
siad: agus / crom a / ndroma ' go / deo.
25 Liġ amaċ do / raċt / orṫu: agus beireaḋ
teas do / ḋí/ḃeirge / orṫu.
26 Bíoḋ a / gcónaí / folaṁ: ná raiḃ duine
ann le / maireaċ'táil / ina / bpubaill.
27 Óir bíonn siad ag cur géarleanúna ar
an té ar / ḃuail tú / é: agus ag cur síos ar
conas a ċuirfid siad buaireaṁ ar an / té
ar / ġoin tú / é.
28 Titeaḋ siad ó / urċóid ' go / céile:
agus ná tagaḋ siad / ċun / d'fír/éantacta.
29 Scriostar a n-ainmneaċa as / leaḃar '
na / mbeo: agus ná scríoḃtar iad i / measc
na / ḃfír/éan.

30 Aċ nuair a ḃímse i mboċtanas / agus '
i / mbrón: beiḋ do ċúnaṁ, a / Ḋia, do mo /
ṫóg/áil.

31 Molfaiḋ mé ainm / Dé le / haṁrán:
agus móróiḋ mé / é le / breiṫ / buíoċais.
32 Is mó a ṫaitneoiḋ sin / leis an / Tiarna:
ná bullán faoina / aḋarc'a / agus ' a / ċrúba.
33 Tabarfaiḋ an drong uṁal sin dá n-aire,
agus beiḋ / áṫas / orṫu: iarraigí an Tiarna, /
agus / mairfiḋ ' bur / n-anam.
34 Óir éisteann an Tiarna, / leis na /
boċta: agus ní ḃíonn díṁeas aige / ar a /
ṗrios/únaiġ.
35 Bíoḋ neaṁ agus / talaṁ ' á / ṁolaḋ:
an ḟarraige / agus ' a / ngluaiseann / inti.
36 Óir saorfaiḋ Dia Sión, agus tógfaiḋ
sé / caṫraċ'a / Iúda: ionas go mbeiḋ daoine
ag / maireaċ'táil / ionṫu ' á / sealbú.
37 Titfiḋ a oiḋreaċt ar ċlann a / ṡeirḃ-/
íseaċ: agus beiḋ an dream a mbíonn grá acu
dá ainm / ina / gcónaí / ann.

Salm 70. Deus in adjutorium.

Deifriġ, a / Dia, dom / fuascailt: déan
deifir agus / cuiḋiġ / liom, a / Ṫiarna.
2 Bíoḋ náire agus díomua ar an dream
atá ag / iarraiḋ / m'anma: cuirtear ar gcúl
agus cuirtear ceann faoi ar an dream a
mbíonn / olc / acu / dom.
3 Go mba é a náiriú in am ġairiḋ a / luaí-/
oċt: don dream a ḃíos ag glaoċ, / Seo, /
seo, / liom.
4 Aċ bí tusa mar áḃar áṫais agus mar
ċúis lúċáire ag an dream a / ḃíos doḋ /
iarraiḋ: agus bíoḋ an luċt gurab aoiḃinn leo
do ṡlánú á rá i gcónaí, / Molaḋ / leis an /
Tiarna.



5 Aċ táimse i mboċtanas / agus ' i / mbrón:
déan deifir agus / tar / ċugam, ' a / Ḋia.
6 Is tú mo ċúntóir agus / m'ḟuascail-/
teoir: a Ṫiarna, nárḃ / ḟada / uaim do / ṫeaċt.

Lá 14

## URNAÍ NA MAIDINE.

Salm 71. In te, Domine, speravi.

IS ionat, a Ṫiarna, a ċuir mé mo ḋóċas, ná
lig go gcuirtí díomua / orm go / deo:
aċ fuascail mé agus fóir orm id ḟíréantaċt;
claon do ċluas ċugam, agus / taḃair / slán / mé.
2 Bí agam mar ḋaingean, gur féidir liom
tarraingt air i / gcó/naí: ġeall tú go
gcuiḋeofá liom, óir is tú mo ṫeaċ / cosan-'
ta / agus ' mo / ċaisleán.
3 Fuascail mé, a Ḋia liom, as láiṁ an /
droċ/ḋuine: as láiṁ an / duin'e éag/óiriġ '
ṁí/ṫrócairiġ.
4 Óir is tú, a Ṫiarna Dia, a/tá / uaim:
ba tú mo ḋóċas a/nuas / óm / óige.
5 Is leat a tógaḋ mé ó ṫáiniġ mé / ar an /
saol: is tú a ṫug as broinn mo ṁáṫar mé;
ní ḃeiḋ á ṡeinm / agam / aċ do / ṁolaḋ.
6 Is iomaí duine a rinne / iontas / díom:
aċ is asat a/tá mo / ḋóċas / daingean.
7 Líontar mo / béal de do / ṁolaḋ: go
seinnfiḋ mé do ġlóir agus d'o/nóir ar /
feaḋ an / lae.
8 Ná cait amaċ mé in am mo / ṡean-/
aoise: ná tréig mé nuair a / ṫeipeann '
mo / neart / orm.

9 Óir bíonn mo naiṁde ag / laḃairt ' im /
aġaiḋ: agus tá an dream a ḃíos ag faire na
faille ar m'anam ag cur a / gcoṁairle ' le /
ċéi'le, ag / rá.
10 Ṫréig / Dia / é: cuir géarleanúint
air, agus gaḃ é, óir níl aon / duine / lena /
ḟuascailt.
11 Ná himiġ i ḃfad / uaim, a / Ḋia: deifríoḋ
mo / Ḋia do / ċuidiú / liom.
12 Cuirtear buaireaṁ agus buanéag ar an
dream atá in / aġaiḋ / m'anma: bíoḋ an
dream atá ag iarraiḋ m'aiṁleasa á gcuṁdaċ
le / náire / agus ' le / heasonóir.

13 Aċ beiḋ mise de ṡíor ag / feiṫeaṁ '
go / foiġneaċ: agus beiḋ do ṁolaḋ i / gcónaí '
á / ṁéadú / agam.
14 Beiḋ mo ḃéal gaċ lá ag cur síos ar
d'ḟíréantaċt agus / ar do / ṡlánú: óir ní
aiṫním / críoċ ar / biṫ / leo.
15 Imeoiḋ mé i neart an / Tiarna / Ḋia:
agus ní ḃeiḋ á lua agam aċ a/ṁáin / d'ḟír-/
éantaċt.
16 Ba tú, a Ḋia, a ṫug teagasc dom óm
óige go dtí an / uair / seo: dá ḃrí sin beiḋ
mé ag / insint / d'oibrea'ċa / iontaċa.
17 Ná tréig mé, a Ḋia, im ṡeanaois, nuair
a / ḃím / ceannliaṫ: go dtaispeánfaiḋ mé
do ċuṁaċt don ġlúin seo, agus do neart
dá ḃfuil go / fóill le / teaċt ' ar an / saol.

18 Is mór agus is ard í, a Ḋia, / d'ḟír-/
éantaċt: agus is mór na gníoṁarta atá
déanta agat; a Ḋia, / cé is / cosúil / leat?



19 Cad é an mórḃuaireaṁ agus an mór-
ċruatan a ṫaispeán tú dom! agus ina ḋiaiḋ
sin d'ḟill tú orm agus ṫug / faoiseaṁ / dom:
d'ḟill, go deiṁin, go dtug tú ar ais ó ṗoill /
íoċtara'ċa an / talaiṁ / mé.
20 Ṫug tú mé ċun / mór-o/nóra: agus
ċuir tú / sólás ' ar / gaċ / taoḃ díom.
21 Dá ḃrí sin molfaiḋ mé tú ar do ḋílseaċt,
a Ḋia, agus beiḋ mé ag seinm ar / ġléas /
ceoil: is duit a ċanfaiḋ mé leis an gcláirseaċ,
a / Naoiṁ / Iosra/el.
22 Is fonnṁar a ṡeinnfiḋ mo / ḃéal / duit:
agus is fonnṁar a ṡeinnfiḋ m'anam duit,
ó / d'ḟuascail / tú / í.
23 Beiḋ mo ṫeanga fós ag tráċt ar
d'ḟíréantaċt dá / mb' ḟa'da an / lá: óir
tugaḋ díomua agus náire ar an / dream
a / ḃíos lem / aiṁleas.

### Salm 72. Deus, judicium.

TAḂAIR do ḃreiṫiúnais don / rí, a / Ḋia:
agus taḃair d'ḟíréantaċt do / ṁac /
an / rí.
2 Taḃarfaiḋ sé ansin ceartḃreiṫiúnas /
ar do / ṗobal: agus cos/nóiḋ / sé na / boċta.
3 Beiḋ na sléiḃte fós ag taḃairt na /
sioċ/ána: agus na cnocáin ag iompar na
fír/éantaċt'a / ċun an / ṗobail.
4 Taḃarfaiḋ sé a gceart do na / daoine /
simplí: agus cosnóiḋ sé clann na mboċt,
agus cuirfiḋ sé pionós ar an / té / ḋéanas '
an / t-olc.

5 Beiḋ eagla orṫu roṁat, ċoṁ fada agus
ḟanas / grian ' agus / gealaċ: ó / ġlúin / go /
ċéile.
6 Tiocfaiḋ sé anuas mar ḟeartainn ar
an / bféar / gearrṫa: mar na braonta a
ṡileas / uisce / ar an / talaṁ.
7 Lena linn beiḋ an / fíréan ' faoi / ḃláṫ:
agus fós beiḋ an tsíoċáin fairsing, ċoṁ
/ fada is a / ḟanas ' an / ġealaċ.

8 Beiḋ a réim ó / ṁuir go / muir: ón
abainn / ṁór go / deireaḋ ' an / doṁain.
9 Beiḋ áiṫreabaiġ an ḟásaiġ ag / umlú /
roiṁe: beiḋ a / naiṁ'de ag / lí na / luaiṫe.
10 Taḃarfaiḋ ríṫe Ṫairsis agus ríṫe na /
n-oileán / bronntanais: beiḋ ríṫe na hAráiḃe
agus / Sá'ba ag / iompar / taḃartas.
11 Beiḋ na ríṫe uile ag titim / síos /
roiṁe: beiḋ na náisiúin go léir ag déanaṁ /
seirḃ/íse / dó.
12 Óir fuasclóiḋ sé an boċt nuair a /
ġlaos / sé: agus an dearóil agus an / té a-/
tá gan / ċúntóir.
13 Beiḋ sé go maiṫ don duine ṡimplí agus
don / dear/óil: agus cuṁdóiḋ sé / anamaċ/a
na / mboċt.
14 Fuasclóiḋ sé a n-anamaċa ón mbréag /
agus ón / éagóir: agus is daor a beiḋ a /
bfuil ina / ṡúil/e.
15 Mairfiḋ sé, agus beifear ag taḃairt
cuiḋ d'ór na hAr/áiḃe / dó: beifear ag guí
i gcónaí ar a ṡon, agus beifear á / beann/ú
gaċ / lá.



16 Beiḋ cruaċ cruiṫneaċta ar an talaṁ,
go hard / ar na / cnoic: beiḋ a toraḋ ag
creataḋ mar Liaḃáin, agus beiḋ luċt na
caṫraċ ag fás mar / ḟéar ar / ḋroim an /
talaiṁ.
17 Mairfiḋ a ainm go bráċ; fanfaiḋ a
ainm faoin ngrian ḋóir na / glú'na a / ṫiocfas:
a dtiocfaiḋ beannaċt orṫu tríḋ; agus beiḋ
na pá/gánaiġ ' go / léir á / ṁolaḋ.

18 Go mbeannaiṫear an Tiarna Dia, mar
tá, / Dia / Iosrael: naċ mbíonn aċ / é ag /
déanaṁ ' na / n-iontas;
19 Agus go mbeannaiṫear go deo / a'Ainm
a / ṁórġaċta: agus líontar an doṁan ar
fad dá ṁórġaċt. / Áiméan, / Ái/méan.

Lá 14.

## Urnaí na Nóna.

Salm 73. Quam bonus Israel!

1S fíorġrámar / Dia / d'Iosrael: bíonn grá
aige do / luċt an / ċroí / ġlain.
2 Ina ḋiaiḋ sin, is / beag nár / ṫit mé:
is maiṫ nár / sciorr mo / ċo'sa as / ḟúm.
3 Agus caḋ ċuige? De ḃrí go raiḃ aiféala
orm faoi na / pea/caiġ: agus as uċt an
tséin a ċonaic / mé ar / luċt an / oilc.
4 Óir ní ṫagann baol an / ḃáis / orṫu: aċ
bíonn siad go / foll/áin / láidir.
5 Ní ṫiteann an mí-áḋ orṫu, mar ṫiteann
ar / ḋaoine / eile: ní ċuirtear an plá orṫu
mar ċuirtear / ar na / fir / eile.

6 Agus sin an fáṫ go mbeireann an / díomas /
orṫu: agus go mbíonn siad / lán de / mí-/
ṫrócaire.
7 Ḃíonn siad bolgṡúileaċ le / tréan /
raiṁreaċta: agus ní ḋéanann siad aċ / mar is /
mian / leo.
8 Ḃíonn siad meallṫaċ / dia/ṁaslaċ:
laḃraíonn siad in / aġaiḋ an / Té is / Airde.
9 Síneann siad a mbéal i / dtreo na / neaṁ:
agus imíonn a / dteang'a ar / fuaid an /
talaiṁ.
10 Ar an áḃar sin glacann na / daoi'ne
a / bpáirt: agus ní beag an tairḃe a / ḃaineas /
siad / as.
11 Naċ cuma, adeir siad, conas a aireoḋ /
Dia / é: an ḃfuil eolas / ag an / Té is / Airde?
12 Féaċ, siúd mar ḃíonn / luċt an / oilc:
bíonn a leiṫéidí faoi raṫ sa doṁan, agus /
seilḃ / ac'u ar / saiḃreas.
13 Agus dúirt mé, má tá an scéal aṁlaiḋ,
is díoṁaoin a / ġlan ' mé mo / ċroí: agus a
niġ mé mo / lá'ṁa i / neaṁ/ċiontaċt.
14 Ḃítí do mo ṗianaḋ i / riṫ an / lae: agus
cuirtí / smaċt / orm gaċ / maidin.
15 Is ea, is beag naċ ndúirt mé an / rud
a / deir siad: aċ féaċ, dá ndéanainn, ḃeinn
ag daoraḋ / aicme ' do / ċlainne / féin.

16 Smaoiniġ mé ansin ar / sin a / ṫuiscint:
aċ ḃí sé / ró/ḋeacair / dom.
17 Go ndeaċaiġ mé isteaċ i / sanctóir /
Dé: ba ansin a ṫuig mé críoċ / déan'aċ na /
ndaoine / sin;



18 Ṫuig mé conas a ċuireann tú in áiteanna /
sleaṁain'e / iad: agus mar ċuireann tú
síos iad agus mar a / scriosann / tú / iad.
19 Naċ tobann a ċuirtear ar / neaṁní /
iad: a ḋíláiṫrítear iad, agus a ṫéann siad
ċun / críċe / ua/ḟásaí!
20 Mar imíonn brionġ/lóid le / dúiseaċt:
is aṁlaiḋ a ċuirfiḋ tú a n-íoṁá ar / ceal /
as an / scaṫair.
21 Ba aṁlaiḋ a / cráḋ ' mo / ċroí: agus
a ċuaiġ / arraing / trí mo / lár.
22 Ba aṁlaiḋ ḃí mé amaideaċ, / ain-/
eolaċ: mar ainṁí éig/éillí / i do / láṫair.

23 Ina diaiḋ sin, níl am naċ / mbím i do /
ċomair: óir rug tú greim / ar mo / láiṁ /
deas.
24 Beiḋ tú do mo / ṫreorú ' le / comairle:
agus do mo ġlacaḋ ċugat sa / ġlóir ' ina /
diaiḋ / sin.
25 Cé atá agam ar / neaṁ aċ / tú: agus ní
ḃíonn dúil agam in aon neaċ dá ḃfuil ar talaṁ,
nuair a cuirtear / iad i ' gcos/úlaċt / leat.
26 Tá mo ċolainn agus mo ċroí ag / teaċt
ċun / críċe: aċ is é Dia cuṁaċt mo ċroí,
is é mo / ċuid / é go / síoraí.
27 Óir féaċ, beiḋ an dream a ṫréigeas /
tú á / scrios: ċuir tú ar neaṁní a ndearna /
striopa/ċas id / aġaiḋ.
28 Aċ is é is fearr liomsa greim daingean
doscaoilte ḃeiṫ agam ar Ḋia, agus mo ḋóċas
a ċur sa / Tiarna / Ḋia: agus laḃairt i
ngeataí iníne Ṡíóin ar / ḋ'oibrea/ċa go / léir.

Salm 74. Ut quid, Deus?

A Ḋia, cad ċuige a bfanann tú uainn ċoṁ /
fada / sin : cad ċuige a bfuil do ḋíbeirg
ċoṁ te sin in / aġaiḋ / caoraċ ' do / ṗáirce?
2 Smaoiniġ ar do / ċoṁṫion/ól: a ċeannaiġ
tú, agus a / ḋ'ḟuascail / tú fa/dó.
3 Smaoiniġ ar / ṫreiḃ / ḋ'oiḋreaċta: agus
ar ċnoc / Ṡióin ' ina / mbíoḋ do / ċónaí.
4 Ġéaraiġ ar do ċoisíoċt, go scriosa tú
ar / fad gaċ / naṁaid: dá / ndearna / olc i do /
ṡanctóir.

5 Cuireann do naiṁde gáir astu i measc
do / ċoṁṫion/ól: agus cuireann siad a /
mbrata'ċa in / airde ' mar / ċoṁarṫaí.
6 An té a ṡnoiḋ aḋmad as / crainn na /
coille: ḋ'ḟaiġeaḋ sé clú agus / cáil ' roiṁe /
sin ' ar a / ealaín.
7 Aċ anois tá an obair ġreanta á briseaḋ
a/nuas / acu: le / tuanna / agus ' le / casúir.
8 Ċuireadar ḋ'áiteanna / naofa ' le /
tine: agus tá áit ċónaiṫe ḋ'Ainm truailliṫe, /
leagṫa ' ċun / talaiṁ / acu.
9 Is é rud a ḋúradar ina n-intinn féin,
scriosaimis ar fad / iad le / ċéile: is aṁlaiḋ
loisceadar a bfuil de / ṫiṫe / Dé sa / tír.
10 Ní ḟeicimid ár gcoṁarṫaí, níl aon fáiḋ
le / fáil níos / mó: níl, ná níl duine againn
níos mó a / bfuil / tuiscint / aige.
11 A Ḋia, cá fad a beiḋ an eascara ag
cur / míċlú / ort: cá fad a ṁaslóiḋ an naṁaid /
ḋ'Ainm, / an go / deo?
12 Cad ċuige naċ gcuireann tú do / láṁ



is/teaċ: cad ċuige naċ dtarraingíonn tú
do láṁ ḋeas as ḋ'uċt go gcuire / tú an /
naṁaid ar / neaṁní?
13 Óir is é Dia mo Rí le / fada / riaṁ:
is é féin oibríos gaċ / cúnaṁ ' dá /
bfaiġtear ' ar / talaṁ.
14 Rinne tú ḋá leaṫ den / ḟarraige ' le do /
ċuṁaċt: bris tú / cinn na / ndragún ' san /
uisce.
15 Bris tú cinn Lebia/táin i / mbloġanna:
go dtug tú é mar / bia do / beiṫíġ ' an /
fásaiġ.
16 Ċuir tú toibreaċa agus uisce as na /
carraig'eaċa / crua: agus / ṫriomaiġ ' tú /
uiscí / móra.
17 Is leat an lá, agus is / leat an / oíċe:
is tú a ḋ'ullmaiġ an / solas / agus ' an /
ġrian.
18 Is tú a ċuir críoċa / ui'le an / talaiṁ:
is tú a rinne an / saṁraḋ / agus ' an / geiṁreaḋ.

19 Cuiṁniġ air seo, a Ṫiarna, conas a
ṫug an / naṁaid / aċasán: agus a ṫug an ṁuintir /
amai'deaċ / masla ' dod / Ainmse.
20 Ná lig anam ḋ'ḟeáráin le / slua na /
naṁad: nárb iad do ḋearmad iad go deo /
coṁṫio/nól na / mboċt.
21 Féaċ / ar an / gconraḋ: óir tá an
talaṁ uile lán de ḋorċadas, agus de / ṫiṫe /
mí/ṫrócaireaċa.
22 Ná himíoḋ an duine / simplí ' faoi /
náire: aċ bíoḋ an boċtán agus an dearóil
ag / tabairt / molta ' do / ḋ'Ainm.

23 Éiriġ, a Ṫiarna, pléiġ do / ċúis / féin: cuiṁniġ ar an masla a ċuireas an duine / amai'deaċ / ort gaċ / lá.

24 Ná déan dearmad de / ġlór do / naimde: tá díomas luċt / d'ḟua'ta ag / síor/ṁéadú.

Lá 15.

## Urnaí na Maidine.

Salm 75. Confitebimur tibi.

Tugaimidne buíoċas / leat, a / Ḋia: is / duit a / ṫugaim'id / buíoċas.

2 Tá / d'Ainm i / ḃfogas: mar foil-/sionn / d'oibrea'ċa / iontaċa.

3 San am ainmniṫe, / deir / Dia: tabarfaiḋ mé breiṫ/iúnas ' de / réir / ċirt.

4 Is lag an talaṁ, agus a / áitreaḃ'aiġ / uile: is mé ċoinníos a ċol/úna / ina / seasaṁ.

5 Dúirt mé leis na hamadáin, Stadaigí de ḃur / ngníoṁar'ta / mire: agus le luċt an / oilc, Ná / tógaigí ' ḃur / n-adarc.

6 Ná tógaigí ḃur / n-adarc in / airde: agus ná / labair go / cruaṁuin/eálaċ.

7 Óir ní anoir ná aniar a / ṫagann an / t-ardú: ná / an/eas / féin.

8 Agus cad ċuige? Is é Dia is / breiṫeaṁ / ann: cuireann sé síos duine amáin, agus / tógann ' sé / duine / eile.

9 Óir tá cupán i láiṁ Dé, faoi / ḟíon / dearg: tá sé lánṁeascṫa, agus / tá ' sé ag / doirteaḋ / as.



10 Is é tá i / ndán dá / ḋríodar: go mbeiḋ luċt oilc uile an talaiṁ á / ól / agus ' á / ḋiúl.

11 Aċ beiḋ mise ag labairt ar / Ḋia / Iácóib: agus á / ṁol/aḋ go / deo.

12 Agus brisfiḋ mé adarca uile / luċt an / oilc: agus ardófar / adarc'a na / ḃfír-/éan.

Salm 76. Notus Iudaea.

Is aiṫnid / Dia in / Iúda: is / mór a / ainm in / Iosrael.

2 Is i Salem a/tá a / ṗailliún: agus is i / Sión a/tá a / ċónaí.

3 Ba ansin a ḃris sé / saiġ'eada an / ḃoga: an sciaṫ agus an / claioṁ / agus ' an / caṫ.

4 Is glórṁar / cuṁaċt'aċ / tú: nuair a ṫagann tú ó / ṡléiḃte ' na / gcreaċa/dóirí.

5 Rinneaḋ creaċ ar luċt an uaḃair, agus ṫit a / gcodlaḋ / orṫu: agus na fir uile is láidir lám, ní / ḟuairea'dar / aon / ní.

6 Leḋ aċasán, a / Ḋia / Iácóib: ṫit an carbad agus an / t-eaċ / ar/aon.

7 Is tú / féin ' is in/eaglaiṫe: agus cé a ṡeasfaḋ id aṁarc nuair a / ḃíos / fearg / ort?

8 D'ḟoilsiġ tú do ḃreiṫ/iúnas ' ó / neaṁ: ċriṫ an / talaṁ ' agus / d'ḟan sé / socair,

9 Nuair a d'éiriġ Dia do / ṫaḃairt ' breiṫ-/iúnais: agus do ċuidiú le daoine / ceansa / ui'le an / talaiṁ.

10 Déanfaiḋ dásaċt an duine / tú a /
ṁolaḋ: agus cuirfiḋ tú / srian / lena /
ndásaċt.
11 Geallaigí do ḃur dTiarna Dia, agus
comlíonaigí ḃur ngeallṫanas, a ḋream a ḃíos /
ina / ṫimpeall: tugaigí taḃartais ċuig an /
té / is in/eaglaiṫe.
12 Cuirfiḋ sé srian le / sprid na /
ḃflaṫ: agus is iontaċ é i / measc / rí'ṫe
an / talaiṁ.

Salm 77. Voce mea ad Dominum.

Glaofaiḋ mé ar / Ḋia os / ard: is ar
Ḋia féin ġlaofas mé os ard, agus /
taḃarfaiḋ ' sé / cluas / dom.
2 Is in am mo ḃuarṫa a d'iarr / mé an /
Tiarna: ṡín mé mo láṁa ċuige gan stad i
riṫ na hoíċe; / ḋiúltaiġ / m'anam ' don /
sólás.
3 Nuair a ḃíonn ualaċ trom tuirse orm,
is ar Ḋia a smaoin/eoiḋ / mé: nuair a
ḃíonn mo ċroí cráite, déanfaiḋ / mé mo /
ġearán / leis.
4 Cuireann tú mo ṡúile ó / ċodlaḋ ' na /
hoíċe: ní / ligeann ' mo / laiġe ' dom / laḃairt.

5 Smaoiniġ mé ar na / laeṫanta ' fad / ó:
agus ar na / ḃlian'ta a / ċuaiġ / ṫart.
6 Ḃím ag / cuiṁneaṁ ' ar / m'aṁrán: agus
san oíċe bím ag meaḃrú le mo ċroí, agus ag
maċnaṁ go / doṁain / i mo / sprid.



7 An ḃfanfaiḋ an Tiarna go / deo as /
láṫair: nó an é naċ / nglacfaiḋ sé a / ṫuilleaḋ
le / hiarratas?
8 Ar tráḋ go / deo a / ṫrócaire: nó ar
cuireaḋ críoċ go / bráċ / lena / ġeallṫanas?
9 An ndearna Dia dearmad / ar a / ṁaiṫeas:
nó an gcuirfiḋ sé suas dá ċartanaċt ġráṁar
agus / ḋí/ḃeirg / air?

10 Agus dúirt mé, Is í mo laiġe / féin /
í: aċ cuiṁneoiḋ mé ar ḃlianta deasláiṁe
an / Té / is / Airde.
11 Cuiṁneoiḋ mé ar / oiḃrea'ċa an /
Tiarna: féaċfaiḋ mé siar ar na hiontais a /
rinne / tú sa / sean-am.
12 Ḃeiḋ mé ag smaoineaṁ ar / d'oiḃrea'
ċa / uile: agus beiḋ do ġníoṁarṫa mar /
ábar / cainte / agam.
13 Is naofa do / ṡlí, a / Ṫiarna: cá ḃfuil
an Dia atá ċoṁ / mór / lenár / nDia-na?
14 Is tú an Dia a / ḋéanas ' na / hiontais:
agus is tú a ṫaispeán do / ċuṁaċt i / measc
na / gciníoċa.
15 Is cuṁaċtaċ a d'ḟuascail / tú do /
poḃal: clann Iá/cóiḃ / agus / Iósaif.
16 Ċonaic na huiscí tú, a Ḋia, ċonaic na
huiscí tú, agus / ġlaca'dar / eagla: agus
corr/aíoḋ / fós na / doiṁneaċta.
17 Ḃí na néalta ag doirteaḋ uisce, agus
ḃí an / t-aer lán / toirní: agus ḃí do ṡaiġeada
á / scaoileaḋ / as gaċ / taoḃ.
18 Ċualaṫas glór do / toirni ' tart /
timpeall: ḃí na splancaċa ag dealrú ar an

talaṁ; corraíoḋ / agus / crai'teaḋ an / talaṁ.
19 Ḃí do ṡlí sa ḃfarraige, agus do ċosáin
sna / huiscí / móra: agus níor ait/níoḋ /
lorg do / ċos.
20 Ṡeol tú do / pobal ' mar / ċaoiriġ: le
/ láiṁ / Maoi'se agus / Áróin.

Lá 15.

## URNAÍ NA NÓNA.

Salm 78. Attendite, popule.

ÉISTIGÍ le mo ḋlí, a / pobail / liom: claonaigí
ḃur gcluasa do / ḃriat/ra mo / ḃéil.
2 Fosclóiḋ mé mo ḃéal i / ḃfáit/scéal:
foilseoiḋ mé / sean/ráite / ársa.
3 A ċualamar agus ar ar / ċuirea'mar /
eolas: agus a / d'inis ' ár / n-aitrea'ċa /
dúinn:
4 Ionas nać gceilfimis iad ar ċlann na /
nglún a / tiocfas: aċ ag foilsiú onóra an
Tiarna, agus na hoibreaċa móra iontaċa a-/
tá / déanta / aige.

5 Rinne sé conraḋ le Iácób, agus ṫug sé /
dlí / d'Iosrael: agus d'orḋaiġ sé dár n-ait-
reaċa a / teagasc / dá / gclann.
6 Go mb' feasaċ / é dá / sliocṫ: agus don
ċlann nár / sao/laíoḋ ' go / fóill;
7 Ar ṁoḋ nuair d'fásfai/dís an/íos: go
dtais/peánfai'dís / é dá / gclann;
8 Ionas go gcuirfidís a / ndóċas ' i / nDia:



agus gan oibreaċa Dé a ḋearmaḋ, aċ a /
aiteanta a / ċoṁ/líonaḋ;
9 Agus gan ḃeiṫ mar a sinsear, a ḃí ina
nglúin ṁíḋílis, / ċruaṁuin/eálaċ: glúin
nár ṡuiġ a gcroí mar ba ċeart, agus nár
ċloiġ a / spriḋ ' go / buan le / Dia.
10 Mar / ċlann / Eṗráim: a ḃí in éiḋe
caṫa, ag iompar boganna, agus a tiontaiġ a /
gcúl i / lá an / ċaṫa.
11 Níor ċoimníodar / conraḋ / Dé: níor
toiliodar / siúl de / réir a / ḋlí;
12 Aċ ḋearmaid siad a / ndearna / sé:
agus na hoibreaċa iontaċa a tais/peáin sé /
ar a / son.

13 Rinne sé niṫe iontaċa i súile ár sinsir,
i / dtír na / hÉigipte: i / maċair'e / Só/áin.
14 Rinne sé dá leaṫ den ḟarraige, gur liġ
dóiḃ / dul / eatarṫu: ċuir sé na huiscí ina /
seasaṁ / ina / gcarn.
15 Treoraiġ sé iad le néal i / riṫ an /
lae: agus ar ḟuaiḋ na / hoiċe ' le / solas /
tine.
16 Scoilt sé cloċa / crua an / ḟásaiġ:
gur ṫug sé dóiḃ le ól astu, mar beaḋ / as
an / doiṁneaċt / ṁór.
17 Ṫug sé uisci as an / gcarraig / ċloiċe:
gur sciorḋ siad a/maċ / mar na / haiḃneaċa.
18 Aċ i ndiaiḋ ar tarla ba ṁó a ṗeacaíodar
/ ina / éadan: ag cur caṫuiṫe san ḟásaċ /
ar an / Té is / Airde.
19 Ċuireadar caṫuiṫe ar Dia / ina / gcroí:
agus / d'iarra'dar a / mian den / ḃia.

20 Labraíodar fós in aġaiḋ / Dé, á / rá:
An ḃfeisteoiḋ / Dia / clár san / ḟásaċ?
21 Is fíor gur ḃuail sé an ċarraig ċloiċe,
gur sciord na huiscí amaċ, agus gur riṫ na /
sruṫanna / aisti: aċ an féidir leis fós arán a
ṫabairt, nó feoil a ṡo/láṫar / dá / ṗobal?

22 Nuair a ċuala Dia sin ḃí / fearg / air:
gur fadaíoḋ tine in Iácób, agus gur éiriġ
tromḋí/ḃeirg in / aġaiḋ / Iosrael;
23 De ḃrí nár / ċreidea'dar i / nDia:
agus nár ċuireadar a / ndóċas / ina / ċuidiú.
24 Ní lúide d'ordaiġ sé do na / néal'ta
in / airde: agus / d'oscail ' sé / doirse /
neiṁe.
25 D'ḟear sé fós manna anuas / orṫu '
le / hiṫe: agus ṫug sé / bia ó / neaṁ / dóiḃ.
26 Is aṁlaiḋ d'iṫ an duine / bia na /
n-aingeal: óir ċuir sé / ċu'cu a / ndíol / bia.
27 Ḋúisiġ sé an ġaoṫ a/noir faoi / neaṁ:
agus trína ċuṁaċta ṫug sé isteaċ an / ġaoṫ
a/niar an/eas.
28 D'ḟear sé feoil orṫu ċoṁ / tiuḃ ' leis
an / luaiṫ: agus éin faoi ċleite mar /
ġain/eaṁ na / farraige.
29 Lig sé anuas i measc a / bpailliún / é:
mór/ṫim/peall a / n-áitreaḃ.
30 D'iṫeadar agus ḃí a ndóṫain acu mar
sin; ó ṫug sé ar ṡan/taío'dar / dóiḃ: ní
raḃadar / gan a / mian / a ḟáil.
31 Aċ ṫáinig tromḋíḃeirg Dé orṫu agus
an bia ina mbéal go fóill, gur ṁaraiġ sé an
ṁéid ab / acṁainn'í / orṫu: ṁaraiġ go



deiṁin, agus ċuir sé toġa fear / Iosra/el
ar / lár.

32 Aċ i ndiaiḋ ar ṫarla ba / ṁóide ' a
ṗea/caíodar: agus níor / ċreideadar ' dá /
oibrea'ċa / iontaċa.
33 Mar sin ċaiṫ sé a laeṫanta i / ndío-/
ṁaointeas: agus a / mblian/ta i / mbuaireaṁ.
34 Nuair a ṁaraiġ sé iad, / ċuadar ' á /
iarraiḋ: d'iompaíodar go luaṫ, agus /
d'ḟiafraío/dar faoi / Ḋia.
35 Agus ċuiṁníodar gurḃ é / Dia a /
gcuṁaċt: agus gurḃ é an / Dia is / Airde
a / ḃfuascailteoir.
36 Ina ḋiaiḋ sin, ní raḃadar aċ á ṁeallaḋ /
lena / mbéal: agus ag cur / clua'na air /
lena / dteanga.
37 Óir níorḃ é ar fad a ḃí in aice / lena /
gcroí: agus níor leanadar go buan/seas/ṁaċ
dá / ċonraḋ.
38 Aċ ḃí sé ċoṁ trócaireaċ agus gur
ṁaiṫ sé a mí/ġníoṁar'ṫa / dóiḃ: agus /
níor / scrios sé / iad.
39 Is iomaí uair, go deiṁin, a lig sé a /
ḟearg / ṫairis: agus nár lig sé d'iomlán a /
ḋí/ḃeirge / éirí.
40 Óir smaoiniġ sé naċ raiḃ / ion'tu
aċ / feoil: agus naċ raḃadar aċ mar ṡéideán
gaoiṫe a ṫéann ṫairis, / agus ' naċ / ḃfilleann '
a/rís.

41 Ba ṁinic a ċuireadar caṫuiṫe / air
san / ḟásaċ: agus a ċrádar / é sa / tír /
ḟiáin.

42 Ṫiontaíodar ar gcúl, agus ċuireadar /
ca'tú ar / Ḋia: agus corraí ar an / Té is /
Nao'fa in / Iosrael.
43 Níor ċuiṁníodar / ar a / láiṁ: ná ar
an lá a d'ḟuascail sé / iad as / láiṁ an / naṁad;
44 Mar a rinne sé a ṁíorúil/tí in /
Éigipt: agus a / ḟear'ta i / maċair 'e / Ṡóáin.
45 Rinne sé / fuil dá / n-uiscí: ionas
nárḃ ḟéidir leo / ól / as na / haibneaċa.
46 Ċuir sé na cuileoga isteaċ ina measc,
á / n-iṫe / suas: agus na / loscainn ' a /
scriosfaḋ / iad.
47 Ṫug sé a dtoraḋ don / ṗéist / ċapaill:
agus a / gcuraíoċt ' don / dreolán / teaspaiġ.
48 Scrios sé a gcraobaċa fíniúna le / cloċa
/ sneaċta: agus a gcrainn ṁaoil/dearga /
leis an / sioc.
49 Agus ḃuail sé a n-eallaċ le / cloċa /
sneaċta: agus a / gcaoiriġ ' le / caorṫa /
tine.
50 Liġ sé amaċ dásaċt a ḟeirge ina mullaċ,
ḋíbeirg agus confaḋ / agus / buaireaṁ: agus
ċuir sé droċ-aingil is/teaċ / ina / measc.
51 Scaoil sé an srian lena ḋíbeirg, agus
níor liġ sé lena / n-anam / iad: aċ scaoil
sé a / n-anam / leis an / bplá.
52 Agus ḃuail sé gaċ céadġin / clainne '
san / Éigipt: an drong ab airde agus ab /
aċṁainn'í i / dtiṫe / Ċam.
53 Aċ i dtaoḃ a ṁuintire féin de, ṡeol sé
amaċ / iad mar / ċaoiriġ: agus ṫug sé tríd an /
ḃfásaċ / iad mar / ṫréad.
54 Ṫug sé amaċ slán iad, ionas naċ raiḃ



ábar / eagla / acu: agus ḃáiġ sé a / naiṁde /
faoin / ḃfarraige.
55 Agus ṫug sé iad idir teorainn a / ṡanc-/
tóra: go dtí an sliaḃ a ċeannaiġ sé / lena /
láiṁ / deas.
56 Ċaiṫ sé amaċ na pá/gánaiġ / rompu:
agus rinne sé an tír a roinnt eatartu mar
oiḋreaċt, agus ṫug sé ar ṫreibeanna Iosrael
cur / fúṫu / ina / bpubaill.

57 Aċ dá ainneoin sin ċuireadar caṫú agus
míṫaitneaṁ ar an / Ḋia is / Airde: agus
/ níor ċoinn/ío'dar a / fianaisí;
58 Aċ ṫugadar a gcúl leis, agus ṫréigeadar
é mar a / rin'ne a / sinsear: ag dul i lea-/
taoḃ mar / ḃoga / briste.
59 Óir ċrádar é le hal/tó'ra ar / ċnoic:
agus ġríosaíodar ċun díbeirge / é ' lena /
n-íoṁ/ánna.

60 Nuair a ċuala Dia sin, ḃí / fearg /
air: agus ġlac sé / mórḋí/ḃeirg le / hIosrael.
61 Ionas gur ṫréig sé an tabar/nacal '
i / Siló: an puball a ḃí curṫa / ai'ge i / measc
na / ndaoine.
62 Scaoil sé a / ċumaċt ċun / broide: agus
a / ġlóir i / láiṁ an / naṁad.
63 Scaoil sé a ṗobal le / béal an / ċlaíṁ:
agus ḃí / fearg air / lena / oiḋreaċt.
64 D'íoiġ an tine a / ḃfir / óga: agus
ní / dearnaḋ / cleaṁnasa ' dá / maiġdeana.
65 Maraíoḋ a sagairt / leis an / gclaíoṁ:
agus ní raiḃ na baintreaċa ann a / ċuirfeaḋ /
cluiċe / caointe.

66 Ḃa ansin a ḋúisiġ an Tiarna mar ḋúisíonn
duine / as a / ċodlaḋ: agus mar ḟaṫaċ a dtug
an / fíon / croí / dó.
67 Ṫiomáin sé a / naiṁ'de ar / gcúl:
agus d'ḟág sé / náire / ḃuan / orṫu.
68 Ḋiúltaiġ sé do ṫabar/nacal / Iósaif:
agus níor / ṫoġ sé / treiḃ / Epráim;
69 Aċ ṫoġ sé / treiḃ / Iúda: mar tá Sliaḃ /
Ṡióin dá / dtug ' sé a / ġrá.
70 Agus ṫóg sé ansin a / ṫeampall ' in /
airde: agus leag sé a ḃun mar an talaṁ
a / ḃunaiġ / sé go / buan.
71 Ṫoġ sé Dáiḃí a / ṡeirḃ/íseaċ: agus /
ṫug sé / é ' óna / banraċa.
72 Ġlac sé é, agus é i ndiaiḋ na gcaorac /
trom / uan: ionas go mbeaṫóḋ sé Iácób a
ṗobal, agus / Iosra/el a / oiḋreaċt.
73 Dá ḃrí sin ḃeaṫaiġ sé iad le croí /
dílis / ḟíor: agus rialaiġ sé go céillí iad
le / hiom/lán a / ċuṁaċt.

Lá 16.

## URNAÍ NA MAIDINE.

Salm 79. Deus, venerunt.

A Ḋia, tá na págánaiġ i ndiaiḋ teaċt is-/
teaċ iḋ / oiḋreaċt: tá do ṫeampall
naofa truaillite acu, agus carn cloċ déanta /
acu / de Iar/úsalem.
2 Tá coirp ṁarḃa do ṡeirḃíseaċ tugṫa
acu mar ḃia do / éin an / aeir: agus
feoil do naoṁ do / ḃeiṫíġ / allta ' na / tíre.
3 Tá a bfuil doirtiṫe acu mar uisce ar



gaċ / taoḃ ' de Iar/úsalem: agus gan duine
ann / lena / gcur san / uaiġ.
4 Rinneaḋ náire os ard / dinn dár / naimde:
táimid mar ḋiṁeas agus mar ábar gáire ag a /
mbíonn / inár / dtimpeall.
5 A Ṫiarna, ca fad a beiḋ / fearg / ort:
an ndóifiḋ / d'éad mar / tine ' go / deo?
6 Doirt amaċ d'ḟearg ar na págánaiġ nár /
aiṫin / ṫú: agus ar na / ríoċt'a nár / ġlaoiġ
ar / d'Ainm.
7 Óir tá Iácób / slogṫa / acu: agus fásaċ
déanta acu / dá / áit / ċónaiṫe.
8 Ná cuiṁniġ ar ár seanṗeacaí, aċ déan
trócaire / orainn ' in / aiciorraċt: óir
táimid in / umar ' na / haimi/léise.
9 Cuidiġ linn, a Ḋia ár slánaiṫe, as uċt /
glóire / d'Ainme: fuascail sinn, agus bí
trócaireaċ dár / bpeac'aí, as / uċt / d'Ainm.
10 Cad ċuige a ndeireann na / pá/gánaiġ:
Cá bfuil a / nDia / siúd a/nois?
11 Ná bíoḋ fuil do ṡeirḃíseaċ a / doirteaḋ '
gan / éiric: á baint amaċ go follas i measc
na bpágánaċ, / agus / sinne ' á / ḟéaċaint.
12 Tagaḋ osnaí bróin na bprío/súnaċ '
i do / láṫair: de réir méid do ċuṁaċta, saor
an dream a / bfuil an / bás i / ndán dóiḃ.
13 Agus an aiṫis a ṫug ár / gcomar'sana /
duit: cúitiġ leo í, a Ṫiarna, faoi / ṡeaċt is-/
teaċ ' ina / mbrollaċ.
14 Is aṁlaiḋ a beiḋ sinne, do ṗobal,
caoiriġ do ṗáirce, ag tabairt buíoċais / leat
go / deo: agus beimid do do ṁolaḋ os / ard
ó / ġlúin go / glúin.

Salm 80. Qui regis Israel.

ÉIST, a Aoire Iosrael, a ṫreoraíos / Iósaf '
mar / ṫréad: taispeáin tú féin freisin,
ó / ṡuíonn ' tú / ar na / Cearúibím.
2 Os comair Ephráim, Beniamín, / agus '
Man/asses: múscail do ċumaċta, agus tar
do / ċur tarr/ṫála / orainn.
3 Iompaiġ sinn a/ris, a / Dia: noċt
solas do ġnúise, / agus ' slán/ófar / sinn.

4 A Ṫiarna / Dia na / slua: ca fad a ḃeiḋ
fearg ort le do ṗobal, / agus / iad ag / guí ?
5 Beaṫaíonn tú iad le ha/rán na / ndeor:
agus tugann tú an iomad / deor / dóiḃ le / hól.
6 Tá áḃar imreasáin déanta agat / dinn
dár / gcomarsana: agus is dímeasúil a ḃíonn
ár / naim'de ag / magaḋ / fúinn.
7 Taḃair orainn filleaḋ arís, a Ṫiarna/
Dia na / slua: taispeáin solas do ġnúise, /
agus ' slán/ófar / sinn.

8 Ṫug tú an ċraoḃ fíniúna amaċ / as an /
Éigipt: ċaiṫ tú amaċ na págánaiġ, go /
ndearna ' tú / í a / plandáil.
9 Réitiġ tú an / bealaċ / roimpi: agus
nuair a ċuir sí a fréamaċa síos, / líon / sí
an / tír.
10 Ḃí na cnoic cumḋaiṫe / lena / scáil:
agus ḃí a géaga mar / ċrainn / ḃreaṫa / céadrais.
11 Ṡín sí a craoḃaċa / ċun na / farraige:
agus a / géaga / ċun na / haḃann.
12 Cad ċuige ar / leag ' tú a / claí: go
mbíonn luċt siúil an ḃótair ag / baint a /
caor fín/iúna ?



13 Ḃíonn torc allta na / coille ' á /
toċailt: agus beiṫiġ / all'ta an / ṁacaire '
á / hiṫe.
14 Fill orainn arís, a Ṫiarna na slua, féaċ
a/nuas ó / neaṁ: taḃair aṁarc agus cuairt
ar an / gcraoḃ fí/niúna / seo;

15 Agus dála ionaiḋ an fíongoirt a cuireaḋ
le do / láiṁ / ḋeas: agus dála na géige a rinne
tú ċoṁ / láidir / sin duit / féin.
16 Dóḋ le tine í, agus gearraḋ a/nuas / í:
agus tugann bagairt do / ġnúi'se a / mbás /
siúd.
17 Beireaḋ do láṁ ar fear do / láiṁe /
deise: agus ar ṁac an duine, a rinne tú
ċoṁ / láidir / sin duit / féin.
18 Má déanann tú amlaiḋ, ní raċaimid
ar / gcúl / uait: lig ár mbeo linn, agus /
glaofai/mid ar / d'Ainm.
19 Taḃair orainn filleaḋ arís, a Ṫiarna /
Dia na / slua: taispeáin solas do ġnúise, /
agus ' slán/ófar / sinn.

Salm 81. Exultate Deo.

CANAIMIS go meiḋreaċ do / Dia, ár /
gcuṁaċt: tógaigí gáir lú/ċáire ' roiṁ /
Dia / Iácóiḃ.
2 Tógaigí an salm, / cugainn ' an / tiompán:
an / ċaoinċruit / agus an / liúit.
3 Séidigí stoc in am na / gealaí / nua:
san am atá ainmniṫe / dúinn le / féile ' sol-/
lúnta.

4 Óir cuireaḋ sin i ḃfeiḋm mar reaċt /
d'Iosra/el: agus mar ḋlí de / ḋlíṫe / Dé /
Iácóib.
5 D'orḋaiġ sé sin mar / ḟianai'se in /
Iósaf: nuair a ṫáinig sé as tír na hÉigipte,
inar / ċuala ' sé / canúint / ċoiṁṫíoċ.

6 Ṫug mé faoiseaṁ dá ġualainn ó / iompar /
ualaċ: agus fuasclaíoḋ a láṁa ó / ḃeiṫ ag /
déanaṁ / soiṫeaċ.
7 Ġlaoiġ tú orm i do ḃuarṫa, agus /
d'ḟuascail ' mé / tú: agus d'éist mé leat
nuair a / luiġ an / doineann / ort.
8 D'ḟéaċ mé / ṫú / fós: ag / uis'cí an /
imreas/áin;
9 Á rá, Éistigí, a ṗobail liom, agus
taḃarfaiḋ mé mo / ḋeiṁin ' air / daoiḃ: a
Iosrael, má / ṫugann / tú / cluas dom,
10 Dia coiṁṫíoċ / ní ḃeiḋ / eadraiḃ: ná
ní aḋarfaiḋ siḃ / d'aon / Dia / eile.
11 Is mé do Ṫiarna Dia, a ṫug amaċ as
tír na hÉi/gipte / tú: foscail do ḃéal go
fairsing, agus is / mé a / líonfas / é.
12 Aċ níorḃ áil le mo ṗobal / éisteaċt '
le mo / ġlór: níor toil le / hIosra'el / umlú /
dom.

13 Dá ḃrí sin, scaoil mé iad le mianta
a / gcroí / féin: agus lig mé dóiḃ leanúint
dar / saṁlaíoḋ / dóiḃ / féin.
14 Nár trua nár éist mo / ṗobal / liom:
óir dá mb'áil le / hIosra'el / siúl i mo / ṡliṫe,
15 Ba ġairid go mbeaḋ a naiṁde curṫa
faoi / ċois / agam: agus d'iompóinn mo / láṁ /
ar a ' n-eas/cairde.



16 Ḃeaḋ luċt fuaṫa an Tiarna ag / uṁlú /
roiṁe: aċ ṁairfeaḋ a / seal / siúd go / deo.
17 Ḃeaṫóḋ sé iad le / snua gaċ / gráinne:
agus ṡásóinn ṫú le mil / as an / gcarraig /
ċloiċe.

Lá 16.

## Urnaí na Nóna.

Salm 82. Deus stetit.

Seasaíonn Dia i gcoiṁṫio/nól na / bprionsaí:
is breiṫeaṁ / é i / measc na / ndéiṫe.
2 Ca ḟad a ndéanfaiḋ siḃ breiṫ/iúnas /
míċeart: agus a mbeiḋ siḃ i / leiṫ / luċt
an / oilc?
3 Cosnaigí an duine boċt / agus ' an /
dílleaċta: féaċaigí ċuige go ḃfaiġe luċt na
hainnise agus an / riaċta/nais a / gceart.
4 Fuasclaígí an ruagaire reaṫa agus an /
boċt/án: taḃraigí slán iad as / láiṁ an /
droċ/ḋuine.
5 Ní ġlacfaiḋ siad le foġlaim ná ní tuigfiḋ
siad, aċ ag siúl rompu sa / dorċad/as:
tá buna / ui'le an / talaiṁ ' as / áit.
6 Is é aḋúirt mé, Is / déiṫe / siḃ: is
clann an Té is / Airde / siḃ / uile.
7 Ní lúide ġeoḃas siḃ / bás mar / ḋuine:
agus titfiḋ siḃ mar / ṗrionsa / de na /
prionsaí.
8 Éiriġ, a Ḋia, agus taḃair féin breiṫiúnas /
ar an / doṁan: óir glacfaiḋ tú seilḃ / ar
na / náisiúin / uile.

Salm 83. Deus, quis similis?

NÁ bí gan labairt, a Ḋia, agus ná / fan
i do / ṫost: ná cuir / cosc leat / féin,
a / Ḋia.
2 Óir siúd do / naim'de ag / monabar:
agus lucṫ d'ḟuaṫa ag / tó/gáil a / gcinn.
3 Ċumadar feall in / aġaiḋ do / ṗobail:
agus ġlacadar comairle in / aġaiḋ / lucṫ
do / rúin.
4 Dúradar, Tagaigí, go dtarraingímid as na
préaṁaċa iad, ionas nár ṗobal / iad / feasta:
agus go dté ainm / Iosra/el as / cuiṁne.
5 Óir ċuadar d'aontoil i / gceann a /
ċéile: agus tá siad ceangailte le / ċéi-/
le id / éadan;
6 Pailliúin clainne Édom, agus / cine /
Ismael: clann Moab / agus / muintir / Hagar;
7 Gebal, agus Ammon, agus / Amal/ec:
na Filistínig agus / lucṫ / áiti'te / Tiorra.
8 Ċuaiġ Assur fós in / éineaċt / leo: ag /
cuidiú ' le / clann / Lot,
9 Aċ déan leo mar rinne tú ar / ṁuintir /
Midian: ar Sisera agus ar / Iabin ' ag /
abainn / Cison;
10 A ċuaiġ ċun / éag'a ag / Endor: agus
a bí mar / aoileaċ / ar an / talaṁ.
11 Déan iad féin agus a dtaoisiġ mar
Oreb / agus ' mar / Zéb: déan a bḟlaṫa uile
mar Séba / agus / mar Sal/mana;
12 An dream a deir, / Glacai'mis / seilḃ:
go mbí tiṫe / Dé / againn / féin.
13 A Ḋia liom, déan iad mar / ṡí / gaoiṫe:
mar an / conlaċ / roiṁ an / ngaoṫ.



14 Mar an tine a / loisceann ' an / ċoill:
agus mar / ḟall/scaoṫ ar / ṡliaḃ;
15 Téaḋ do ḋoineann / ar a / dtóir: agus
cuireaḋ do / ṡéideán / uafás / orṫu.
16 Deargaiġ a n-éadan le náire, a / Ṫiar-/
na: ionas go / raiḃ ' siad ag / iarraiḋ /
d'Ainm.
17 Go mba ṁóide dá n-aiféala / agus '
dá / mbuaireaṁ: cuirtear náire orṫu / agus /
scriostar / iad.
18 Agus tabarfar le fios dóiḃ gur tú,
arḃ ainm / duit / Iáivé: gur tú aṁáin an
Té is Airde os / cionn an / domain / uile.

Salm 84. Quam dilecta!

CAD é / aoibneas / d'áras: a / Ṫiar/na
na / slua.
2 Is í mian agus mórṫnúṫ m'anama dul
isteaċ i gcúirteanna an / Tiar/na: is é
an Dia beo is cúis áṫais mo / ċroí / agus '
mo / ċolainne.
3 Is deiṁin go bḟuair an gealḃan teaċ,
agus go bḟuair an fáinleog an nead ina /
gcuire ' sí a / hál: cá háit aċ d'altóra, a
Ṫiarna na slua, mo / Rí / agus ' mo / Ḋia.
4 Is beannaiṫe iad lucṫ / áiti'te do /
tí: beiḋ / siad go / deo do do / ṁolaḋ.
5 Is beannaiṫe an té gur / tú a / ċumaċt:
a mbíonn do / ṡliṫe / ina / ċroí.
6 A mbíonn gleann an ḃuarṫa acu mar
tobar fuaráin nuair a / ṡiúlas ' siad / tríd:
agus gan lag ann naċ bḟuil / lán / d'ḟíor-/
uisce.

7 Dá láidreaċt iad is láidre a / beiḋ / siad: agus níl duine orṫu naċ mbeiḋ le feiceáil i láṫair / Dé na / ndéi'ṫe i / Sión.

8 A Ṫiarna Dia na slua, / éist le mo / ġuí: taḃair / cluas, a / Ḋia / Iácóib.

9 Féaċ, a Ḋia is / dídean / dúinn: féaċ ar aġaiḋ an / Té a / d'ung / tú.

10 Is fearr aon lá aṁ/áin faoi do / ċúirteanna: ná / míle ' lá in / áit naċ / iad.

11 B'ḟearr liom beiṫ i mo ḋoirseoir i / dteaċ mo / Ḋé: ná beiṫ i mo ċónaí i / bpail-/liúin an / oilc.

12 Óir is solas agus is crann cosanta an / Tiarna / Dia: beiḋ an Tiarna ag bronnaḋ grásta agus glóire, agus ní ċoinneoiḋ sé aon dea-rud siar ón dream / ċaiṫeas ' a / mbeaṫa ' go / cráifeaċ.

13 A Ṫiarna / Dia na / slua: is beannaiṫe an té a / ċuireas ' a / ḋóċas / ionat.

Salm 85. Benedixisti, Domine.

A Ṫiarna, is maiṫ a / ḃí tú ' do do / ṫír: ṫug tú / braiġdean'aiġ / Iácóib ' a-/baile.

2 Maiṫ tú / coir do / ṁuintire: agus / d'ḟolaiġ ' tú a / bpeacaí ' go / léir.

3 Lig tú uait do / ḋíbeirg / uile: agus ċuir tú / suas ded / ḟearg / ḟíoċmar.

4 Iompaiġ sinn máisea, a / Ḋia ár / slánaiṫeoir: agus stad den / ḟearg a/tá ort / linn.



5 An go deo a ḃeiḋ tú / mí/sásta linn: nó an gcoṫóiḋ tú / d'ḟearg ó / ġlúin go / céile?

6 An é nárḃ áil leat iompú arís agus / sinn'e a / ḃeoú: ionas go mbeifeá mar áḃar / áṫais / ag do / ṁuintir?

7 Taispeáin dúinn do / ṫrócai're, a / Ṫiarna: agus / bronn do / ṡlánú / orainn.

8 Éistfiḋ mé lena ndéarfaiḋ an Tiarna / Dia i mo / ṫaoḃsa: óir laḃróiḋ sé síoċáin lena ṁuintir, agus lena naoiṁ, ionas naċ dté siad leis an / amaid/í a/rís.

9 Óir bíonn a ṡlánú in aice an dreama darb / eagal / é: ionas go ḃfana an / ġlóir / inár / dtír.

10 Tá coinne déanta ag an trócaire / agus ' ag an / bḟírinne: ṗóg an ḟíréantaċt agus an / tsío/ċáin a / ċéile.

11 Fásfaiḋ an ḟírinne aníos / as an / talaṁ: agus d'ḟéaċ an ḟíréantaċt a/nuas / ó / neaṁ.

12 Is deiṁin go dtaispeánfaiḋ an Tiarna / cartan'aċt / ġráṁar: agus go dtaḃarfaiḋ ár / dtalaṁ / uaiḋ a / toraḋ.

13 Siúlfaiḋ an fír/éantaċt / roiṁe: agus déanfaiḋ sé / eolas / dó sa / tslí.

Lá 17.

## URNAÍ NA MAIDINE.

Salm 86. Inclina, Domine.

Claon anuas, a Ṫiarna, do ċluas, agus / éist / liom: ó táim i / mboċta'nas / agus ' i / mbuaireaṁ.

2 Cumḋaiġ m'anam, ós / naofa / mé: saoraḋ mo Ḋia a ṡeirḃíseaċ, a / ċuireas ' a / ṁuinín / ionat.
3 Ḃí trócaireaċ / dom, a / Ṫiarna: óir / glaofaiḋ ' mé / ort gaċ / lá.
4 Taḃair sólás d'anam do / ṡeirḃ/ísiġ: óir is ċugat, a / Ṫiar'na, a / ardaím / m'anam.
5 Óir bíonn tú maiṫ, a Ṫiarna, / agus / carṫanaċ: agus mórṫrócaireaċ / lena / nglaonn / ort.
6 Taḃair cluas, a / Ṫiarna, dom / urnaí: taḃair aire dom aċainíoċa umla a/tá á / rá os / ard.
7 Is ort a ġlaofas mé in / am mo / ḃuarṫa: ó / ṫugann tú / éisteaċt / dom.

8 Níl do leiṫéid ann i measc na / ndéi'te, a / Ṫiarna: ná níl sé / ann a / ḋéanfaḋ ' do / ġníoṁarṫa.
9 Tiocfaiḋ gaċ cine dá ndearna tú dod / aḋraḋ, a / Ṫiarna: agus / taḃarfaiḋ ' siad / glóir dod / ainm.
10 Óir is tú tá mór, agus is / iontaċ ' do / ġníoṁarṫa: is tú a/máin is / Dia / ann.
11 Múin do ṡlí dom, a Ṫiarna, agus siúlfaiḋ / mé id / ḟírinne: snaiḋm mo ċroí duit féin, go raiḃ / eagla / orm roiṁ / d'Ainm.
12 Taḃarfaiḋ mé buíoċas duit, mo Ṫiarna ' Dia, ó iom/lán mo / ċroí: agus / molfaiḋ ' mé / d'Ainm go / deo.
13 Óir is mór a ḃíos do / ṫrócai're / orm: agus tá m'anam fuascailte agat / ó ḟíor-/ íoċtar / ifrinn.



14 A Ḋia, tá drong an díomais i ndiaiḋ / éir'í im / aġaiḋ: agus ċuaiġ buíonta de luċt na láiṁe láidre ar ṫóir m'anma, gan tusa a / ṫeaċt os / coin'ne a / súl.
15 Aċ is tú, a Ṫiarna, a ḃíos lán de ṫrua / agus ' de / ṫrócaire: is fadfulangaċ tú, agus is fairsing do / ṁaiṫeas / agus / d'ḟírinne.
16 Fill orm mar sin, agus déan / trócai-' re / orm: taḃair do ċuṁaċt do do ṡeirḃíseaċ, agus / cuidiġ ' le / mac do / ċuṁaile.
17 Taispeáin orm dea-ċomarṫa éigin, go ḃfeice luċt m'fuaṫa é, agus go raiḃ / náire / orṫu: de ḃrí gur tú, a Ṫiarna, a ṫug tarrṫáil dom agus a / ċuir / sólás / orm.

Salm 87. Fundamenta ejus.

IS AR na cnoic naofa a / bunai'oḋ / é: is fearr leis an Tiarna geataí Ṡióin ná a / ḃfuil de / árais ' ag / Iácób.
2 Níl / ní dá / feaḃas: naċ ndeirtear / fút, a / ċaṫair / Ḋé.
3 Beiḋ an Éigipt agus Baiḃilón á / lua / agam: ar an dream a ḃfuil / aiṫne / acu / orm.
4 Siúd na Filistínig fós, agus muintir Ṫiorra, agus / clann na / Múraċ: beifear á n-áireaṁ / lenar / rug'aḋ i / Sión.
5 Beifear á lua le Sión, gur rugaḋ seo agus / siúd / inti: agus beiḋ an Té is / Air-' de ag / neartú / léi.
6 Beiḋ an Tiarna ag meas, nuair a scríoḃas sé na cin/ío'ċa / síos: gur i Sión a / rugaḋ ' gaċ / duine / acu.

7 Freagróiḋ na cantairí agus luċt / séidte ' na / stoc: Níl tobar fuar/áin ' agam / naċ ḃfuil / ionat.

Salm 88. Domine Deus.

A ṪIARNA Dia mo ṡlánaiṫe, ḃinn ag glaoḋ lá agus oíċe / os do / ċoinne: tagaḋ m'urnaí isteaċ i do láṫair, claon do / ċluas / ċun mo / scairte.

2 Óir bíonn m'anam / lán de / ḃuaiream: agus bíonn mo ḃeaṫa ag / druidim / leis an / uaiġ.

3 Ḃítear do mo ṁeas ar an dream a ṫéas / síos sa / ṗoll: ḃinn i mo / ḋuine ' gan / lúṫ gan / láṫair.

4 Scaoilte i measc na marḃ, mar an dream atá ina luí san uaiġ agus a / ngoin / orṫu: a ċuaiġ as cuiṁne, agus a / scaraḋ / de do / láiṁ.

5 Ċuir tú mé sa / ṗoll is / íoċtaraí: in áit an / dorċa'dais / agus ' sa / doiṁneaċt.

6 Is trom a luíonn do / ḋíbeirg / orm: táim buarṫa agat le do / ḋoinean/na go / léir.

7 Ċuir tú mo luċt aiṫeantais i / ḃfad / uaim: agus tug tú orṫu fuaṫ a / ḃeiṫ / acu / orm.

8 Táim ċoṁ / dúnta ' sa / ṗríosún: naċ / féidir / liom a / ḟáġáil.

9 Ḃíonn aṁarc mo ṡúl ag meaṫ le / tréan / buarṫa: a Ṫiarna, nár ġlaoiġ mé ort gaċ lá, nár / ṡín ' mé mo / láṁa / ċugat?



10 An dtaispeánann tú iontais i / measc na / marḃ: an éireoiḋ na marḃáin arís, nó an / molfaiḋ / siad / tú?

11 An dtaispeánfar do ċarṫanaċt / ġráṁar ' san / uaiġ: nó an noċtfar do ḋílseaċt i / lár an / léir/scriosta?

12 An aiṫneofar d'oibreaċa / ionta'ċa sa / dorċadas: nó an aiṫneofar d'ḟír/éantaċt ' i / dtír na / ndearmad?

13 Is ċugat a / ġlaoiġ ' mé, a / Ṫiarna: is moċ a / tiocfaiḋ ' mo / ġuí i do / láṫair.

14 A Ṫiarna, cad ċuige a mbíonn gráin / agat ' ar / m'anam: cad ċuige a / gceileann ' tú do / ġnúis / orm?

15 Táim faoi ġruaim, bím mar an té atá ag / saoṫrú / báis: óm óige i leiṫ tabaíoḋ d'uafás / intinn / buarṫa / dom.

16 Ḃíonn do ḋíbeirg fíoċmar ag / dul / ṫaram: agus tá / m'eagla / roṁat do mo / ṁilleaḋ.

17 Ċuadar ṫaram gaċ / lá mar / uisce: timpeallaíodar le ċéile / mé ar / gaċ / taoḃ.

18 Ċuir tú mo luċt cumainn agus mo / ċairde / uaim: agus d'ḟolaiġ tú mo luċt / aiṫean'tais ó / aṁarc mo / ṡúl.

Lá 17.

## URNAÍ NA NÓNA.

Salm 89. Misericordias Domini.

Beiḋ carṫanaċt ġráṁar an Tiarna á canaḋ de / ṡíor / agam: ó ġlúin go ċéile beiḋ d'ḟíréantaċt á / foilsiú / agam ' le mo / ḃéal.

2 Is é dúirt mé, Ardófar an / trócaire '
go / deo: cuirfiḋ tú bunḟréaṁ / d'ḟírin-/
ne sna / neaṁa.

3 Tá conraḋ déanta agam le / m'ḟear /
tofa: ṫug mé mo ṁionn do / Ḋáiḃí ' mo /
ṡeirḃ/íseaċ,
4 Neartóiḋ mé go / deo le do / ṡíol: agus
coinneoiḋ mé do ċaṫaoir ríoga ina / seasaṁ '
ó / ġlúin go / ċéile.
5 A Ṫiarna, beiḋ na neaṁa féin ag / molaḋ /
d'ḟeart: agus beiḋ d'ḟírinne á molaḋ /
ag an / slua / beannaiṫe.
6 Óir cé sin i / measc na / néalta: atá le
cur i gco/súlaċt / leis an / Tiarna?
7 Agus cé sin i / measc na / ndéiṫe: atá /
in'ċurta / leis an / Tiarna?
8 Is mór an eagla atá ag teaċt ċuig Dia
i gcoṁairle an / tslua / beannaiṫe: is mór
an urraim is dual dó ón luċt a / ḃíos / ina /
timpeall.

9 A Ṫiarna Dia na slua, cé is / cosúil /
leat: níl taoḃ dínn, a Ṫiarna ṁóir na
gcuṁaċt, / naċ mbíonn / d'ḟírin'ne / air.
10 Bíonn fioċ na farraige ag / géilleaḋ /
duit: ciúnaíonn tú a tonnta / nuair a / éiríonn /
siad.
11 Smaċtaiġ tú an Éigipt, agus / scrios
tú / í: scaip tú do / naiṁde ' le do / ġéag /
ċuṁaċtaċ.
12 Is leat na neaṁa, is leat / fós an /
talaṁ: is tú a ċuir bun na cruinne, / agus '
a / bfuil / inti.



13 Rinne tusa an tuaisceart / agus '
an / deisceart: bíonn d'Ainm mar ċúis áṫais
ag / Tabor / agus ' ag / Hermón.
14 Tá géag / ċuṁaċtaċ / agat: is láidir
do láṁ, agus is / ard do / láṁ / deas.
15 Bunaítear do ċaṫaoir ar an bfíréantaċt
agus / ar an / gceart: siúlfaiḋ an trócaire
agus an / fírin'ne / roiṁ do / ġnúis.
16 Is beannaiṫe iad an pobal, a Ṫiarna,
lerḃ féidir tú a ḃeiṫ acu mar / áḃar / áṫais:
siúlfaiḋ / siad i / solas ' do / ġnúise.
17 Beiḋ d'Ainm mar ċúis lúċáire / acu '
gaċ / lá: agus beiḋ siad ag / maíoṁ / as
d'ḟír/éantaċt.
18 Óir is tú / clú a / gcuṁaċta: agus is
de do ċartanaċt ġráṁar a ard/óiḋ / tú ár /
n-aḋarca.
19 Óir is é an Tiarna ár / gcosan/tóir:
is é Naoṁ / Iosra/el ár / Rí.

20 Labair tú i dtráṫ le do naoiṁ, agus /
dúirt / tú: Ċuir mé tarrtáil ar an té atá
cuṁaċtaċ; d'ardaiġ mé an té a / toġaḋ /
as an / bpobal.
21 Ġlac mé Dáiḃí mo / ṡeirḃ/íseaċ:
d'ung mé lem / ola / naofa / é.
22 Beiḋ greim daingean ag mo / láiṁ /
air: agus beiḋ mo / ġéag ag / neartú / leis.
23 Ní ḟéadfaiḋ an namaid foiréigean a /
déanaṁ / air: ná ní déanfaiḋ mac na hur-/
ċóide / doċar / dó.
24 Beiḋ a naiṁde á leagan agam os /
coin'ne a / ġnúise: agus luċt a / ḟuaṫa '
á / bpláḋ / agam.

25 Beiḋ m'ḟírinne fós agus mo / ṫrócai-'
re / leis: agus is im / Ainmse ' a arḋ/óḟar '
a / aḋarc.
26 Cuirfiḋ mé an ḟarraige / faoina /
réim: agus na sruṫanna / faoina / láiṁ / ḋeas.
27 Is é a ṫabarfaiḋ sé orm, Is / tú / m'aṫair:
is tú mo Ḋia / agus ' mo / ṡlánú / cuṁaċtaċ.
28 Déanfaiḋ mé mo ċéaḋġin / mic / ḋe:
níos / airde ' ná / rí'te an / doṁain.
29 Beiḋ mo ṫrócaire i dtaisce go deo/
faoina / ċoṁair: agus beiḋ mo / ċonraḋ '
leis / buan/seasṁaċ.
30 Tabarfaiḋ mé ar a ṡíol beiṫ / buan-/
ṁarṫanaċ: agus ar a ċaṫaoir / fanaċt ' mar /
laeṫanta / neiṁe.

31 Aċ más rud é go dtréigeann a / ċlann
mo / ḋlí: agus mura siúlann siad de / réir
mo / ḃreiṫ/iúnas;
32 Má ḃriseann siad mo reaċta, agus má
ṡáraíonn / siad / m'aiṫeanta: cuirfiḋ mé
smaċt ar a gcoireanna leis an slat, agus pionós
orṫu le / sciúir'sí ar / son a / bpeacaí.
33 Ina ḋiaiḋ sin, ní ḃainfiḋ mé de ar /
fad mo / ṫrócaire: ná ní / ligfiḋ ' mé go /
dteipfeaḋ ' ar / m'ḟírinne.
34 Ní ḃrisfiḋ mé mo ċonraḋ, ná ní aṫróiḋ
mé / briaṫar ' mo / ḃéil: ṫug mé mo naofaċt
mar ṁionn an t-aon uair aṁáin naċ / dteipfiḋ /
mé ar / Ḋáiḃí.
35 Mairfiḋ a / ṡíol go / deo: beiḋ a
ċaṫaoir ċom / buan ' leis an / ngrian / roṁam.
36 Seasfaiḋ sé go / deo 'mar an / ġealaċ:
mar fianaise na / fírin/ne ar / neaṁ.



37 Aċ is aṁlaiḋ ṫug tú gráin do ḋ'ungṫaċ
agus / ṫréig tú / é: agus bíonn tú / mí/ṡásta /
leis.
38 Tá do ċonraḋ le do ṡeirḃíseaċ / briste /
agat: agus a ċoróin / cai'te ar / lár / agat.
39 Leag tú a / ḃabúin / uile: agus / ḃris '
tú a/nuas a / ḋaingin.
40 Bíonn luċt siúlta an / ḃealaiġ ' á /
ċreaċaḋ: agus a ainm mar focal / aiṫis'e /
ag a / ċoṁarsana.
41 Ṫug tú an láṁ / uaċtair ' dá / naiṁde:
agus ċuir tú lúcáir / ar a / eas'cairde / uile.
42 Ṁaolaiġ tú / faobar a / ċlaíṁ: agus
ní ṫugann tú an / bua / dó sa / ċaṫ.
43 Ṁúċ / tú a / ġlóir: agus ċuir tú a /
ċaṫaoir / ríog'a ar / lár.
44 Ġiorraiġ tú / lae'ṫanta a / óige: agus
ċuṁdaiġ / tú le / náire / é.

45 A Ṫiarna, ca fad a ḃeiḋ tú do do ċeilt
féin, / an go / deo: agus an / ndóifiḋ / ḋ'fearg
mar / tine?
46 Ó cuiṁniġ ar / ġiorraċt / m'ama: cad
ċuige a ndearna tú na / daoine / ui'le in /
aisce?
47 Cé hé an fear dá maireann naċ / ḃfeicfiḋ
' an / bás: agus an ḃfuasclóiḋ sé a / anam '
ó / láiṁ / ifrinn?
48 A Ṫiarna, cá ḃfuil an maiṫeas ġrámar
a ḃíoḋ / agat ' fad/ó: a ṁionnaiġ / tú i do /
ḋílse ' do / Ḋáiḃí?
49 Cuiṁniġ, a Ṫiarna, ar an aċasán a ḃíos
ar do / ṡeirḃ/ísiġ: conas a iompraimse i mo
ḃrollaċ aċa/sán an / iomaḋ / daoine;

50 Lena maslaíoḋ do / naimde / tú: lenar
ċaiteadar / díṁeas ' ar / lorg / d'ungtaċ.

51 Go moltar an Tiarna go / sío/raí:
Ái/méan ' agus / Ái/méan.

## Lá 18.

## Urnaí na Maidine.

Salm 90. Domine, refugium.

A Tiarna, ba / tú ár / ndídean: ó /
ġlúin / go / ċéile.
2 Sular saolaíoḋ na sléibte, sular
cruṫaíoḋ / talaṁ ' an / doṁain : is tú Dia ó
ṡíoraíoċt, / agus ' go / saol na / saol.
3 Cuireann tú ar / neaṁní ' an / duine:
Filligí arís, a / deir ' tú, a / ċlann / Áḋaiṁ;
4 Óir i do ṡúile níl míle bliain aċ mar an /
lá in/né: a d'imiġ / ṫarainn ' mar / tráṫ
san / oíċe.
5 Ní luaiṫe a scaipeann tú iad, ná bíonn /
siad mar / ṡuan: agus feonn / siad ċoṁ /
tobann ' le / féar.
6 Ar maidin bíonn sé glas, agus / fásann '
sé a/níos: aċ tráṫnóna baintear é, agus
éir/íonn sé / críon / caite.
7 Óir bímid ag / cnaí faoi do / ḋíbeirg: agus
is / eagal ' linn / fíoċ / d'ḟeirge.
8 Ċuir tú ár míġníoṁarṫa / os do / ċoinne:
agus ár bpeacaí / folaiṫe ' faoi / ṡolas ' do /
ġnúise.
9 Óir nuair a ḃíonn tú i ḃfearg linn, bíonn
ár laeṫanta / ui'le is/tiġ: tarraingímid ar



deireaḋ ár mblian, mar / scéal a / insíoḋ /
tríd.
10 Is iad laeṫanta ár saoil a deiċ agus trí
ficid bliain; agus bíoḋ go ḃfuil daoine ann
a dtugann a láidreaċt iad ċun na / gceiṫre /
ficid: ní ḟanann acu de ḃarr a láidreaċta
aċ buaireaṁ agus brón; ar a luaṫas agus a
ṫéann an saol ṫart, agus a / ḃíonn ár / ré /
caite.
11 Aċ cé a ṫugas aird ar / ċuṁaċt /
d'ḟeirge: nó cé a mbíonn a ḋíol / eag'la air /
roiṁ do / ḋíbeirg?
12 Múin fios giorraċt ár / saoil / dúinn:
ionas go / dtugai'mid ár / gcroí don / eagna.

13 Fill arís, faoi / ḋeireaḋ, ' a / Tiarna:
agus bíoḋ trua / agat ' do do / ṡeirḃ/ísiġ.
14 Nárḃ fada uainn ár / sásaṁ ' de do/
trócaire: go mbí áṫas agus lúċáir orainn ar
feaḋ ár / saoil / agus ' ár / laeṫanta.
15 Go mba ṁóide dár sólás uait, a fad
agus / ḃiteá ' ár / mbuaireaṁ: agus na
blianta inar / ḟulaingea/mar an / t-olc.
16 Taispeáin do ṡaoṫar do do / ṡeirḃ/ísiġ:
agus tais/peáin do / ġlóir dá / gclann.
17 Agus bíoḋ mórġlóir ónár dTiarna /
Dia / orainn: cuir séan ar saoṫar ár láṁ
dúinn, agus go / soirḃí ' tú / saoṫar ' ár /
láṁ.

Salm 91. Qui habitat.

Cibé a ṁaireann faoi ċuṁdaċ an / Té is /
Airde: fanfaiḋ sé faoi / scáil an / Uile-/
ċuṁaċtaiġ.

2 Déarfaiḋ mé leis an Tiarna, Is tú mo
ḋóċas, / agus ' mo / ḋaingean: mo Ḋia, is /
as a / ḃeiḋ mo / ṁuinín.
3 Óir fuasclóiḋ sé tú ó / ḋol an / ḟiagaí:
agus / ón / bplá ur/ġránna.
4 Cosnóiḋ sé faoina sciaṫáin tú, agus ní
baol duit / faoina / ċleití: beiḋ a ḋílseaċt
agus a ḟírinne agat mar / sciaṫ / agus ' mar /
ḋídean.
5 Ní heagal duit an t-uafás a ḃíos ag /
siúl san / oíċe: ná an saiġead a / eit/líos
sa / lá.
6 Ní heagal duit an plá a / ṡiúlas ' sa /
dorċadas: ná an aicíd a ḋéanas / scrios i /
lár an / lae.
7 Titfiḋ míle le do taoḃ, agus deiċ míle
ar do / láiṁ / ḋeas: aċ ní / ṫiocfaiḋ / sé i do /
ċoṁair.
8 Feicfiḋ tú go deiṁin le do ṡúile / féin / é:
féaċfaiḋ tú ar a gcúi/teofar ' le / fear an /
oilc.
9 Óir is tú, a / Ṫiarna, ' mo / ḋóċas: is
ró-ard a ċuir / tú do / ṫeaċ / cosanta.
10 Doċar ní tar/lóiḋ / duit: ná ní ṫiocfaiḋ
/ plá de / ċoṁair do / ṫí.
11 Óir ordóiḋ sé dá / aingil ' i do / taoḃ:
beiṫ do do ċuṁdaċ gaċ / bealaċ ' dá / mbíonn /
tú.
12 Iompróiḋ siad ar a / mbosa / tú: ionas
naċ ngortaí tú do / ċos in / éadan / cloiċe.
13 Siúlfaiḋ tú ar an leon agus ar an /



naṫair / niṁe: satlóiḋ tú an coileán leoin /
agus ' an / dragan ' faoi do / ċosa.
14 De ḃrí gur ṫug sé grá dom, dá ḃrí
sin beiḋ / mé á / ḟuascailt: ardóiḋ mé é,
ó doḃ / aiṫnid / dó / m'Ainm.
15 Glaofaiḋ sé orm, agus éistfiḋ / mise /
leis: is deiṁin go mbím ina láṫair i mbuaireaṁ;
fuasclóiḋ mé é, / agus ' onór/óiḋ ' mé / é.
16 Tabarfaiḋ mé dó a ṡásaṁ de / ḟad /
saoil: agus tais/peánfaiḋ ' mé mo / ṡlánú
/ dó.

Salm 92. Bonum est confiteri.

1 IS maiṫ an ní é buíoċas a / taḃairt leis an /
Tiarna: agus molaḋ d'Ainm a / ṡeinm,
a / Ḋia is / Airde.
2 Ḃeiṫ ag insint do ċartanaċta gráṁaire
ar / moċ / maidine: agus / d'ḟírin'ne i / dtráṫ
na / hoíċe;
3 Ar uirlis deiċ dtéad, agus / ar an /
liúit: ar ġléas ardċeoil / agus / ar an /
gcláirseaċ.
4 Óir is tú, a Ṫiarna, a ċuir lúċáir / orm
leo / oibreaċa: agus is orm a ḃeiḋ an
t-áṫas tú a ṁolaḋ as / gníoṁar/ta do / láṁ.
5 A Ṫiarna, cad é ċoṁ / glórmar ' leo /
oibreaċa: is doṁain as / cuimse / iad do /
smaointe.
6 Ní ṫugann duine dícéillí / sin dá / aire:
ní mó a / ṫuigeann / ama'dán / é.
7 Nuair a ḃíonn luċt an oilc ċoṁ húr-
ġlas leis an bféar, agus nuair a ḃíonn luċt

cleaċtaiṫe na hurċóide go / léir faoi / ḃláṫ:
is ansin a ḃíos scrios / sío'raí i / ndán / dóiḃ.
8 Aċ is / tú, a / Ṫiarna: is tú go / ḃráċ
an / Té is / Airde.
9 Óir is é an scrios atá i ndán do do naiṁde,
a Ṫiarna, is é atá i / ndán do do / naiṁde: agus
tiocfaiḋ milleaḋ ar luċt / cleaċtai'ṫe / na
hur/ċóide.

10 Aċ ardófar mo ḃeannsa mar ḃeann /
aon/aḋarcaiġ: ó hungaḋ / mé le / hola / úr.
11 Feicfiḋ mo ṡúil fós a mian / ar mo /
naiṁde: agus cluinfiḋ mo ċluas a roġa rud
i dtaoḃ na ndroċḋaoine a / éir/íos im / aġaiḋ.
12 Beiḋ fás na pailme / faoi an / ḃfiréan:
agus leaṫnóiḋ sé mar / ċéadras ' ar / Ṡliaḃ /
Liḃáin.
13 Na crainn a cuirtear i / dteaċ an /
Tiarna: beiḋ raṫ orṫu i / dteaċ / ár / nDé.
14 Méadóiḋ a dtoraḋ ag dul in / aois /
dóiḃ: agus is iad a / ḃeas / téag'raċ / folláin.
15 Go dtaispeánfaiḋ siad ċom fíor agus
ḃíos an / Tiarna, ' mo / ċumaċt: agus naċ
mbíonn neaṁfír/éantaċt ' dá / laġaḋ / ann.

Lá 18.

## Urnaí na Nóna.

Salm 93. Dominus regnavit.

IS É an Tiarna is Rí, ċuir sé air / éadaí '
na / glóire: ċuir an Tiarna air a éadaí,
agus ċrioslaiġ / sé é / féin le / cumaċt.
2 Ḋaingniġ sé / suí na / cruinne: go naċ /
féid/ir a / corraí.



3 Ó ṫús an doṁain tá do / ċaṫaoir / ullṁaiṫe:
is ón sío/raíocṫ ' a/tá tú / ann.
4 D'éiriġ na tuilte, a Ṫiarna, d'ardaiġ
na / tuil'te a / nglór: ard/aíonn na / tuil-'
te a / dtonnta.
5 Dá tréine iad tonnta na farraige, agus
dá ua/fás'aí a / mire: is tréine ná iad an
Tiarna, a ḃíos ina / ċó/naí in / Airde.
6 Níl ní is cinnte, a / Ṫiarna, ' ná /
d'fianaisí: beiḋ an naofaċt go / deo ag /
teaċt do do / teaċ.

Salm 94. Deus ultionum.

A ṪIARNA Dia, ós fúṫ a / fáġtar ' an /
díoltas: a Ḋia, a ḃfáġtar an díoltas
fút, bí do do tais/peáint / féin / dúinn.
2 Éiriġ, a / ḃreiṫiṁ ' an / doṁain: agus
taḃair a ḋíol / cúiti'te do / ḋrong an /
díomais.
3 A Ṫiarna, ca fad a ḃeiḋ luċt an / droċ-/
ċroí: ca fad a ḃeiḋ luċt an droċ-ċroí ag /
maí/oṁ a / mbua;
4 Ca fad a ḃeiḋ an ċaint ḋíṁeasúil seo ag
luċt uile na / mí/ġníoṁarta: agus a ḋéanfaiḋ /
siad / mórtas / uaiḃreaċ?
5 Tugann siad do pobal a/nuas, a / Ṫiarna:
agus / buaireann / siad / d'oiḋreaċt.
6 Dúnṁaraíonn siad an ḃaintreaċ / agus '
an / coiṁtíoċ: agus cuireann siad an /
dílleaċt/a ċun / báis.
7 Agus ina ḋiaiḋ sin deir siad, Seo, seo,
ní feicfiḋ an / Tiarna / é: ná ní taḃarfaiḋ
Dia lá/ċóiḃ / é dá / aire.

8 Tugaiġí aire, a ḃfuil gann i gciall i / measc na / ndaoine: a amadáin, cá / huair a / dtuigfiḋ / siḃ?
9 An té a ċuir cluasa ort, naċ / gcluinfiḋ / sé: nó an té a ċum an / tsúil, naċ / ḃfeicfiḋ / sé?
10 Nó an té a smaċtaíos na / pá/gánaiġ: ós é a ṁúineas eolas don duine, / naċ mbeiḋ / sé ag / aifirt?
11 Is fiosaċ don Tiarna / smaoin'te an / duine: naċ mbíonn / ion'tu aċ / dío/ṁaointeas.

12 Is aoiḃinn don duine a gcuireann tú smaċt / air, a / Tiarna: agus a ḟaiġeann teagasc / uait i / dtaoḃ do / dlí;
13 Go dtuga tú foiġne dó in / am an / ḃuarṫa: go dtí go dtoċailtear an poll le / aġaiḋ an / droċ/duine.
14 Óir ní ċlisfiḋ an Tiarna / ar a / ṗobal: ná ní / ṫréigfiḋ ' sé a / oiḋreaċt / féin.
15 Óir ġeoḃaiḋ an ḟíréantaċt a ceart a-/ris go / fóill: agus beiḋ luċt uile an ċroí ḟír / ar a / luċt lean/úna.

16 Cé a éireos amaċ liom in aġaiḋ / luċt an / oilc: cé a ḃeas ar mo ṫaoḃ in éadan / luċt na / mí/ġníomarṫa?
17 Murab é gur ċuiḋiġ an / Tiarna / liom: níl amras ná go gcuirfí / m'anam / ina / ṫost.
18 Aċ nuair a dúirt mé, Tá mo ċos ag / imeaċt ' as / fúm: ḃí do ṫrócaire, a Ṫiarna, ag / cur / taca / liom.
19 Dá méid é an brón a / ḃí ' ar mo / ċroí: ḃí do só/láis ag / neartú ' lem / anam.



20 An nglacfaiḋ tú páirt le caṫaoir na / claon/ḃreiṫe: a mbíonn an urċóid á cumaḋ / aige ' de / réir an / dlí?
21 Bíonn siad ag slógaḋ in aġaiḋ anama an/ fír/éin: agus ag daoraḋ na / fola / neaṁ-/ċiontaí.
22 Aċ is é an / Tiarna ' mo / díḋean: is é mo / Dia / neart mo / ḋóċais.
23 Cúiteoiḋ sé a n-urċóid leo, agus scrios-faiḋ sé lena n-olc / féin / iad; is deiṁin go scriosfaiḋ ár / dTiarna / Dia / iad.

Lá 19.

## URNAÍ NA MAIDINE.

Salm 95. Venite, exultemus.

Téanam go gcanai/mid don / Tiarna: go líona cumaċt ár / slánai'ṫe ár / gcroí / d'áṫas.
2 Tagaimis ina / láṫair ' le / haltú: taispeánaḋ ár / sailm ár / lúcáir / roiṁe.
3 Óir is Dia / mór an / Tiarna: agus is Rí mór os / cionn na / ndéiṫe ' go / léir é.
4 Is ina láiṁ atá cuasa / ui'le an / talaiṁ: agus is leis mar an / gcéanna / cumaċt ' na / gcnoc.
5 Is leis an ṁuir, agus is / é a / rinne í: is iad a / lá'ṁa a / ḋealḃ'aiġ an / talaṁ.

6 Téanam go n-adraimid / agus ' go / n-umlaimid: agus go ḃfeacaimid glún roiṁ an / Tiar'na a / ċruṫaiġ / sinn.
7 Óir is é an Tiarna é, ár / nDia / féin:

agus is é atá ionainn, pobal a ṗáirce, / agus /
caoiriġ ' a / láiṁe.
8 Más inniu a éistfeas siḃ lena ġlór,
ná / cruaigí ' ḃur / gcroí: mar ṫarla in am
fadaiṫe na feirge, agus an lá a cuireaḋ an /
caṫú / air san / ḟásaċ.
9 Nuair a ċuir ḃur sinsear / caṫú / orm:
nuair a ḋearḃaíodar / mé ' a's a / ċonaicea-'
dar / m'ḟearta.
10 Is ar feaḋ daiċead bliain ḃí mé do mo
ċrá ag an / nglúin / seo: go dtí go ndúirt
mé: Is ag an bpobal seo atá an croí claon,
ó naċ / eol / dóiḃ mo / ṡlite.
11 Gur ṁionnaiġ mé / dóiḃ im / ḟearg:
naċ / ligfí ' iad is/teaċ i mo / ṡuaiṁneas-sa.

Salm 96. Cantate Domino.

Canaigí don Tiarna aṁ/rán úr/nua:
canaigí don / Tiar'na, a / ḋoṁain / uile.
2 Canaigí don Tiarna, agus / molaigí '
a / Ainm: bígí ag insint a / ṡlánai'ṫe ó / lá
go / lá.
3 Noċtaigí a onóir do na / pá/gánaiġ: agus
a iontais / do na / daoine ' go / léir.

4 Óir tá an Tiarna ċoṁ mór sin naċ féidir
a ṁolaḋ / mar is / cóir: is mó ineaglaiṫe
é ná a / ḃfuil de / ḋéiṫe / ann.
5 Níl i ndéiṫe uile na bpáganaċ aċ / láṁ-/
ḋéiṫe: aċ is é an / Tiar'na a / rinne ' na /
neaṁa.
6 Bíonn an ġlóir agus an gradam / os a /
ċoinne: bíonn an ċuṁaċt agus an o/nóir / ina /
ṡanctóir.



7 Luaigí leis an Tiarna, a / aicmí ' na /
ndaoine: luaigí leis an Tiarna / gradam /
agus / cuṁaċt.
8 Tugaigí don Tiarna an onóir is / dual dá /
Ainm: tugaigí taḃartais liḃ agus tagaigí is-/
teaċ / ina / ċúirteanna.
9 Aḋraigí an Tiarna go / hálainn / naofa:
bíoḋ a uaṁan / ar an / doṁan / uile.

10 Insígí i measc na bpágánaċ gurb é an /
Tiar'na is / Rí ann: agus gurb é a ḋaingniġ
an ċruinne go naċ féidir a corraí; agus conas
a ṫaḃarfaiḋ sé breiṫiúnas fír/éanta / ar na /
daoine.
11 Bíoḋ lúċáir ar na neaṁa, agus / áṫas '
ar an / talaṁ: tógaḋ an ṁuir agus a / ḃfuil /
inti / gáir.
12 Bíoḋ lúċáir ar an maċaire / agus ' a /
bfuil air: beiḋ áṫas ar ċrainn uile na / coille /
roiṁ an / Tiarna.
13 Óir tá sé ag teaċt, ag teaċt le breiṫiúnas
a ṫaḃairt / ar an / talaṁ: le breiṫiúnas
fíréanta a ṫaḃairt ar an doṁan, agus breit-
iúnas fírinneaċ a / ṫaḃairt / ar na / daoine.

Salm 97. Dominus regnavit.

IS É an Tiarna is Rí, cuireaḋ sin lúċáir /
ar an / talaṁ: cuireaḋ sé go deiṁin
lúċáir ar na / hoil/eáin dá / méid.
2 Bíonn néalta agus dorċadas / ina /
timpeall: is ar an ḃfíréantaċt agus ar an /
gceart a / ṡuitear ' a / ċaṫaoir.

3 Beiḋ tine ag / imeaċt / roiṁe: agus ag
loscaḋ a / naiṁde ar / gaċ / taoḃ.
4 Dealraiġ a ṡoilse ar / fuaiḋ an / tsaoil:
ċonaic an doṁan é, / agus ' ḃí / eagla / air.
5 Ḃí na cnoic ag leá mar ċéir i / láiṫ-
reaċt / Dé : i láiṫreaċt / Tiar'na an / doṁain /
uile.
6 Tá a ḟíréantaċt foilsiṫe / ag na / neaṁa:
agus tá a ġlóir feicṫe ag na / daoi/ne go / léir.

7 Spréaḋ ar luċt aḋarta na n-íoṁánna
greanta uile, an dream a ċuireas dúil i ndéiṫe
/ dío/ṁaoine: aḋraiġí / é, a / ḋéiṫe / uile.
8 Ċuala Sión faoi, agus ḃí áṫas uirṫi,
agus ḃí lúċáir ar / iníon'aċa / Iúda: de ḃrí
do ḃreiṫ/iú/nas, a / Ṫiarna.
9 Óir is tú, a Ṫiarna, is airde ná a / ḃfuil '
ar an / talaṁ: is airde i ḃfaḋ tú / ná na /
déiṫe ' go / léir.

10 A luċt gráiṫe Dé, ná teipeaḋ fuaṫ a
ḃeiṫ / agaiḃ ' don / olc: cuṁdaíonn an Tiarna
anamaċa a naoṁ; fuascloíḋ sé as láiṁ /
luċt an / oilc / iaḋ.
11 Noċt solas le / haġaiḋ na / ḃfíréan:
agus lúċáir lán-áṫasaċ do / ḋrong an / ċroí /
fír.
12 Go mba é an Tiarna ḃur n-áḃar áṫais,
a / fír/éana: agus tugaiġí buíoċas lena /
naofaċt ' a / ċur i / gcuiṁne.



Lá 19.

## URNAÍ NA NÓNA.

Salm 98. Cantate Domino.

CANAIĠÍ don Tiarna aṁ/rán úr/nua : ós /
é a / rinne ' na / fearta,
2 Ruġ sé an / bua dó / féin: lena láiṁ deas
agus / lena / ġéag / naofa.
3 D'ḟógair an / Tiar'na a / ṡlánú: d'ḟoilsiġ
sé a ḟír/éantaċt ' faoi / ṡúile ' na ḃpá/gánaċ.
4 Ḃa ċuiṁin leis a ṫrócaire agus a ḟírinne
do / ṫeaġlaċ / Iosrael: níl cúinne den doṁan
naċ ḃfuil slánú ár / nDé / feicṫe / aige.
5 Taispeánaiġí ḃur n-áṫas don Tiarna, a /
ṫíorṫa / uile: canaiġí agus ḃíġí áṫasaċ /
agus / tugaiġí / buíoċas.
6 Molaiġí an Tiarna / leis an / gcláirseaċ:
canaiġí leis an / gcláirseaċ / salm / buíoċais.
7 Le stoic agus le / gall/trompaí: tais-
peánaiġí ḃur n-áṫas / roiṁ an / Tiar'na, an /
Rí.

8 Déanaḋ an ṁuir agus a ḃfuil / inti /
torman: an ċruinne agus a / n-áiṫ/ionn /
inti.
9 Buaileaḋ na haiḃneaċa a mbosa, agus
bíoḋ áṫas ar na cnoic le céile / roiṁ an /
Tiarna: ó táiniġ sé le breiṫiúnas a / taḃairt /
ar an / doṁan.
10 Taḃarfaiḋ sé breiṫ ḟíréanta / ar an /
doṁan: agus breiṫ / ċoṫrom / ar na / daoine.

Salm 99. Dominus regnavit.

IS É an Tiarna is Rí ann, dá méid í mí- /
ḟoiġne na / ndaoine: suíonn sé idir na
cearúibím, is cuma ċoṁ / corraċ ' 'sa / ḃíos an /
doṁan.
2 Is mór an/ Tiar'na i / Sión: is ard é os /
cionn na / ndaoine / uile.
3 Taḃarfaiḋ siad buíoċas le d' Ainm, atá /
mór, / iontaċ: óir is / nao/fa / é.

4 Ḃíonn cion ar an gceart ag Rí na gcuṁaċt;
/ ċum tú / coṫroime: ċuir tú an breiṫiúnas
agus an ḟír/éantaċt ' i / ḃfeiḋm in / Iácób.
5 Móraiġí an Tiarna ár nDia, agus íslíġí
siḃ féin faoi / stól a / ċos: óir is / nao/fa / é.

6 Ḃí Maois agus Árón i measc a ṡagart,
agus ḃí Samúel ar an dream a / ġlaoḋ ' ar a /
Ainm: ġlaodar san ar an Tiarna, agus /
ċuala / sé / iad.
7 Laḃair sé leo amaċ as an / gcolúin /
néalṫaċ: óir ċoinníodar a ḟianaisí, agus an /
dlí a / ṫug sé / dóiḃ.
8 Ċuala tú iad, a / Ṫiar'na ár / nDia:
is maiṫeaċ a ḃí tú leo, a Ḋia, aċ gur ċuir
tú pionós orṫu ar / son a / ndoḃeart / féin.
9 Móraiġí an Tiarna ár nDia, agus aḋraiġí
é ar an / gcnoc / naofa: óir is naofa / é an/
Tiar'na ár / nDia.

Salm 100. Jubilate Deo.

ḂÍOḊ áṫas oraiḃ roiṁ an Tiarna, a / ṫíorṫa /
uile: déanaiġí seirḃís don Tiarna le
lúċáir, agus / tagaiġí ' ina / láṫair ' le / haṁrán.



2 Ḃíġí deiṁin de gurb é an Tiarna is /
Dia / ann: is leis-sean agus ní linn féin a
cumaḋ sinn; is sinne a / ṗobal, ' agus / caoiriġ '
a / ṗáirce.
3 Siúlaiġí isteaċ ar a ġeataí le haltú, agus
isteaċ ina / ċúirtean'na le / molaḋ: bíġí
buíoċ / de, ' agus / beannaí'ġí a / Ainm.
4 Óir is maiṫ é an Tiarna, is / síoraí
a / ṫrócaire: agus maireann a / ḟírin'ne ó /
ġlúin go / glúin.

Salm 101. Misericordiam et judicium.

AN trócaire agus an breiṫiúnas is / ábar '
do / m'aṁrán: is duitse, a Ḋia, a /
ċanfaiḋ / mé / é.
2 Taḃair dom / ḃeiṫ / tuisceanaċ: faoi /
ṡlí / na / cráifeaċta.
3 Ca huair a / ṫiocfaiḋ ' tú / ċugam: siúl-
faiḋ mé i mo / ṫeaċ le / croí gan / ċlaon.
4 Ní ġlacfaiḋ mé droċḃeart idir láṁa; bíonn
fuaṫ agam do ṗeacaí na / mí/ḋílseaċta: ní
ḃfaiġiḋ a lei/ṫéid / greim / orm.
5 Imeoiḋ croí / claon / uaim: ní ċuirfiḋ
mé / aiṫ'ne ar / ḟear an / oilc.
6 An té ḃíos ag iṫiomrá ar a ċoṁarsa /
os / íseal: scriosfaiḋ / mé an / fear / sin.
7 Fear na súl díomasaċ agus na / hard- /
intinne: ní ḟulaing/eoiḋ / mé / é.
8 Ḃíonn mo ṡúile ar luċt / dílseaċt'a na /
tíre: go mbí siad ar / aon/tíos / liom.
9 An té a ċaiṫeas a / ḃeaṫa ' go / cráifeaċ:
is é a ḃeas mar / ṡeirḃ/íseaċ / agam.

10 Ní ċónóiḋ meall/tóir i mo / teaċ: ná
ní / ḟanḟaiḋ ' an / bréagaire ' ar / m'amarc.
11 Is gairid go scriosfaiḋ mé daoine mí-/
ċráifea'ċa na / tíre: go gcuire mé ar ceal
luċt cleaċtaiṫe na ndroċġníomarta ó / ċaṫair '
an / Tiar/na.

Lá 20.

## Urnaí na Maidine.

Salm 102. Domine, exaudi.

Éist lem / urnaí, ' a / Ṫiarna: tag/aḋ mo /
ġlaoċ / ċugat.
2 Ná ceil do ġnúis orm in / am mo / ḃuarṫa:
claon do ċluas ċugam nuair a ġlaoim; taḃair /
éisteaċt / dom gan / ṁoill.
3 Óir bíonn mo laeṫanta ag / imeaċt ' mar /
toit: agus dóḋ mo / ċnáṁa / ina / n-aibleog.
4 Tá mo ċroí caite síos agus / críon mar /
féar: gur ḋearmad / liom m'ar/án a / iṫe.
5 Le / glór / m'osna: is ar éigean a ġream/óiḋ
mo / ċnáṁa do / m'ḟeoil.
6 Táim mar ṗeileacán a / ḃíos san / fásaċ:
agus mar / ulċa/ḃán ar / uaigneas.
7 D'ḟan mé i mo ḋúiseaċt, go / ḃfuilim '
mar / ġealḃan: ina ṡuí ina / aonar ' ar /
ṁullaċ ' an / tí.
8 Bíonn mo naiṁde do mo ċáineaḋ ar / feaḋ
an / lae: agus an dream atá ar mire liom
ṫug siad / mionn le / ċéile im / éadan.
9 Óir d'iṫ mé luaiṫe / mar ar/án: agus /
ṡnaiṫ mé / deora ' le mo / ḋeoċ.
10 Agus tá sin amlaiḋ de ḃarr do ḋíḃeirge /



agus / d'ḟioċa: ó nár ṫóg tú ċugat mé aċ
go / gcaiṫfeá / uait / mé.
11 Tá mo laeṫanta / imi'ṫe mar / scáil:
agus / bímse / críon mar / ḟéar.
12 Aċ mairfiḋ tusa, a / Ṫiarna, ' go /
deo: agus mairfiḋ do ċuiṁne ar / feaḋ a /
dtiocfaiḋ ' de / ġlúna.
13 Éireoiḋ tú, agus beiḋ trócaire / agat '
do / Ṡíón: óir tá sé in am agat trócaire a
ḃeiṫ agat uirṫi, is deiṁin go / dtáinig ' an /
t-am / ċuige.
14 Agus an fáṫ? De ḃrí gur cuiṁneaċ
le do ṡeirḃ/ísiġ ' a / cloċa: agus gur / trua '
leo a / feiceáil ' ar / lár.
15 Beiḋ eagla d'Ainm ar na págánaiġ, a /
Ṫiar/na: agus eagla ar ríṫe uile an / talaiṁ /
roiṁ do / ṁórgaċtsa;
16 Nuair a atógfaiḋ an / Tiarna / Síón:
agus a ṫais/peán/far a / ġlóir;
17 Nuair a ċlaonfaiḋ sé ċuig urnaí na /
mboċt / dealḃ: agus naċ / boċt / leis a /
n-iarratas.
18 Cuirfear seo i scríḃinn le haġaiḋ a
dtiocfaiḋ / inár / ndiaiḋ: agus beiḋ a dtioc-
faiḋ ar an saol ag / mo'laḋ an / Tiar/na.
19 Óir d'ḟéaċ sé anuas / as a / ṡanctóir:
d'amarc an Tiarna ó / neaṁ / ar an / talaṁ.
20 Go n-éistfeaḋ sé le gearán / luċt na /
broide: agus go ḃfuasclóḋ sé an dream
dá / ḃfuil an / bás i / ndán;
21 Go ḃfoilsí siad Ainm an / Tiar'na i /
Síón: agus a / ċlú / in Iar/úsalem;
22 Nuair a ċruin/neofar na / ciníoċa: agus

na ríoċta, ionas go ndéana siad / seirḃ/ís
don / Tiarna.
23 Ċloiġ sé mo / neart ar / m'aistear:
agus / ġiorraiġ / sé mo / laeṫanta.
24 Aċ dúirt mé, A Ḋia liom, ná fuadaiġ
mé i / lár mo / ṡaoil: agus a rá go maireann
do ḃlianta ar / feaḋ na / n-uile / ġlún.
25 Is tú, a Ṫiarna, a ċuir bun an / doṁain
ar / dtús: agus is saoṫar do / láṁ / iad na /
neaṁa.
26 Raċaiḋ siadsan ar neaṁní, aċ / mairfiḋ /
tusa: éireoiḋ siad sean agus / caite ' mar /
ḃall / éadaiġ.
27 Agus cuirfiḋ tú uait iad mar ċuirfeá
fallaing uait, agus tiocfaiḋ / aṫrú / orṫu:
aċ bíonn tusa mar an gcéanna agus ní / ṫeipfiḋ /
ar do / ḃlianta.
28 Fanfaiḋ clann do / ṡeirḃ/iseaċ: agus
daingneofar / seasaṁ a / síl iḋ / aṁarc.

Salm 103. Benedic, anima mea.

Mol an / Tiar'na, a / ṁ'anam: agus molaḋ
a ḃfuil / ionam ' a / Ainm / naofa.
2 Mol an / Tiar'na, a / ṁ'anam: agus ná
déan / dearmad ' dá / ṫíolaic'í / uile;
3 An té a ṁaiṫeas do / ṗeaca / uile: agus
a leiġeasas do / ḃreoi/teaċta / uile;
4 An té a ṡlánaíos do / ḃeaṫa ' ó / scrios:
agus a ċuireas barr trócaire agus / carṫan-/
aċta / ort;
5 An té a ṡásaíos do ḃéal le / holl-/
ṁaiṫeas: do do ḋéanaṁ / bríoṁar / óg ' mar
an / iolar.



6 Cuireann an Tiarna an fíréantaċt agus
an breiṫ/iúnas ' i / ḃfeiḋm: don uile ḋuine
dá mbíonn á / ḃrú / ag an / éigeart.
7 Ṫaispeáin sé a / ṡliṫe ' do / Ṁaois: a /
oibrea'ċa do / ċlann / Iosrael.
8 Is lán an Tiarna de ṫrua / agus ' de /
ṫrócaire: is fadfulangaċ é, / agus ' is /
mór a / ṁaiṫeas.
9 Ní ḃeiḋ sé ag / ceasaċt ' i / gcónaí:
ná ní ċo/ṫaíonn ' sé a / fearg de / ṡíor.
10 Ní ḋearna sé linn mar / ċuill ár /
bpeacaí: ná ní ṫug sé luaíoċt ár / mí/ġníoṁar-'
ta / dúinn.
11 Óir féaċ a airde agus atá an neaṁ os /
cionn an / talaiṁ: ní mó é ná a ṫrócaire don
dream / darb / eagal / é.
12 Féaċ fós a fad agus atá an aird ṫoir
ón / aird / ṫiar: a ċoṁfad sin a ċuir sé idir /
sinn / agus ' ár / bpeacaí.
13 Go deiṁin, mar ḃíonn trua ag an aṫair
dá / ċlann / féin: is aṁlaiḋ bíonn trócaire
ag an Tiarna don dream / darb / eagal / é.
14 Óir is feasaċ dó an t-áḃar as a /
ndearnaḋ / sinn: is cuiṁneaċ leis / naċ
ḃfuil / ionainn ' aċ / deannaċ.
15 Ní ḃíonn laeṫanta an duine aċ / mar an /
bféar: bíonn a / ḃláṫ mar / ḃláṫ an / ṁacaire.
16 Óir ċoṁ luaṫ agus a ṡéideas an gaoṫ
air, / imíonn / sé: agus ní aiṫ/neoiḋ ' a /
áit é / feasta.
17 Aċ maireann maiṫeas trócaireaċ an
Tiarna go saol na saol don dream darb /
eagal / é: agus a fíréantaċt le / hagaiḋ /
clann na / clainne

18 Le haġaiḋ luċt coiṁeád'ta/ a / ċonarṫa:
luċt cuiṁniṁ agus / cleaċtai/te a / aiṫeanta.

19 Tá a ċaṫaoir faoi réir ag an / Tiar'na
ar / neaṁ: agus níl ní naċ / ḃfuil faoi / réir
a / ríoċta.
20 Molaiġí an Tiarna, a aingeala an Tiarna
is / tréine / cuṁaċt: a ċoṁlíonas a aiṫeanta,
agus a ṫugann / cluas do / ġlór a / ḃriaṫar.
21 Molaiġí an Tiarna, a / ṡluai'te an /
Tiarna: a ṡeirḃísiġ an / Tiar'na a / ḋéanas '
a / ṫoil.
22 Molaiġí an Tiarna, a oibreaċa uile an
Tiarna, i ngaċ áit dá ḃfuil / faoina / réim:
Mol an / Tiar/na, a / ṁ'anam.

Lá 20.

